

— AN tSRAITH SHÓISEARACH —

OIDEACHAS SAORÁNACH SÓISIALTA POLAITIÚIL (CSPE)

 **Irish Aid**
An Bóthar Ceartais agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

**WorldWise
Global
Schools**



**AG GABHÁIL
DON OIDEACHAS
SAORÁNACHTA
DOMHANDA**

Pobal
Mothúcháin i leith
na hAeráide
Dlíthíocht Aeráide
Dífhás
Easáitiú
Lá Taraimsithe an Domhain
An Coinbhinsiún Eorpach
um Chearta an Duine
Na Chéad Phobail
Sláinte Dhomhanda
Féiniúlacht agus Éagsúlacht
Comhar um Fhorbairt Thar Lear
Comhaontú Aeráide Pháras
Cearta agus Freagrachtaí
Caipiteal Sóisialta
Forbairt Inbhuanaithe
Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine
Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
Folláine
Gníomhaithe óga

MEONTA A ATHRÚ SCILEANNA A FHORBAIRT CUR LEIS AN EOLAS

Follow us:

 WorldWiseGlobalSchools

 @WorldWise_Irl

 @global_citizenship_education

 www.worldwiseschools.ie

MAIDIR LEIS AN TREOIR

Is é is aidhm don acmhainn seo tacú leo siúd a mhúineann Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (OSSP) na Sraithe Sóisearaí chun béis a chur ar ghné an cheartais dhomhanda sa teagasc, agus iad ag comhlíonadh na riachtanas a leagtar síos sa tsonraíocht i gcomhair an ghearrchúrsa OSSP sa tSraith Shóisearach, agus sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015).

Tá sé seo ar cheann de shraith acmhainní de chuid WorldWise Global Schools a thacaíonn le múinteoirí i réimsí éagsúla ábhar agus iad ag tabhairt aghaidh ar théamaí agus coincheapa a bhaineann leis an Oideachas Saoránachta Domhanda. Leis an tsraith acmhainní 'Ag gabháil do OSD', cuirtear ar a gcumas do mhúinteoirí iarraidh ar na scoláirí breathnú ar an domhan seo againne, agus ar an ról atá againn féin chun é a dhéanamh níos córa, níos cothroime agus níos inbhuanaithe.

MAIDIR LE WORLDWISE GLOBAL SCHOOLS

Is é WorldWise Global Schools an clár Oideachais Saoránachta Domhanda (OSD) a mhúintear in iar-bhunscoileanna na hÉireann. Tá sé ina aidhm ag WorldWise Global Schools (WWGS) tacú leis na scoileanna chun OSD a chomhtháthú i ngach gné den teagasc agus den fhoghlaim. Déanaimid é sin trí raon cuimsitheach tacaíochtaí agus idirghabhálacha a chur ar fáil do na scoileanna – deontais, oiliúint, imeachtaí, acmhainní agus tacaíocht phearsantaithe ónár bhfoireann, mar shampla.

Tionscnamh de chuid Chúnamh Éireann (clár Rialtas na hÉireann don chomhar forbartha thar lear) is ea WWGS. Tá clár WWGS á chur i bhfeidhm faoi láthair ag cuibhreannas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.



Thug an fhoireann ar fad gach uile chúnamh dúinn. Is scoil muid atá ag tosú ar an aistear seo, agus mhothaíomar gur tugadh tacaíocht dúinn feadh na slí le croí mór maith, le tuiscint agus le dea-ghíúmar. Fágann an ghné phraiticiúil a bhaineann leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus leis an siompóisiam go raibh sé le háireamh i measc na mbabhtáí oiliúna is fearr ar fhreastail mé orthu riamh.

- Simon Glynn, CUS, Dublin

CÉARD ATÁ I gCEIST LEIS AN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA (OSD)?

Is éard atá san Oideachas Saoránachta Domhanda...

Próiseas oideachasúil lena bhféachtar le cur le feasacht agus tuiscint an phobail ar an domhan seo ina gcónaímid, domhan atá ag athrú go tapa agus atá idirspiléach agus éagothrom.

Trí chur i gcoinne steiréitíopaí agus trí smaointeoireacht neamhspleách a spreagadh, cuidíonn OSD leis na scoláirí iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar na bunchúiseanna atá le fadhbanna ceartais dhomhanda agus ar an gcaoi a bhfuil baint ag na fadhbanna sin lena saol féin ó lá go lá.

Spreagann OSD dlúthpháirtíocht dhomhanda trí thacú le daoine a gcearta agus a bhfreagrachtaí a chur i bhfeidhm agus barr a gcumais mar shaoránaigh dhomhanda a bhaint amach, chun gníomh fiúntach a dhéanamh ar mhaithe le domhan cóir, inbhuanaithe.



Is éard atá san Oideachas Saoránachta Domhanda...

- ✓ An ceartas domhanda a bheith ar intinn agat agus tú ag éisteacht, ag foghlaim agus ag machnamh
- ✓ Modhanna foghlama rannpháirteacha a úsáid chun an fhoghlaim a shaihbriú agus scileanna Saoránachta Domhanda a chothú, scileanna amhail smaointeoireacht chriticiúil, anailís a dhéanamh ar mheonta, meabhair a bhaint as faisnéis agus athrú a chur faoi deara
- ✓ Cleachtas machnaimh dhomhain agus foghlama comhroinnte a chothú chun teacht ar thuiscint ar ghnéithe casta na héagóra agus an neamhionannais
- ✓ A bheith ag obair le comhghleacaithe agus le scoláirí chun réimsí le haghaidh comhoibriú a shainaithint ar fud ábhar, ranna, timpeallachtaí áitiúla agus líonraí domhanda
- ✓ Scrúdú a dhéanamh ar bhunchúiseanna atá le fadhbanna ceartais dhomhanda agus ar a gcúlra, in ionad díriú ar na héifeachtaí amháin
- ✓ Tacú le scoláirí maidir le labhairt amach chun seilbh a ghlacadh ar a gcuid foghlama agus gníomhú ar son athrú fiúntach

NA PRIONSABAIL LENA DTREORAÍTEAR OSD



Cur Chuige Criticiúil i leith OSD

Is éard atá i gceist le cur chuige criticiúil, anailíseach a ghlacadh i leith ceisteanna domhanda ná próiseas chun scrúdú a dhéanamh ar an ról atá againne maidir le fadhbanna an domhain. Ní mór dúinn gan a dhéanamh amach go bhfuil réiteach simplí ann ar aon fhadhb ar leith, ach ina ionad sin féachaint ar na fadhbanna domhanda sin mar chinn atá casta, ilghnéitheach, ilsraitheach agus a mbíonn meonta éagsúla ag daoine ina leith. Leis an tsamhail 'Digging Deeper' ©, tá creat againn chun an cur chuige criticiúil sin i leith OSD a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach.



An chastacht a bhaineann le Fadhbanna Ceartais Dhomhanda

Tá ceist na héagóra ar domhan thar a bheith casta agus dá bhrí sin ní féidir réitigh shimplí a fháil uirthi. Tá sé rithabhachtach, agus muid ag féachaint ar bhunchúiseanna na bhfadhbanna, go ndéanfar scrúdú ar an gcoilíniú, ar an gcaipitleachas, agus ar chórais a bhí i réim san am atá caite trínar imríodh cos ar bolg ar dhaoine. Ní mór dúinn éisteacht lena bhfuil le rá ag daoine ar ghoill na rudaí sin orthu féin.

Ina dhiaidh sin, cuidíonn cleachtais thábhachtacha cosúil le hidirphlé, machnamh, díospóireachtaí agus comhráite goilliúnacha linn na fadhbanna ceartais domhanda sin a iniúchadh agus a thuiscint.



An ról atá ag Saoránach Domhanda

Ní mór d'fhoghlaimeoirí meon na dlúthpháirtíochta a chothú agus bá a bheith acu le daoine ar fud an domhain. Ní mór a chur ar a gcumas d'fhoghlaimeoirí a bheith gníomhach maidir le feasacht a spreagadh agus athrú fiúntach a chur ar bun chun aghaidh a thabhairt ar an ról atá acu sa neamhionannas agus san éagóir atá ar domhan, ról nach ceann follasach é.



Bonn Daingean maidir le Cearta an Duine

Tá cearta an duine ina mbonn leis an iniúchadh ar théamaí OSD. Mar shampla, agus iniúchadh á dhéanamh ar fadhbanna ar nós ghéarcheim na bithéagsúlachta, tá sé tábhachtach breathnú ar an tionchar ar dhaoine seachas gan féachaint ach ar an tionchar ar speicis plandaí agus ainmhithe as féin. Dá bhrí sin, ní mór dúinn díriú i gcónaí ar na himpleachtaí ó thaobh chearta an duine.



Dífhoghlaim agus Atógáil

Trí leas a bhaint as cur chuige na litríochta criticiúla chun OSD a iniúchadh, is féidir leis na scoláirí sruthanna smaoinimh atá i réim ina dtimpeallacht féin agus atá foghlamtha acu 'a dhífhoghlaim' (an fhoghlaim a chur ar ceal). Ach saoránaigh domhanda a bheith eolasach, glacann siad an t-am chun iniúchadh a dhéanamh ar mheáin phríomhshrutha, dioscúrsa malartach, claontacht a d'fhéadfadh a bheith ann, steiréitíopaí, agus guthanna óna dtimpeallacht féin. Ach an deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar na meonta atá acu féin agus na meonta atá ag daoine eile, cuirtear ar a gcumas dóibh an fhirinne a lorg ag croílár na faidhbe, agus a meonta féin a fhorbairt as an nua.



Scafláil leis an Teagasc agus an Fhoghlaim

Ní mór an teagasc agus an foghlaim a bhunú ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí chun an tuiscint a dhoimhniú. Mar shampla, má chuirtear Lá Cóirthrádála ar bun sa scoil, féadfar an foghlaim a dhoimhniú ach iniúchadh a dhéanamh ar an ábhar roimh ré agus scrúdú níos criticiúla a dhéanamh ina dhiaidh ar chreataí eiticiúla tomhaltóirí agus ar shlabhraí soláthair domhanda. Leis an gcur chuige comhsheasmhach sin, déantar an foghlaim a dhaingniú agus cuidítear leis na scoláirí teacht ar thuiscint dhomhain ar fhadhbanna ceartais dhomhanda.



Naisc idir an Ghné Áitiúil agus an Ghné Dhomhanda

Mínigh d'fhoghlaimoirí go bhfuil saol an lae inniu thar a bheith idirnasctha agus go mbímid go léir spleách ar a chéile. Caithfidh foghlaimoirí a bheith ar an eolas agus a thuiscint go mbíonn iarmhairtí ag a gcinntí agus a ngníomhartha do dhaoine ar fud an domhain. San iniúchadh ar théamaí OSD, ba cheart fadhbanna áitiúla a nascadh le fadhbanna domhanda, seachas féachaint ar fhadhbanna áitiúla astu féin. Ba cheart dianscrúdú a dhéanamh ar ról agus cuntasacht na gcóras, na struchtúr, na gcorparáidí agus na dinimice cumhachta, agus ar na gníomhartha agus na cinntí a dhéanaimid féin faoina scáth siúd.



Cur Chuige Dlúthpháirtíochta

Chun iniúchadh criticiúil a dhéanamh sa OSD, ní mór cur chuige dlúthpháirtíochta a ghlacadh, seachas cur chuige carthanachta, agus muid ag dul i ngleic le fadhbanna ceartais. Ní cur chuige diúltach é gach ceann atá bunaithe ar charthanacht. Mar sin féin, is féidir le cur chuige atá bunaithe ar charthanacht an chumhacht a bhaint de phobail atá in ann a gcuid fadhbanna féin a réiteach, agus déantar steiréitíopaí agus scéalta bréagacha a bhuanú leis freisin. Cé go mbíonn cúnamh croíúil i gceist le bailiú airgid, is féidir leis an meon 'muid féin agus iadsan' a chothú, muid a dheighilt ón bhfadhb atá ann agus í a fhágáil níos measa.

Má ghlactar cur chuige dlúthpháirtíochta i leith OSD, déantar scrúdú níos doimhne ar fadhbanna ceartais trí fhéachaint ar na bunchúiseanna (atá agus a bhí leo) chun naisc a dhéanamh idir gaol stádais, córais agus struchtúir. Le cur chuige na dlúthpháirtíochta, glactar meon atá dírithe ar athrú córais agus tugtar an chumhacht do phobail a réitigh féin a chur i bhfeidhm le tacaíocht ón bpobal domhanda. Agus na réitigh sin ina mbonn eolais againn, fágann an cur chuige criticiúil sin i leith OSD go mbíonn an deis ag foghlaimoirí a bheith ina saoránaigh eolasacha ar mian leo gníomh fiúntach a dhéanamh in éineacht lena bpobal domhanda.

Tosaíonn gníomh fiúntach leis an dlúthpháirtíocht!



CODE OF
CONDUCT ON
IMAGES &
MESSAGES

An Cód Iompair atá ag Dóchas maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí

Is féidir le hÍomhánna agus teachtaireachtaí scéal nach bhfuil fíor a insint. Is féidir tuiscintí éagsúla a bhaint astu agus uaireanta is féidir leo steiréitíopaí a threisiú agus a chur i luí orainn nach féidir le daoine cuidiú leo féin agus nach bhfuil cumhacht ar bith acu féin.

Ba cheart íomhánna agus teachtaireachtaí a roghnú go cúramach ionas nach dtreiseofar scéalta agus míthuiscintí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh ar an gcaoi sin. Spreagtar eagraíochtaí neamhríaltasacha agus oideoirí chun treoirínte an chóid atá ag Dóchas a leanúint, ionas nach mbeidh tuiscintí simplithe ag daoine ar fadhbanna ceartais dhomhanda, tuiscintí a dhéanadh níos mó dochair ná maith.

OIDEACHAS SAORÁNACH SÓISIALTA POLAITIÚIL (OSSP) AGUS OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA (OSD)

Tá am ar leith sa sceideal OSSP do OSD

Réasúnaíocht OSSP

Sa réasúnaíocht is bonn le OSSP na Sraithe Sóisearaí, leagann an Roinn Oideachais agus Scileanna amach ról an ghearrchúrsa maidir le cuidiú le daoine óga 'a bhfuil ar siúl sa domhan a cheistiú, a léirmheas agus a mheasúnú', agus tugann sé 'tuiscint do scoláirí ar a gcearta an duine agus a bhfreagrachtaí sóisialta', agus iad á spreagadh le 'machnamh ar conas todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú do chách'. Cothaítear 'feasacht ar cad is ciall le maireachtáil go freagrach i ndaonlathas'. Thar aon ní eile, cuireann an gearrchúrsa OSSP 'saoránacht ghníomhach mhachnamhach ag croílár an phróisis foghlama trí dheis a thabhairt do scoláirí gníomh a dhéanamh agus tionchar a imirt maidir le saincheisteanna áitiúla, náisiúnta agus domhanda' (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2021: 4). Tá an réasúnaíocht sin ag teacht go soiléir le treoirphrionsabail OSD.

OSSP agus OSD: Aidhm Chomhroinnte

Tá sé ina aidhm ag an Oideachas Saoránachta Domhanda agus OSSP na Sraithe Sóisearaí 'eolas, spreagadh, cumas agus ábaltacht a thabhairt do dhaoine óga páirt a ghlacadh mar shaoránaigh ghníomhacha sa tsochaí chomhaimseartha ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda, bunaithe ar thuiscint ar chearta an duine agus ar fhreagrachtaí sóisialta' (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2021: 5).

RÁITIS FOGHLAMA OSSP

Cuidíonn OSD leis na ceithre Ráiteas Foghlama a luaitear i sonraíocht gearrchúrsa OSSP na Sraithe Sóisearaí a bhaint amach:

Ráiteas Foghlama 7

Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina shaoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.

Ráiteas Foghlama 9

Tuigeann an scoláire bunús agus tionchar ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain timpeall air/uirthi.

Ráiteas Foghlama 10

Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe.

Ráiteas Foghlama 11

Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú.




OSSP agus Folláine

Is iad an tOideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (OSSP), mar aon leis an Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus an Corpoideachas (CO), na trí phríomhghné churaclaim a chlúdaítear i réimse foghlama Fholláine na Sraithe Sóisearaí. Cuireann OSSP leis sin ar bhealach ar leith mar 'cuireann sé ar a gcumas do scoláirí a bhfeasacht a mhéadú ar conas atá a bhfolláine nasctha le folláine daoine eile, go háitiúil agus go domhanda' agus forbraíonn sé 'tuiscint an scoláire ar fhreagracht ar fholláine daoine eile' (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2021: 4). Anuas air sin, is deis é do na scoláirí chun muinín agus teacht aniar a chothú agus aireachtáil go bhfuil a gcion féin á ndéanamh acu trí ról a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus a bheith páirteach i bpobal níos leithne atá ag obair chun cabhrú le saol níos cothroime, níos córa agus níos inbhuanaithe a bhaint amach.

Tá forluí agus comhtháthú le treoirphrionsabail OSD le feiceáil go soiléir anseo, go háirithe an dlúthnasc idir gnéithe áitiúla agus domhanda agus an t-idirpleáchas eatarthu; ról an tsaoirínigh dhomhanda; chomh maith le cur chuige lena ndírítear ar chearta an duine agus ar an dlúthpháirtíocht.

Trí OSSP agus OSD, is féidir tacú le daoine óga chun gach ceann de na sé tháscaire folláine a fhorbairt.



Fíor 1: Sé tháscaire folláine na Sraithe Sóisearaí

PRÍOMHSCILEANNA

Is mór an chosúlacht atá idir na 8 bPríomhscil atá leagtha amach sa cháipéis *Creat don tSraith Shóisearach* (2015) agus na scileanna a chothaítear le cur chuige OSD. Dá bhrí sin, rannchuidíonn OSD leis na scileanna lárnacha a bhfuil cur síos orthu sa tsonraíocht i gcomhair OSSP na Sraithe Sóisearaí.



Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí



Fíor 2: Ocht bpríomhscil don tSraith Shóisearach agus gnéithe príomhscile a ghabhann leo

TORTHAÍ FOGHLAMA OSSP

Tá téamaí OSD ina ngné lárnach de na torthaí foghlama ar fud na dtí shnáithe den tsonraíocht i gcomhair ghearrchúrsa Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (OSSP) na Sraithe Sóisearaí. An acmhainn faoi OSD a dhéanamh in OSSP na Sraithe Sóisearaí, is taca í do mhúinteoirí maidir le deiseanna a thapú chun eispéiris foghlama agus torthaí foghlama saibhre, ilghnéitheacha a chur ar fáil do scoláirí, rud a thacaíonn le tascanna measúnaithe leanúnacha agus suimitheacha, le deiseanna féinmheasúnaithe agus piarmheasúnaithe, agus le deiseanna do mhúinteoirí aiseolas a thabhairt d'fhoghlaiméoirí aonair.

Tá na torthaí foghlama sa tsonraíocht i gcomhair an ghearrchúrsa OSSP eagraithe ina dtí shnáithe idirnasctha:

Snáithe 1: Cearta agus freagrachtaí (bunúsacha)

Snáithe 2: Saoránacht dhomhanda

Snáithe 3: An daonlathas a fhiosrú

Baineann gnéithe snáithe ar leith le gach snáithe, mar seo a leanas:

Snáithe 1: Cearta agus freagrachtaí	Snáithe 2: Saoránacht dhomhanda	Snáithe 3: An daonlathas a fhiosrú
- Dínit an duine: an bunús le cearta an duine - Ionstraimí chearta an duine	- Inbhuanaitheacht - Forbairt áitiúil agus dhomhanda - Athrú domhanda a chur i gcrích	- Ciall an daonlathais - An dlí agus an saoránach - Ról na meán i sochaí dhaonlathach

Snáithe 2: Is léir go bhfuil an tSaoránacht Dhomhanda ailínithe le OSD: díreann go soiléir ar an domhan níos leithne agus tá tagairtí ann d'eolas faoi ábhair cosúil le 'bochtaineacht' agus 'éagothroime', 'forbairt inbhuanaithe', 'cúiseanna, iarmhairtí', 'réitigh fhéideartha' agus 'athrú', mar aon le gné den snáithe dar teideal 'athrú domhanda a chur i gcrích'. Mar sin féin, is féidir ábhar, modheolaíochtaí agus gníomhartha a bhaineann le OSD a leabú sna trí shnáithe, agus ba chóir é sin a dhéanamh.

Léirítear san acmhainn seo an chaoi ar féidir tabhairt faoi sin trí shampla a thabhairt de chúig thoradh foghlama ó na trí shnáithe i sonraíocht an ghearrchúrsa OSSP (féach na torthaí foghlama i bhFíor 3). San acmhainn tugaimid 'torthaí foghlama mar thús aistir' ar na cúig thoradh foghlama shamplacha sin.

Snáithe 1: Cearta agus freagrachtaí	Snáithe 2: Saoránacht dhomhanda	Snáithe 3: An daonlathas a fhiosrú
DÍNIT AN DUINE TORADH FOGHLAMA: 1.1	INBHUANAITHEACHT TORADH FOGHLAMA: 2.2	AN DLÍ AGUS AN SAORÁNACH TORADH FOGHLAMA: 3.11
IONSTRAIMÍ CHEARTA AN DUINE TORADH FOGHLAMA: 17	ATHRÚ DOMHANDA A CHUR I GCRÍCH TORADH FOGHLAMA: 2.11	

Fíor 3: Torthaí Foghlama mar thús aistir a dtacaítear leo san acmhainn seo

De réir shonraíocht an ghearrchúrsa OSSP 'tá idirnasc ann idir go leor de na torthaí foghlama' sna snáitheanna agus eatarthu, rud a éascaíonn 'cur chuige neamhlíneach' a cheadaíonn naisc 'a dhéanamh thar an bhfoghlaim' (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2021: 10). Agus é sin á chur san áireamh, i ngach cuid de na ceachtanna OSSP a leanas, luaitear na Torthaí Foghlama mar thús aistir a gcuirtear béim orthu i bhFíor 3, agus, anuas air sin, sainnithnítear torthaí foghlama 'nasctha' sna gníomhaíochtaí OSSP a mholtar.

Gné shuntasach is ea **machnamh an fhoghlaimeora** in OSSP agus OSD araon. Tá tábhacht na gné sin soiléir sa tsonraíocht OSSP, lena spreagtar scoláirí chun ‘dialann mhachnaimh [OSSP] a choinneáil’. Ina theannta sin, luaitear i dtorthaí foghlama 1.11, 2.12 agus 3.14 gur ‘chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a bhaineann siad aisti’. Mar sin, tabharfaidh tú faoi deara gur torthaí foghlama ‘nasctha’ iad na Torthaí Foghlama sin i ngach cuid den acmhainn seo.

Is gné lárnach sa phróiseas foghlama OSSP é gníomh a dhéanamh, agus bítear ag súil go dtabharfaidh daoine óga faoi ‘**ghníomh faoi cheannas scoláirí**’ a bhaineann le gach ceann de na trí shnáithe. Sa tsonraíocht OSSP, luaitear gníomhartha molta i ndiaidh gach snáithe, ach deirtear ‘is féidir le múinteoirí agus scoláirí cinneadh a dhéanamh freisin maidir le gníomh ábhartha eile’ (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2021: 5, 6, 10). Luaitear gníomhartha a bhféadfaí gníomhartha saoránachta a bhunú orthu tríd síos san acmhainn seo.

SNÁITHE A hAON: CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ

Is sraith uilíoch spriocanna, cuspóirí agus táscairí atá leagtha síos ag na Náisiúin Aontaithe iad na **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** (SFIInna), a dtugtar na Spriocanna Domhanda orthu freisin. Is é atá i gceist go mbainfidh ballstáit na Náisiúin Aontaithe, agus Éire san áireamh, leas astu mar chreat dá gcláir oibre agus dá mbeartais go dtí 2030.



I ngach rannán de na ceachtanna OSSP a leanas, tá ábhar a bhaineann go díreach le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiúin Aontaithe. Sa cheannteideal ‘Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda’ i ngach rannán, déantar tagairt do cheann amháin nó níos mó de **Spriocanna Domhanda na Náisiúin Aontaithe** maidir le Forbairt Inbhuanaithe. Sa ról atá agaibhse mar mhúinteoirí OSSP, bainfidh sibh an-tairbhe as na Spriocanna Domhanda ó thaobh féachaint chuige go ‘spreagann eispéireas [...] an teagaisc agus na foghlama an rannpháirtíocht, gineann sé caidreamh agus díograis, agus ceanglaíonn sé leis an saol lasmuigh den scoil’ (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015. Creat don tSraith Shóisearach, leathanach 13).

LEAGAN AMACH NA hACMHAINNE

Inár dtreoir OSSP, clúdaítear cúig ábhar a bhfuil nasc díreach acu le sonraíocht, snáitheanna agus gnéithe de shnáitheanna an chúrsa OSSP, agus atá bunaithe ar théamaí OSD. Sainithnítear na torthaí foghlama go soiléir, idir thorthaí foghlama mar thús aistir agus torthaí foghlama nasctha.

SNÁITHE	TORADH FOGHLAMA MAR THÚS AISTIR	LEATHANACH
Ceartha agus Freagrachtaí	1.1	12
Ceartha agus Freagrachtaí	1.7	22
Saoránacht Dhomhanda	2.2	31
Saoránacht Dhomhanda	2.11	42
An Daonlathas a Fhiosrú	3.11	53

Fíor 4: Torthaí foghlama mar thús aistir

Ar na leathanaigh seo a leanas, cuirtear i láthair toradh foghlama OSSP ‘mar thús aistir’ (féach Fíor 4), mar aon le heolas atá dírithe ar mhúinteoirí ach a d’fhéadfaí a roinnt le scoláirí freisin, ag brath ar an rang. I ndiaidh an eolais cúlra, tá liosta de Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe a bhaineann leis an rannán sin.

Tugtar moltaí maidir le gníomhaíochtaí sa seomra ranga agus Gníomhaíochtaí Saoránachta, agus tá na gníomhaíochtaí sin bunaithe ar an toradh foghlama mar thús aistir agus ar an eolas gaolmhar do mhúinteoirí. Sainithnítear torthaí foghlama nasctha ón ngearrchúrsa OSSP i ngach cás. Ag deireadh gach rannáin, luaitear naisc úsáideacha le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha teagaisc agus foghlama.





Toradh foghlama mar thús aistir = Toradh Foghlama 1.1

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire ‘a phlé cad a chiallaíonn sé bheith daonna agus maireachtáil i bpobal le cearta agus le freagrachtaí’



EOLAS DO MHÚINTEOIRÍ

- Cad a fhágann go bhfuil daonnacht ionainn?
- Cad is brí le bheith i do bhall de phobal?
- Cad a deirtear i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine faoi choincheap an phobail?

Is speiceas amháin príomhaigh muid a tháinig chun cinn sna sabhánaí tirime in Oirthear na hAfraice beagán os cionn 100,000 bliain ó shin agus a chuir tús le himirce atá fós ar bun inniu. Ní hé an homo sapiens an t-ainmhí is láidre, ach bhí inchinn mhór againn agus bhíomar in ann seasamh ar ár gcosa, agus mar sin bhíomar in ann creachadóirí a aithint i bhfad uainn agus ár lámha a úsáid ag an am céanna. Le himeacht ama, thosaíomar ag déanamh uirlisí bunúsacha. Mar gheall ar na huirlisí sin, bhí buntáiste againn agus muid ag fiach ainmhithe agus ag bailiú torthaí agus plandaí fiáine.

B’fhéidir go mbeimis tar éis leanúint ar aghaidh ag fiach agus ag bailiú bia, agus saol gearr a chaitheamh ar an gcaoi sin, murach gur tháinig athrú mór chun cinn – cumas teanga. Déanann ainmhithe eile cumarsáid lena chéile freisin, ach d’fhorbair daoine sárchumas gutha agus táimid in ann fuaimeanna a dhéanamh a léiríonn coincheapa chomh maith le rudaí. D’fhoghlaimíomar conas smaointe a chur in iúl. Is féidir linn labhairt faoi chontúirt, faoin dóchas agus faoin ngrá. Rinneadh scéalaithe dín a bhí in ann píosaí cainte a fhí le chéile fúinn féin agus faoin gcaoi ar chóir dúinn maireachtáil, scéalta a théann i bhfeidhm orainn go léir. Ón tráth sin ar aghaidh d’athraigh an saol ar luas lasrach.

Dó dhéag míle bliain ó shin, d’fhoghlaimíomar conas plandaí agus ainmhithe eile a cheansú ar mhaithe le bia, rud a d’fhág go rabhamar in ann cur fúinn in aon áit amháin, gan a bheith seasta ag bogadh ó áit go háit. Tá gné shóisialta ag baint le daoine, agus d’fhorbraíomar pobail chasta agus bhíomar ag trádáil laistigh de ghrúpaí éagsúla agus idir grúpaí éagsúla. Faoi 2,500 bliain ó shin, thosaigh grúpa beag daoine i nDeisceart na hEorpa agus sa Mheánoirthear ag cur ceisteanna móra. Cad is brí leis an daonnacht? Cén chaoi is fearr le maireachtáil? Cad is saol maith ann? Is iad ár bhfreagraí ar na ceisteanna sin bunús na gcinntí faoin gcaoi ar fhorbair sibhialtachtaí, ealaín, agus fealsúnacht.

Thosaigh réabhlóid eolaíoch thart ar 500 bliain ó shin. Go ginearálta, chuidigh sé sin le daoine acmhainní an phláinéid a úsáid chun saol níos faide agus níos táirgiúla a bheith acu. Nuair a thosaigh an réabhlóid dhigiteach 50 bliain ó shin, tháinig méadú arís eile ar luas an domhandaithe, i dtéarmaí smaointe, trádála, gluaiseacht daoine agus araile. Táimid ag maireachtáil sa Ré Antrapaiceíneach faoi láthair. Is téarma é sin a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an tréimhse is déanaí a stair ár bpláinéid, nuair a thosaigh gníomhaíocht an duine ag dul i bhfeidhm go mór ar aeráid agus ar éiceachórais an domhain. Tá athrú ollmhór ag teacht ar an domhan mar gheall orainne.

In 2020, mheas rannóg staidrimh na Náisiún Aontaithe go raibh daonra iomlán an domhain beagán faoi bhun 7.8 billiún (Roinn Gnóthaí Eacnamaíochta agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe, 2020. Demographic Yearbook, 71ú heagrán). Meastar go mbeidh daonra an domhain idir 8.5 agus 8.6 billiún faoi 2030, idir 9.4 agus 10.1 billiún faoi 2050, agus faoi 2100 go mbeidh sé idir 9.4 agus 12.7 billiún (Roinn Gnóthaí Eacnamaíochta agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe, Population Facts, Nollaig 2019,



Uimh. 6). Braitheann na réamh-mheastacháin sin ar roinnt rudaí, agus ina measc tá ár gcumas freagairt mar phobal domhanda do dhúshlán phráinneacha cosúil leis an gcliseadh aeráide agus bithéagsúlachta, coimhlintí agus cogáí, agus muid fós ag freastal ar ár riachtanais bhunúsacha dhaonna.

Is éard atá i gceist leis an muintearas ná go mbraitheann tú go bhfuil baint agat le daoine eile agus go bhfuil naisc láidre agat leo. Is é an sainmhíniú a thug Pierre Bourdieu (1932-2002), smointeoir cáiliúil Francach, ar chaipiteal sóisialta ná an luach a thagann as bheith i do dhuine de phobal nó de phobail. Fágann sé sin go mbíonn daoine in ann rudaí a bhaint amach nach bhféadfaidís a dhéanamh astu féin. Is féidir le daoine aonair i bpobail leas a bhaint as an gcaipiteal sóisialta mar go roinntear eolas agus acmhainní (mar shampla, daoine óga ag tabhairt leabhair ar iasacht dá chéile nuair a bhí na leabharlanna agus na siopaí leabhar dúnta le linn thréimhsí dianghlása COVID-19), mar go dtugtar cúnamh (tugann máthair carad síob duit nuair a fheiceann sí thú ag siúl sa bháisteach, mar shampla), agus mar go gcothaítear muinín (eochair do thí a thabhairt do chomharsa agus tú as baile, mar shampla).

Tá an cháil ar mhuintir na hÉireann gur daoine muid ar mór againn pobal agus muintearas, inár gceantar féin agus sa tír ina hiomláine. Ach, cé gur cinnte go bhfuil cúis bhróid againn, is féidir feabhas a chur ar chúrsaí i gcónaí. In Éirinn, agus in áiteanna eile ar domhan, tá neart samplaí ann de chaipiteal sóisialta láidir laistigh de ghrúpa nó de phobal, rud a fhágann nach dtugtar aird ar dhaoine nó ar ghrúpaí áirithe, go bhfágтар ar lár iad, nó go gcaitear leo ar bhealach éagórach nó fiú mídhleathach de bharr go mbreathnaítear orthu mar dhaoine nó grúpaí ‘eile’ nó mar dhaoine nach dár bpobal féin iad.



Fíor 5: INAR, 2021. An Ciníochas in Éirinn: iReport – Grúpaí a nDírítear Orthu

Tá a fhios againn ó stair an chine dhaonna go bhféadfadh iarmhairtí uafásacha a bheith ann má chaitear le daoine amhail is gur coimhthígh iad. Maraíodh níos mó ná sé mhilliún duine d’aon ghnó le linn an Dara Cogadh Domhanda (1939-1945) agus gan ina chúis leis ach gur Ghiúdaigh iad. I ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda, chinn an pobal idirnáisiúnta, agus iad ag obair trí na Náisiúin Aontaithe, go raibh orthu féachaint chuige nach dtarlódh ainghníomhartha den sórt sin go deo arís. In 1948, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe, faoi chathaoirleacht Eleanor Roosevelt (baintreach Franklin D. Roosevelt, iarUachtarán Mheiriceá), Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine. Ba é cuspóir an Dearbhaithe cearta nó saoirsí an duine a chinntiú do gach duine i ngach áit. Ó 1948 i leith, tá an Dearbhú ar cheann de na doiciméid nó na hionstraimí is tábhachtaí chun cearta an duine a chosaint.



Airteagal 1 den Dearbhú: Tagann gach duine ar an saol agus é saor, agus is iad an dínit agus na cearta céanna a bhíonn ag gach duine. Bíonn ciall agus coinsias aige agus ba cheart do dhaoine caitheamh lena chéile le meon an mhuintearais.

Airteagal 2 den Dearbhú: Tá gach duine i dteideal na gcearta agus na saoirsí uile a leagtar amach sa Dearbhú seo, gan idirdhealú de shaghas ar bith, amhail cine, dath craicinn, inscne, teanga, creideamh, tuairim pholaitiúil nó tuairim eile, bunús náisiúnta nó sóisialta, maoin, breith nó stádas eile.

Ina theannta sin, ní dhéanfar aon idirdhealú ar bhonn stádas polaitiúil, dlínse nó idirnáisiúnta na tíre nó na críche lena mbaineann duine...

Airteagal 29 den Dearbhú: Tá dualgais ar gach duine i leith an phobail agus is ann amháin is féidir a phearsantacht a fhorbairt faoi shaoirse agus go hiomlán.

Le chéile, léiríonn airteagail an Dearbhaithe ár gcearta agus ár bhfreagrachtaí daonna aonair agus comhchoiteanna. I gcomhthéacs ár bpobal áitiúil, náisiúnta agus domhanda, is iad na cearta céanna atá againn uile agus tá dualgas nó freagracht orainn freisin cearta daoine eile a chosaint.



Ag smaoineamh ar na Spriocanna Domhanda

Ar an gcaoi chéanna leis na hairteagail i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, tá na Spriocanna Domhanda uilíoch, rud a chiallaíonn go mbaineann siad le gach duine i ngach áit. Tá gá le réitigh dhomhanda ar fhadhbanna domhanda, agus ní féidir le haon tír amháin na 17 Sprioc seo a bhaint amach aisti féin. Ní féidir na Spriocanna a bhaint amach faoi 2030 ach amháin má ghlacann gach tír páirt i ngach comhthéacs, an t-am ar fad.



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Emoji den Duine

In bhur mbeirteanna, téigí ag obair le chéile chun emoji a íoslódáil nó a tharraingt a d'aithneodh daoine ar fud an domhain gur duine atá i gceist leis.

Roinnigí bhur emoji agus an chúis ar roghnaigh sibh é leis an gcuid eile den rang.

Daonna?

Cad is brí leis an daonnacht? Sin ceist mhór, chasta agus is ceann í a bhféadfadh go leor plé a bheith ann fúithi. D'fhéadfaí a mhaíomh nach bhfuil freagra sásúil faighte ag daoine go fóill.



Ag brath ar do dhearcadh, b'fhéidir go gceapfá go gciallaíonn an daonnacht go mbeadh ceann amháin nó níos mó de na tréithe seo a leanas ag duine nó daoine:


- a bheith beo
- a bheith in ann muid féin a choinneáil inár seasamh
- uirlisí a dhéanamh agus a úsáid chun bia agus uisce a fháil agus foscaí a thógáil
- gnéithe fisiciúla a bheith i gcoiteann againn
- inchinn chasta a bheith againn agus í a úsáid
- úsáid a bhaint as siombailí agus teanga chun cumarsáid a dhéanamh
- meascadh le daoine eile agus nasc a bheith againn leo
- cúram agus grá do dhaoine, d'ainmhithe agus d'áiteanna
- bogadh ó áit go háit mar gheall ar thosca brú agus tarraingthe
- tionchar a imirt ar ár dtimpeallacht
- luachanna nó idéalacha comhchoiteanna a bheith againn, cosúil le meas a bheith againn ar an saol, ar an sonas, ar an tsaoirse nó ar chearta, ar an tsábháilteacht, ar an gceartas, ar an tsíocháin agus araile.
- brí na beatha a bheith á lorg againn

Agus sibh ag obair le chéile i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, pléigí na tréithe sin agus cuirigí leo aon cheann eile a cheapann sibh atá in easnamh.

Ó bhur liosta, roghnaígí na 9 dtréith is mó a bhaineann le bheith inár nduine, dar libh.

Cóipeálaigí teimpléad an Mhuileata (ar dheis).

Bainigí úsáid as an teimpléad chun bhur naoi dtréith a rangú in ord tábhachta. Téann an ceann is tábhachtaí ag an mbarr, agus ina dhiaidh sin, sa dara líne, an dá thréith a síleann sibh nach bhfuil díreach chomh tábhachtach céanna, agus mar sin de, go dtí an líne dheireanach ina dtéann an tréith is lú tábhacht.



Fotheidil na Daonnachta

Aimsígí íomhá a oireann do gach ceann de na naoi dtréith sa rangú Muileata a rinne sibh (thuas). Cuirigí fotheidil le bhur gcuid íomhánna agus roinnigí iad leis an gcuid eile den rang.



We are. #I am

Bainteach le Toradh Foghlama 2.5

Agus an fhuaim múchta, féach ar RTÉ (2017). 'We are. #Iam' (1.02 nóiméad) (féach na Naisc).

Béarla atá á labhairt acu, agus tá gach duine den aon duine dhéag sa ghearrthóg físeáin ag rá rud éigin faoi nó fúithi féin in aon abairt amháin ag tosú leis na focail 'I am...' / 'Tá mé' mar seo a leanas:

- i ngrá
- i mo chúramóir
- cúig bliana d'aois
- i mo dhamhsóir
- i mo phiólóta
- aerach
- i m'innealtóir
- i mo pheileadóir
- i m'amhránaí
- i mo dhrámadóir
- ag troid.

Soilse, ceamara, gníomh

*deis tabhairt faoi Ghníomh
Saoránachta*

In bhur ngrúpaí beaga, scríobhaigí script don scannán 'We are. #Iam'. Taifeadaigí bhur scannán agus cuirigí i láthair an ranga é.

Féachaigí ar an ngearrthóg arís agus an fhuaim múchta agus déanaigí iarracht a dhéanamh amach cé acu abairt a bhaineann le gach duine. Oibrígí i mbeirteanna agus déanaigí comparáid idir na freagraí.

Téigí i gcomhar le beirt, triúr, nó ceathrar eile agus déanaigí comparáid idir na freagraí.

Féachaigí ar an scannán uair amháin eile, agus an fhuaim le cloisteáil. Déanaigí aon cheartúchán is gá ar an 11 abairt. Pléigí na ceisteanna seo a leanas sa ghrúpa:

1. Cad a chuir iontas oraibh, más rud ar bith?
2. Cad a d'fhoghlaim sibh ón ghníomhaíocht seo?
3. Dá bhféadfaí comhairle a chur ar na scoláirí atá ar tí an ghníomhaíocht seo a dhéanamh, cén chomhairle a bheadh agaibh le cur orthu?

Fite fuaite

Bainteach le Toradh Foghlama 3.1; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

- Athscríobh an sliocht seo ón Uachtarán Ó hUiginn i do chuid focal féin.
- Féach ar na grafaicí eolais is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le héagsúlacht mhuintir na hÉireann (féach na Naisc). Roghnaigh fíric ó ghrafaic eolais a bhfuil suim agat inti nó a bhfuil ceisteanna agat fúithi. In bhur mbeirteanna, pléigí na fíricí a roghnaigh sibh.
- Socraígí cé na sonraí is fearr a bhaineann leis an méid a dúirt an tUachtarán Ó hUiginn.
- Cuirigí le chéile ríomhleabhar 'Fite fuaite', ina mbeidh grianghraif a thóg gach duine sa rang sa tréimhse chéanna 24 uair an chloig, ina n-insíonn sibh bhur scéalta féin ó lá amháin in bhur shaol. Cuirigí grafaic eolais na Príomh-Oifige Staidrimh agus an sliocht ón Uachtarán Ó hUiginn leis an ríomhleabhar.

*Is iomaí snáithe atá i
scéal na hÉireann*

**Mícheál D. Ó hUiginn,
Uachtarán na hÉireann**



“Our Land”

Bainteach le Torthaí Foghlama 2.1 agus 2.5

Féach ar RTÉ (2022) ‘Our Land’, clár 1 – imirce agus féiniúlacht (18 nóiméad) (féach na Naisc). Breac síos nótaí agus tú ag breathnú air.

Roghnaigh sliocht a n-aontaíonn tú go mór leis nó nach n-aontaíonn tú leis.

Bain úsáid as an sliocht a roghnaigh tú i ndíospóireacht ranga faoin rún seo a leanas: ‘Is í éagsúlacht an chine dhaonna an bua is mó atá againn’.

Community

Bainteach le Torthaí Foghlama 2.1 agus 3.1

Ón liosta thíos, cuir ciorcal timpeall ar thrí fhocal a cheapann tú a bhaineann le coincheap an phobail.

Ball	Cabhair	Náisiúnta	Teacht aniar
Ceangailte	Uaigneach	Páirteach	Áitiúil
Teaghlach	Freagrach as an	Fáilte	Spórt
Cairdeas	Dúlra	Obair	Sásta
Spraoi	Ceart	Feasach	Gníomhach
Timpeallacht	Brónach	Folláine	Muintearas
Domhanda	Scoil	Meas	

Agus sibh ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, bainigí úsáid as na trí fhocal in alt gearr nó in óráid faoi ‘an pobal’.

Scríobh dán acraستاic faoi thábhacht an phobail duit féin agus bain úsáid as na litreacha san fhocal ‘pobal’ mar chéadlitir an chéad fhocail i ngach líne den dán.

Bain úsáid as an teicneolaíocht chun póstaer a dhéanamh de do dhán. Uaslódáil agus roinn do phóstaer ar shuíomh gréasáin na scoile nó ar shuíomh meán sóisialta cuí.

P
O
B
A
L

Caipiteal Sóisialta

Bainteach le Torthaí Foghlama 2.1 agus 3.1

Smaoinigh ar na pobail éagsúla lena mbaineann tú, mar shampla, do ghrúpa cairde, do rang, na pobail ina bhfuil tú mar gheall ar spórt, ceol nó caitheamh aimsire eile, na grúpaí pobail náisiúnta nó domhanda.


Roghnaigh ceann amháin de na pobail sin agus scríobh síos 3 bhealach nó níos mó ina mbaineann tú leas as a bheith i do bhall den phobal sin.

Bain úsáid as na samplaí sin chun bheith páirteach i bplé leis an rang ar fad faoin tairbhe is féidir a bhaint as an gcaipiteal sóisialta.



Ualach ar an gCine Daonna

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.2, 1.9 agus 3.10



Tagann an ghrafaic eolais seo ón Lónra Éireannach i gcoinne an Chiníochais (INAR), óna thuarascáil ar an gCiníochas in Éirinn 2021. Tugtar léargas ar an drochthionchar a imríodh ar dhaoine in Éirinn a ndearnadh ionsaithe ciníocha orthu agus a thuairiscigh iad.

Déan colláis lena thaispeáint conas a mhothófá mura mbeadh fáilte romhat, dá gcaithfí go héagórach nó go claonta leat, nó dá ndéanfaí leatrom nó ionsaí ort ar chúis éigin. Is féidir leat íomhánna a fháil ar líne nó in irisí agus nuachtáin agus is féidir leat déantóir colláise ar líne nó siosúr agus gliú a úsáid.

Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine

Bainteach le Toradh Foghlama 1.7

Iarr ar do mhúinteoir Airteagail 1, 2 agus 29 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine a thaispeáint ar an gclár.

- Scríobh na trí alt sin i do chóipleabhar féin nó ar bhileog.
- Iarr ar do chomhscóláirí aon fhocal nach dtuigeann tú a mhíniú, agus mura bhfuil tú cinnte fós céard is brí leo cuardaigh i bhfoclóir iad.
- Cuir líne faoi na trí fhocal is tábhachtaí in Airteagal 1, na cúig fhocal is tábhachtaí in Airteagal 2, agus na trí fhocal is tábhachtaí in Airteagal 29, dar leat.
- In bhur mbeirteanna, déanaigí comparáid idir bhur gcuid roghanna agus pléigí na focail a bhfuil líne fúthu.
- Oibrígí le chéile chun achoimre a dhéanamh ar theachtaireacht ghinearálta na dtrí airteagal sin.
- Agus dhá dhath dhifriúla á n-úsáid agaibh, aibhsígí na focail sna hairteagail sin ina ndírítear ar choincheap na 'gceart', agus na focail ina ndírítear ar choincheap na 'freagrachta'.
- Cuirigí bhur gcuid torthaí i láthair an ranga.



Bí i do Ghealán i measc na Néalta

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.2, 1.9 agus 1.10

Tá

Bhí gealáin i measc na néalta i mo shaol féin. Agus is éard is ceart a dhéanamh, dar liomsa, ná a bheith i do ghealán i measc na néalta i saol duine eile. Duine nach mbreathnaíonn cosúil leatsa, nach dtugann an t-ainm céanna ar Dhia agus a thugann tusa ar Dhia, má thugann sé ainm ar bith ar Dhia, an dtuigeann tú. Agus b'fhéidir nach n-itheann sé na béilí céanna leatsa nó go n-ullmhaítear ar bhealach difriúil iad. B'fhéidir nach bhfuil na damhsaí céanna aige, ná an teanga chéanna. Ach cuir solas sa saol do dhuine éigin. Sin an rud a cheapaimse.

Maya Angelou, údar agus file Meiriceánach Afracach

Maya Angelou ag caint faoin tábhacht a bhaineann le seasamh gualainn le gualainn le duine eile. Ní trua a bheith agat do dhuine atá i gceist le seasamh gualainn le gualainn leis nó léi. Is éard atá ann ná bealach chun comhbhá a léiriú agus a thaispeáint go n-aithníonn tú gur daoine sibh araon, gur baill den chine daonna sibh beirt, agus ansin gníomhú dá réir.

- Smaoinigh ar uair éigin a bhí duine éigin 'ina ghealán i measc na néalta' i do shaol féin. Smaoinigh ar an gcaoi ar mhothaigh tú mar gheall air sin agus ar an méid a d'fhoghlaim tú ón rud a rinne an duine sin.
- Samhlaigh go bhfuil tusa ag obair do nuachtán. Scríobh alt gairid faoi ghníomh dlúthpháirtíochta (rud a tharla i ndáiríre nó rud a chumfaidh tú) le duine aonair nó le grúpa a fhágтар ar lár, a bhfuil steiréitíopaí ann fúthu nó a ndéantar leatrom orthu in Éirinn sa lá atá inniu ann.

An t-am atá thart agus an lá inniu

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.5, 1.9 1.10 agus 2.1; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Iarr ar dhuine fásta (tuismitheoir, uncail nó aintín, seanathair nó seanmháthair, cara de chuid an teaghlaigh, múinteoir) cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar thug daoine aire do dhaoine eile, i gcéin agus i gcónagar, agus iad ag fás aníos. Iarr ar an duine fásta a mhíniú an gceapann sé nó sí an bhfuil rudaí athraithe nó mar a chéile sa lá atá inniu ann.

Glac nótaí nó déan an comhrá a thaifeadadh (le cead ón duine atá faoi agallamh).

Déan machnamh ar an méid a chuala tú. An aontaíonn/an easaontaíonn tú le haon rud a dúradh? Cén bhaint atá ag an méid a chuala tú leis an méid atá ar eolas agat faoi chearta agus freagrachtaí an duine?

Athbhreithniú ar an Ré Antrapaiceíneach

Bainteach le Torthaí Foghlama 2.9 agus 3.13; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Féach ar 'Anthropocene: The Human Epoch – trailer' (2.17 nóiméad) (féach na Naisc).

- Pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le físeán ó dhrón a úsáid chun an tionchar millteach a bhíonn ag gníomhaíocht an duine ar an bpláinéad a thaispeáint.
- Déan athbhreithniú (scríofa, taifeadadh físe/fuaime nó athbhreithniú ilmheáin) ar an Ré Antrapaiceíneach (1950-inniu).
- Cuir d'athbhreithniú ar an Ré Antrapaiceíneach i láthair rang Eolaíochta sa tSraith Shóisearach.

Leid: más mian leat dul i gcion ar an múinteoir Eolaíochta, abair go bhfuil baint ag d'athbhreithniú le toradh foghlama 7 i Snáithe 2 d'Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí.



An Cine Daonna

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.5, 1.10 agus 2.8

- Smaoinigh ar na fadhbanna is mó atá ag dul i bhfeidhm ar dhaoine agus ar an domhan faoi láthair. Iarr ar an múinteoir na smaointe sin a bhreacadh ar an gclár.
- In bhur mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, tarraingí ímlíne de dhuine.
- Pléigí an cheist seo a leanas in bhur ngrúpa: ‘Cén sórt daoine atá in ann cabhrú na fadhbanna seo a sháru?’ B’fhéidir go mbeadh sé ina chúnamh machnamh a dhéanamh ar an méid a chaithfidh a bheith ar eolas ag na daoine sin, ar an méid a chaithfidh siad a bheith in ann a dhéanamh, agus ar na rudaí a bhfuil meas acu orthu nó a gcreideann siad iontu, agus mar sin de. Bain úsáid as an ímlíne sin de dhuine chun na pointí tábhachtacha a thagann chun cinn sa phlé a bhreacadh síos.

A bheith folláin

Bainteach le Torthaí Foghlama 3.1 agus 3.2; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Cad a theastaíonn uait chun bheith folláin? Cad a chuireann tú ag aireachtáil compordach, sábháilte? Céard a chothaíonn an muintearas le daoine eile i do shaol féin? Cad a theastaíonn uait chun bheith in ann tú féin a chur in iúl? Cad a chaithfidh tarlú ionas go mbeidh tú in ann labhairt amach agus cúnamh a thabhairt?

- Pléigí na ceisteanna sin in bhur mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.
- Iarr ar do mhúinteoir Mentimeter, Padlet nó a leithéid a chur ar bun leis na ceisteanna sin (thuas) agus aon cheist eile a cheapann tú a bheadh úsáideach chun an rang a chur ag smaoineamh ar cad is brí le bheith folláin. Freagraí na ceisteanna asaibh féin.
- Bainigí úsáid as na freagraí go léir chun cairt bheo folláine a dhéanamh don rang. NB: féachtar ar chairteacha beo go minic sa rang agus déantar iad a nuashonrú.

Machnamh ar an bhFoghlaim

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.11, 2.12 agus 3.14

Féach ar an obair go léir a rinne tú (píosaí scríofa, taifeadtaí, íomhánna agus eile) ón rannán seo.

Roghnaigh píosa oibre amháin a léiríonn an fhoghlaim is doimhne. D’fhéadfadh sé gur gníomhaíocht a bhí ansin inar fhoghlaim tú píosa eolais nua, nó ina raibh deis agat úsáid a bhaint as príomhscil nó príomhscil a neartú, cosúil le cumarsáid nó oibriú le daoine eile.

Breac síos do chuid smaointe faoin gceangal idir an píosa oibre a roghnaigh tú agus do chuid foghlama.



Naisc Úsáideacha

We are. #Iam

- RTÉ (2017). 'We are. #Iam' (1.02 nóiméad):
https://www.youtube.com/watch?v=JeQpJ_D48lc

Our Land

- RTÉ (2022) 'Our Land', an chéad chlár sa tsraith – imirce agus féiniúlacht (18 nóiméad):
<https://www.rte.ie/player/series/our-land/SI0000012696?epguid=PL000007685>

Athbheithniú Antrapaiceineach

- Jennifer Baichwal agus Edward Burtynsk (2019) 'Anthropocene: The Human Epoch – trailer' (2.17 nóiméad): https://www.youtube.com/watch?v=wLKzjZ89_Yg&t=18s

Níl Gairdín Pharthais ann a thuilleadh. Tá an domhan athraithe againn a oiread go ndeir eolaithe go bhfuilimid i ré gheolaíoch nua: an Ré Antrapaiceineach, ré an chine dhaonna.

David Attenborough (1926-),
Bitheolaí, craoltóir agus údar Sasanach

Is mór an t-ionadh é nár chaith mé uaim mo chuid idéalacha go léir, a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad áiféiseach agus nach bhféadfaí iad a bhaint amach. Ach tá siad fós agam mar go gcreidim fós, in ainneoin gach ruda, go bhfuil daoine go maith ina gcroí istigh.

Anne Frank (1929-1945), dialannaí Gearmánach-Ollannach



Toradh foghlama mar thús aistir = Toradh Foghlama 1.7

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: ‘tuiscint a chur in iúl faoin tábhacht a bhaineann leis an DUCD, an CNACL agus an CECD do chur chun cinn chearta an duine’



EOLAS DO MHÚINTEOIRÍ

- Conas a tháinig Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL) i bhfeidhm?
- De réir an Choinbhinsiúin sin, cé a bhfuil cearta aige agus cé a bhfuil freagrachtaí air?
- Cén cineál cearta atá cumhdaithe sa Choinbhinsiún?
- Conas a chinnteoidimid go n-aithnítear cearta leanaí?
- Conas atá an Coinbhinsiún ábhartha do scoileanna?

Tá cearta daonna ag gach duine. Faoi chonarthaí idirnáisiúnta um chearta an duine, bíonn go leor de na cearta céanna ag leanaí agus atá ag daoine fásta, ach tá Conradh ann freisin a bhaineann go sonrach le leanaí – Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL). Síníodh CNACL in 1989 ach forbraíodh coincheap maidir le cearta leanaí i bhfad roimhe sin. Díríodh le fada an lá ar leanaí faoi mhíbhuntáiste a chosaint, rud a rinneadh ar bhonn carthanach chun dul i ngleic leis an bhfulaingt, ach ag tús an fichiú haois, forbraíodh an smaoineamh gur cheart cearta ar leith a bheith ag leanaí, agus cuireadh chun cinn an smaoineamh sin. I ndiaidh an Chéad Chogaidh Dhomhanda, chuaigh leasaitheoir sóisialta agus bean as an ngnáth ón mBreatain, Eglantine Jeb (1876-1928), agus daoine eile i mbun feachtais ar son an chéad dearbhaithe idirnáisiúnta um chearta an linbh, ar a dtugtar Dearbhú na Ginéive um Chearta an Linbh.

Dearbhú na Ginéive um Chearta an Linbh

An 26 Meán Fómhair, 1924, Conradh na Náisiún

Leis an Dearbhú seo um Chearta an Linbh, ar a dtugtar ‘Dearbhú na Ginéive’ go minic, aithníonn fir agus mná i ngach tír go bhfuil an leanbh i dteideal na haire is fearr is féidir leis an gcine daonna a thabhairt dó, agus dearbhaíonn siad agus admhaíonn siad go bhfuil na dualgais seo orthu, beag beann ar chine, náisiúntacht nó creideamh:

- Ní mór na hacmhainní is gá, idir chorp agus spiorad, a thabhairt don leanbh le haghaidh a ghnáthfhorbartha;
- Caithfear bia a thabhairt don leanbh a bhfuil ocras air; caithfear aire a thabhairt don leanbh atá tinn; caithfear cabhrú leis an leanbh a bhfuil deacrachtaí foghlama aige; caithfear an leanbh atá ciontach a athshlánú; agus caithfear foscadh agus cúnamh a thabhairt don dílleachta agus don leanbh atá gan dídean;
- Ní mór gurb é an leanbh an chéad duine a gheobhaidh fóirithint i gcrúachas;
- Caithfear an leanbh a chur i riocht ina bhféadfaidh sé slí bheatha a bhaint amach, agus caithfear é a chosaint ar gach cineál dúshaothraithe;
- Caithfear an tuiscint a chothú sa leanbh gur gá a chuid buanna a chur ar son leas daoine eile.



Ghlac na Náisiúin Aontaithe leagan leathnaithe den Dearbhú in 1959. Le linn bhliain idirnáisiúnta an linbh in 1979, moladh go mbeadh coinbhinsiún ann le haghaidh leanaí. Sna deich mbliana ina dhiaidh sin, phléigh tíortha ar fud an domhain an téacs le haghaidh an chonartha um chearta an duine, an ceann ba mhó tacaíocht riamh de chuid na Náisiúin Aontaithe – Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL). Tá CNACL bunaithe ar thrí phríomhphrionsabal chearta an duine, an dínit, an comhionannas agus an meas. Leagtar síos clár oibre domhanda um chearta an duine ann do gach duine faoi bhun 18 mbliana d’aois. Is é CNACL an Conradh idirnáisiúnta um chearta an duine ar dhaingnigh an méid is mó tíortha é. Ghlac Éire CNACL in 1990 agus dhaingnigh sí é in 1992.

Tugtar ‘stáit atá ina bpáirtithe’ ar thíortha a dhaingníonn conarthaí. Nuair a aontaíonn siad a bheith faoi cheangal ag na conarthaí sin, is ‘stáit a bhfuil dualgas orthu’ a thugtar orthu, rud a chiallaíonn go bhfuil dualgas orthu cloí le hairteagail an Choinbhinsiúin. San áireamh ansin tá gach duine a bhíonn ag obair don Rialtas, cosúil leis na gardaí, dlíodóirí, múinteoirí agus oibrithe sóisialta. Tugtar ‘sealbhóirí ceart’ ar na daoine a dtéann conarthaí um chearta an duine chun sochair dóibh. I gcás CNACL, is sealbhóirí ceart é aon duine faoi bhun 18 mbliana d’aois. Bíonn sé sin i gceist beag beann ar a inscne, a reiligiún, a chine, a chumas nó a mhíchumas nó a shaoránacht. Is sealbhóirí ceart iad tuismitheoirí faoin gCoinbhinsiún freisin. Tá siad i dteideal cúnamh a fháil ón stát chun a gcuid leanaí a thógáil agus tá siad i dteideal comhairle agus treoir a thabhairt dá leanbh.

Ós rud é gur comhaontú idir ‘stáit atá ina bpáirtithe’ é an Coinbhinsiún, níl aon fhreagracht ar shaoránaigh aonair fhásta cloí leis. Mar sin féin, más ag obair do rialtas na tíre atá siad nó má ghníomhaíonn siad thar ceann rialtas na tíre, cuireann siad i bhfeidhm é. Mar shampla, má tá bulaíocht i réim i scoil, tá sé de dhualgas ar fhoireann na scoile gníomh cuí a dhéanamh ionas gur féidir le gach leanbh foghlaim i dtimpeallacht shábháilte. Níl aon dualgas ar leanaí ná ar dhaoine óga faoin gCoinbhinsiún, ach ar ndóigh ba chóir treoir a thabhairt dóibh gan cearta daoine eile a shárú.

Déantar cur síos in CNACL ar na dualgais atá ar stáit atá ina bpáirtithe i leith gach linbh atá ina chónaí laistigh dá theorainneacha. Is iomaí gné de shaol leanaí a chlúdaítear ann. Déantar cur síos ar na cearta in 42 ‘Airteagal’. Níl na cearta sin leagtha amach in ord tábhachta ach tá siad nasctha lena chéile chun sraith chomhtháite amháin ceart a dhéanamh.

Tá ceithre phrionsabal ghinearálta ann atá ina dtaca faoi na cearta go léir atá ag leanaí:

- Ciallaíonn **neamh-idirdhealú** go bhfuil an ceart céanna ag gach leanbh barr a chumais a bhaint amach i ngach cás i gcónaí. Mar shampla, ba cheart an fháil chéanna a bheith ag gach leanbh ar an oideachas, beag beann ar inscne, cine, eitneachas, náisiúntacht, reiligiún, míchumas, sliocht, claonadh gnéis, nó stádas eile an linbh.
- Ní mór **leas an linbh** a bheith ina ‘phríomhábhar machnaimh’ i ngach gníomh agus cinneadh a bhaineann le leanbh agus ní mór a theacht ar réiteach ar chearta ata ag teacht salach ar a chéile agus aird á tabhairt air. Nuair a bhíonn cinntí maidir le buiséad náisiúnta á ndéanamh ag rialtais, mar shampla, ní mór dóibh machnamh a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag ciorruithe ar leas an linbh.
- Leis an **gceart chun marthanais agus forbartha**, leagtar béim ar an tábhacht mhór a bhaineann le fáil a bheith ag leanaí ar sheirbhísí bunúsacha agus ar chomhionannas deise ionas gur féidir leo iad féin a lánfhorbairt. Mar shampla, ba chóir fáil éifeachtach a bheith ag leanaí faoi mhíchumas ar oideachas agus ar chúram sláinte chun barr a gcumais a bhaint amach.
- Ciallaíonn **tuairimí an linbh** gur gá guth an linbh a chloisteáil agus aird a thabhairt air i ngach cás a bhaineann lena chearta. Mar shampla, ba chóir dóibh siúd atá i gcumhacht dul i gcomhairle le leanaí sula ndéantar cinntí a mbeidh tionchar acu orthu.



Is minic a chuirtear na 42 airteagal i ngrúpaí faoi cheithre cheannteideal nó téama, mar seo a leanas:

1. **Ceartha marthanais:** ina measc tá ceart an linbh chun na beatha agus na riachtanas is bunúsaí ó thaobh maireachtála de, cosúil le cothú, foscadh, caighdeán maireachtála leordhóthanach, agus fáil a bheith aige ar sheirbhísí leighis.
2. **Ceartha forbartha:** ina measc tá an ceart chun oideachais, súgartha, fóillíochta, gníomhaíochtaí cultúrtha, fáil ar eolas, agus saoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus reiligiúin.
3. **Ceartha cosanta:** a chinntiú go bhfuil leanaí cosanta ar gach cineál mí-úsáide, faillí agus dúshaothraithe, agus ina measc sin tá cúram speisialta do leanaí ar dídeanaithe iad; cosaintí do leanaí sa chóras dlí choiriúil; cosaint do leanaí atá ag obair; cosaint agus athshlánú i gcás leanaí a ndearnadh dúshaothrú nó mí-úsáid d'aon chineál orthu.
4. **Ceartha rannpháirtíochta:** saoirse leanaí chun tuairimí a chur in iúl, deis labhartha a bheith acu maidir le cúrsaí a mbíonn tionchar acu ar a saol féin, dul isteach i gcumainn agus teacht le chéile go síochánta. De réir mar a fhorbraíonn a gcumas, ba chóir níos mó deiseanna a bheith ag leanaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sa tsochaí, agus iad ag ullmhú don saol mar dhuine fásta.

Na 42 ceart a luaitear in CNACL, tá siad doroinnte óna chéile agus spleách ar a chéile. Mar sin, má bhíonn ceart amháin ann nach gcomhlíontar, d'fhéadfadh sé sin dul i bhfeidhm ar na cearta eile. Mar shampla, mura gcinntíonn an stát go bhfuil caighdeán maireachtála sách maith ag leanaí, d'fhéadfadh sé nach mbeadh leanaí sláintiúil, nó nach mbeidís in ann forbairt nó foghlaim chun barr a gcumais a bhaint amach. Cuireadh trí phrótacal roghnacha breise san áireamh sa Choinbhinsiún le himeacht na mblianta, agus baineann siad le coimhlínt mhíleata, díol leanaí agus gearáin aonair ó leanaí chuig Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Is é an príomhbhealach a gcuirtear an Coinbhinsiún i bhfeidhm ná trí fhaireachán leanúnach a dhéanann foireann saineolaithe neamhspleácha ar a dtugtar Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Ní mór do stáit atá ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún tuarascáil maidir le dul chun cinn a chur faoi bhráid an Choiste gach cúig bliana, agus in éindí leis an measúnú a dhéanann siad, cuirtear eolas ó eagraíochtaí eile ar fáil, cosúil le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus coimisinéirí leanaí. Is féidir le leanaí fianaise a chur faoi bhráid an Choiste freisin, agus uaireanta déantar sin os comhair an Choiste féin trí fhreastal ar chruinniú an Choiste. Is é toradh an phróisis iomláin tuarascáil ar a dtugtar na 'Tuairimí Deiridh'. Déantar achoimre sa tuarascáil sin ar thuairimí an Choiste faoin staid ó thaobh cearta leanaí de i ngach tír. Chomh maith leis sin, bíonn moltaí sa tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm agus maidir le feabhas i gcás gach stáit, agus déantar athbhreithniú orthu an chéad uair eile a dhéantar measúnú ar an tír.

- Chuir Éire tuarascálacha faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh in 1996, 2006, 2013 agus 2022.
- Ba í an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a d'ullmhaigh tuarascáil na bliana 2022 i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile.
- Mar aon leis an méid a chuireann Rialtas na hÉireann faoi bhráid an Choiste, cuireann an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí, líonra Éireannach eagraíochtaí neamhrialtasacha a bunaíodh in 1995, tuarascáil neamhspleách isteach ar a dtugtar an 'Tuarascáil Chomhuaineach'.

Ceanglaíonn an Coinbhinsiún ar stáit atá ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún a n-oibleagáidí a chur i bhfeidhm trí dhlíthe áitiúla, cosúil le bunreachtanna agus reachtaíocht náisiúnta. Má dhéantar é sin, is féidir na prionsabail a chur i bhfeidhm i gcúirteanna áitiúla. In 2012, mar thoradh ar reifreann in Éirinn, cuireadh Airteagal 42A maidir le leanaí agus cearta leanaí le Bunreacht na hÉireann.



Freisin, lena chinntiú go ndéantar cosaint fhiúntach ar chearta gach linbh, molann an Coiste gur cheart do stáit plean náisiúnta le haghaidh leanaí a bheith acu, faireachán a dhéanamh ar an méid den bhuiséad náisiúnta a chaitear ar leanaí, measúnuithe tionchair rialta a dhéanamh i ngach roinn rialtais agus iad ag baint úsáid as sonraí iontaofa faoi shaol leanaí, agus Ombudsman neamhspleách do leanaí a bheith acu.

- In 2000, d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann Straitéis Náisiúnta Leanaí na hÉireann, an chéad straitéis náisiúnta atá dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga.
- In 2004, bunaíodh Oifig an Ombudsman do Leanaí chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn agus chun déileáil le gearáin a dhéanann leanaí nó a dhéantar thar a gceann maidir le heagraíochtaí poiblí (ospidéal, seirbhísí oibre sóisialta agus scoileanna, mar shampla). I mí Aibreáin 2017, leathnaíodh sainchúram na hOifige go dtí leanaí a bhfuil cónaí orthu in ionaid soláthair dhírigh.
- In 2014, foilsíodh leagan athbhreithnithe, nuashonraithe den Straitéis Náisiúnta Leanaí: Creatlach an Pholasáí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga, 'Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile' (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2014).
- Is dul chun cinn mór i mbeartas sóisialta na hÉireann í an Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2015) freisin.



Ag smaoineamh ar na Spriocanna Domhanda

Mar atá na hairteagail in CNACL, tá na 17 Sprioc Dhomhanda doroinnte óna chéile agus tá siad spleách ar a chéile.

Ciallaíonn doroinnte nach féidir iad a roinnt agus nach bhfuil aon Sprioc amháin níos tábhachtaí ná ceann eile. Is beart iomlán amháin iad.

Ciallaíonn idirspheách (nó idirnasctha) go bhfuil forluí idir na Spriocanna agus gur minic a chabhraíonn dul chun cinn maidir le Sprioc amháin le Sprioc eile nó Spriocanna eile a chur chun cinn.

Mar shampla, má chinntítear go bhfuil fáil ag gach duine ar uisce glan agus ar fhuinneamh (Sprioc 6 agus 7), cabhrófar le sláinte agus folláine a bhaint amach do chách (Sprioc 3), mar go laghdófar an baol go scaipfear galair san uisce (calar, tíofóideach agus dinnireacht, mar shampla) agus an baol go dtiocfaidh galair riospráide (cosúil le hasma, broincíteas agus eimfiséime) ar dhaoine mar gheall ar thruailliú an aeir. Ag an am céanna, cabhróidh fáil níos fearr ar fhuinneamh glan inacmhainne (Sprioc 7) leis na héifeachtaí is measa a bhaineann leis an athrú aeráide a mhaolú (Sprioc 13), rud a chabhróidh linn an bhiathéagsúlacht mhuirí agus talún agus gnáthóga a chosaint agus a chaomhnú (Spriocanna 14 agus 15).





Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Eglantine Jeb

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.5 agus 1.6

Déan taighde ar shaol agus ar shaothar Eglantine Jeb, an té a bhunaigh an eagraíocht neamhrialtasach nó an charthanacht 'Save the Children' agus a scríobh Dearbhú na Ginéive um Chearta an Linbh in 1924.

Scríobh gearrchuntas ar Eglantine Jeb ina mbeidh eolas agus íomhánna faoi na ceannteidil seo a leanas: tús a saoil agus a teaghlach, oideachas, tuairimí polaitiúla, clú agus cáil, rudaí a dúirt sí. Cuirigí na gearrchuntais i bhfillteán agus tabhair don scoil nó do leabharlann an cheantair é.

Dearbhú na Ginéive

Bainteach le Toradh Foghlama 1.6

Iarr ar do mhúinteoir Dearbhú na Ginéive um Chearta an Linbh, 1924, a thaispeáint ar an gclár.

In bhur ngrúpaí beaga, socraígí an bhfuil foclaíocht an dearbhaithe oiriúnach, ábhartha do leanaí an domhain sa lá atá inniu ann. Mínigí bhur gcinneadh don chuid eile den rang.

Amlíne CNACL

Bainteach le Toradh Foghlama 1.6; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Roghnaigh ceann amháin acu seo a leanas chun amlíne a dhéanamh ina dtaispeántar bunús CNACL agus na hathruithe a tháinig air go dtí an lá atá inniu ann:

- Amlíne daoine (seasann daoine in ord cróineolaíoch agus cuireann gach duine bliain/imeacht ar leith i láthair)
- Prezzi, PowerPoint nó a leithéid

Cuir bhur n-amlíne CNACL i láthair sa rang staire.

Leid: más mian leat dul i gcion ar an múinteoir Staire, abair go bhfuil baint ag d'amlíne le toradh foghlama 1.10 agus 3.12 de Stair na Sraithe Sóisearaí.

Na 6 C

Bainteach le Toradh Foghlama 1.6; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Déan taighde ar eagraíocht neamhrialtasach áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta a bhíonn dírithe go sonrach ar fholláine leanaí agus daoine óga. Samplaí is ea Barnardos, BelonGTo, Children in Crossfire, Jack and Jill Foundation, Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí agus Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí (UNICEF).

Ullmhaigh tuarascáil ghearr scríofa nó tuarascáil ó bhéal faoin eagraíocht neamhrialtasach a roghnaigh tú, bunaithe ar na ceisteanna seo a leanas:

- | | |
|----------------------------------|-----------------------------------|
| • Cé hiad féin? | • Cá ndéanann siad é sin? |
| • Cad a dhéanann siad? | • Cén fáth a ndéanann siad é sin? |
| • Cathain a dhéanann siad é sin? | • Conas a tharlaíonn sé sin? |



Tacaíocht ó Dhaoine Cáiliúla

Bainteach le Torthaí Foghlama 2.8 agus 3.13

Ba é ‘Save the Children’, a bhunaigh Eglantine Jeb, an chéad eagraíocht neamhrialtasach a d’fhostaigh duine lánaimseartha chun dul i mbun poiblíochta agus a chuir fógra carthanachta ar leathanach iomlán i nuachtán náisiúnta. D’éirigh le Eglantine Jeb tacaíocht a fháil ó dhaoine cáiliúla ar nós George Bernard Shaw agus Thomas Hardy.

- Déanadh an rang uile taighde faoi Ambasadóirí Dea-thola UNICEF (féach na Naisc).
- Pléigí an eitic agus an éifeachtacht a bhaineann le tacaíocht ó dhaoine cáiliúla d’eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, ar nós UNICEF.

Íomhánna agus Teachtaireachtaí

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.2, 2.8 agus 3.13

Bhí ‘Save the Children’ ar cheann de na chéad eagraíochtaí neamhrialtasacha a d’úsáid íomhánna de leanaí ina bhfeachtais. Chreid Eglantine Jeb go gcuideodh an straitéis sin agus straitéisí ‘margaíochta’ eile le fadhb a réiteach: easpa samhlaíochta agus easpa ama a bheith ag daoine ar domhan cé nach raibh easpa flaithiúlachta iontu.

Sa lá atá inniu ann, tá go leor eagraíochtaí neamhrialtasacha in Éirinn, eagraíochtaí a bhailíonn airgead ón bpobal, tar éis Cód Iompair maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí a shíniú (féach na Naisc), trína ngeallann siad fíorshaol na ndaoine bochta a thaispeáint, agus meas a bheith acu ar dhínit an duine ag an am céanna.

Féach ar ‘Dóchas Code of Conduct on Images and Messages’ (2.26 nóiméad) (féach na Naisc).

Pléigí an tionchar, ar dhaoine atá ina gcónaí in Éirinn agus in áiteanna eile, a bhíonn ag íomhánna agus teachtaireachtaí nach gcloíonn leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chód.

Marthanas, Forbairt, Cosaint, Rannpháirtíocht

Féach ar fhíseán amháin nó an dá fhíseán seo a leanas (féach na Naisc):

- UNICEF ‘The UNCRC’ (3.00 nóiméad)
- Oifig an Ombudsman do Leanáí ‘The UNCRC’ (2.21 nóiméad)

In bhur mbeirteanna, féachaigí ar an leagan simplithe de CNACL a rinne UNICEF (féach na Naisc).

Roghnaigí airteagal is féidir a chur faoi gach ceann de na téamaí seo a leanas: marthanas, forbairt, cosaint agus rannpháirtíocht.

Téigí ag obair le beirt eile agus déanaigí tábla ina mbeidh na ceithre théama ina gceannteidil ar cholúin agus na hairteagail CNACL le chéile faoin gceannteideal ceart.

Cuirigí bhur dtábla i láthair an ranga.

De réir mar a chuireann grúpaí eile a gcuid táblaí i láthair, cuirigí aon airteagail ábhartha, nár chuir sibh féin faoi na ceannteidil chearta ar na colúin, i dtábla bhur ngrúpa féin.



Míreanna Mearaí na gCeart

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.2, 2.8 agus 3.13

Roinnigí sibh féin in 10 ngrúpa. Féachadh gach grúpa ar 'Know your Rights' (féach na Naisc) de chuid na Comhghuaillíochta um Chearta Leanaí (2019), agus bídís ina saineolaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

1. Mo cheart go gcaithfí go cothrom liom, go gcuirfí san áireamh mé, agus go ndéanfainn mo chinntí féin
2. Mo cheart chun oideachais
3. Mo cheart chun sláinte
4. Mo cheart chun cosaint ó dhíobháil
5. Mo chearta sa teaghlach
6. Mo chearta mar imirceach nó mar dhídeanaí
7. Mo chearta agus mé ag plé leis an dlí coiriúil agus leis na Gardaí
8. Mo chearta ar líne
9. Mo cheart chun foscaidh
10. Cá bhféadfainn dul chun cabhair a fháil?

Meascaigí na grúpaí ionas go mbeidh saineolaí amháin ar a laghad ó gach grúpa i ngach grúpa nua. Duine i ndiaidh duine, roinnigí an méid a d'fhoghlaim sibh.

Dualgais

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1 agus 3.7

In bhur ngrúpaí beaga, roghnaigí ceann de na ranna/gníomhaireachtaí rialtais seo a leanas agus sainaitheanú an t-airteagal nó na hairteagail in CNACL a bhféadfadh dualgas a bheith orthu ina leith:

- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- An Roinn Oideachais
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Dlí agus Cirt
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Cearta Spriocdhírithe

Bainteach le Toradh Foghlama 1.1

In Airteagail 14, 29, 30 agus 42 de CNACL, tá ábhar ann faoi thábhacht an oideachais saoránachta ina gclúdaítear nithe cosúil le cearta an duine, féiniúlacht (ina bhfuil creideamh, cultúr agus teanga san áireamh), comhionannas, agus cúram comhshaoil.

Téigh chuig www.globalgoals.org agus aimsigh an Sprioc Dhomhanda atá dírithe ar a chinntiú go bhfaigheann gach foghlaimeoir deis eolas agus scileanna a fhoghlaim a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis an tsaoránacht domhanda.

Roghnaigh aon chuspóir eile a bhaineann leis na Spriocanna Domhanda agus aimsigh airteagail ó CNACL a bhaineann léi.



Do Chearta a Shamhlú

Bainteach le Toradh Foghlama 1.1; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

- Glac grianghraf a léiríonn an nasc idir do shaol agus airteagal amháin nó níos mó ó CNACL.
- Cuir teideal ar do ghrianghraf ina mbeidh sliocht chun an nasc sin a mhíniú.
- Eagraigh taispeántas grianghraf do scoláirí agus do bhaill foirne sa scoil, mar chuid d'ócáid do thuismitheoirí agus caomhnóirí.

Leid: chun spreagadh a fháil, féach ar an gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí (2015). Picture your rights: A report to the UN Committee on the Rights of the Child by children living in Ireland (féach na Naisc).

Folláine

Bainteach le Toradh Foghlama 1.1

Tá sé tháscaire folláine ann don tSraith Shóisearach mar aon le ceisteanna gaolmhara lena ndéantar cur síos ar na rudaí atá tábhachtach ó thaobh na folláine de (féach leathanach 7 den acmhainn seo).

Déan machnamh ar an nasc idir airteagail CNACL agus na sé tháscaire folláine. Téigh ag obair le scoláire eile agus insígí dá chéile bhuir gcuid smaointe agus sibh ag tosú le 'Sílím...'

Mála Machnaimh

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.11, 2.12 agus 3.14

Samhlaigh thú féin ag dul abhaile inniu le mála droma á iompar agat. Istigh sa mhála droma sin, tá na rudaí ar fad a d'fhoghlaim tú agus gach rud a tharla agus tú ag déanamh na ngníomhaíochtaí sa rannán seo.

Pacáil do mhála droma le focail nó íomhánna a léiríonn an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an taithí is mian leat a choinneáil.

Ar an talamh in aice leis an mála droma, bain úsáid as focail nó íomhánna chun na rudaí is mian leat a fhágáil i do dhiaidh a léiriú. D'fhéadfadh smaointe a bhíodh agat, míthuiscintí, dearcthaí, tuairimí nó drochrudaí a tharla duit a bheith i gceist leis sin.

*Níl a fhios agam fútsa,
ach níl aon naimhde
agamsa atá faoi bhun
7 mbliana d'aois.*

George Bernard Shaw
(1856-1950), údar Éireannach



Naisc Úsáideacha

Tacaíocht ó Dhaoine Cáiliúla

- Ambasadóirí Dea-thola UNICEF:
<https://www.unicef.org/goodwill-ambassadors>

Íomhánna agus teachtaireachtaí

- Féach ar 'Dóchas Code of Conduct on Images and Messages' (2.26 nóiméad):
<https://www.dochas.ie/resources/communications-pe/code-of-conduct-on-images-and-messages/>

Marthanas, Forbairt, Cosaint, Rannpháirtíocht

- UNICEF 'The UNCRC' (3.00 nóiméad):
<https://www.unicef.ie/child-rights-education/child-rights/>
- Oifig an Ombudsman do Leanaí 'The UNCRC' (2.21 nóiméad):
<https://www.oco.ie/childrens-rights/un-convention/>
- SLeagan simplithe de CNACL ó UNICEF (i mBéarla):
<https://assets-us-01.kc-usercontent.com/99f113b4-e5f7-00d2-23c0-c83ca2e4cfa2/fc21b0e1-2a6c-43e7-84f9-7c6d88dcc18b/unicef-simplified-convention-child-rights.pdf>

Know your Rights jigsaw

- An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí (2019).
Know your rights: Your rights as a child or young person:
<https://www.childrensrights.ie/sites/default/files/Know-Your-Rights-2019.pdf>

Cearta Spriocdhírithe

- UNICEF Mapping the Global Goals for Sustainable Development onto the Convention on the Rights of the Child:
<https://www.unicef.org/media/60231/file>
- Institiúid na Danmhairge um Chearta an Duine. *The Human Rights Guide to the Sustainable Development Goals*: <https://sdg.humanrights.dk/>

Picture your Rights

- An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí (2015). Picture your rights: A report to the UN Committee on the Rights of the Child by children living in Ireland:
https://www.childrensrights.ie/sites/default/files/submissions_reports/files/PictureYourRights0515.pdf

*Ní thuigfidh daoine fásta aon rud
gan chúnamh, agus is obair leamh
é do pháistí a bheith de shíor ag
míniú rudaí dóibh.*

**Antoine de Saint-Exupéry (1900-1944),
Eitleoir agus údar Francach**



Toradh foghlama mar thús aistir = Toradh Foghlama 2.2

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: **'meabhrú ar shainmhínithe éagsúla ar an bhforbairt agus a sainmhíniú féin a cheapadh den fhorbairt inbhuanaithe'**



EOLAS DO MHÚINTEOIRÍ

- Cad is forbairt inbhuanaithe ann?
- Cad iad na bealaí éagsúla chun forbairt a thomhas?
- Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le huirlisí tomhais éagsúla?

Is éard atá i gceist le forbairt ná iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar shaol daoine. Mar sin féin, ní i gcónaí a aontaíonn daoine le chéile faoi cén t-athrú is fearr nó faoi conas ba chóir athrú a chur i bhfeidhm. Fágann sé sin go mbíonn go leor díospóireachta ann faoin bhforbairt.

In 1987, thug an Coimisiún Domhanda um Chomhshaol agus Forbairt (nó Coimisiún Brundtland) an sainmhíniú seo a leanas ar fhorbairt inbhuanaithe:

Is éard atá i gceist le forbairt inbhuanaithe ná forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglúnta amach anseo freastal ar a gcuid riachtanas féin.

Tá an sainmhíniú sin úsáideach mar go gclúdaíonn sé roinnt smaointe tábhachtacha faoin bhforbairt inbhuanaithe, ar nós gaol a bheith idir daoine agus an domhan sa chaoi agus go mbíonn siad ag brath ar a chéile. Bealach eile chun é sin a rá is ea nach féidir forbairt agus dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta inbhuanaithe a dhéanamh ach amháin má chuirimid an comhshaol (nó an timpeallacht) san áireamh freisin. Is é an 'comhshaol' an áit ina mairimid, ár bpláinéad, agus is é 'forbairt' an rud a dhéanaimid uile agus muid ag iarraidh feabhas a chur ar ár saol agus ar shaol daoine eile. Is minic a léirítear an chothromaíocht sin leis an léaráid Venn thíos.



Fíor 6: Forbairt Inbhuanaithe Is é atá i gceist le forbairt inbhuanaithe cothromaíocht a bhaint amach idir fás eacnamaíoch, folláine an chomhshaoil ar domhan, agus feabhas a chur ar shaol gach duine sa tsochaí.



I sainmhíniú Brundtland ar an bhforbairt inbhuanaithe, luaitear coincheap an chothromais idir na glúnta, faoina bhfuil freagracht orainne as féachaint chuige go mbeidh na glúnta daoine a thiocfaidh inár ndiaidh ag cónaí ar phláinéad folláin ar a bhfreastalaítear ar na riachtanais bhunúsacha a bheidh acu. Tá an ceart uilíoch ag gach duine, anois agus feasta, go gcomhlíonfar a chuid riachtanas leis an bhforbairt a dhéanfar. É sin ráite, ní féidir an toradh sin a bhaint amach ach amháin má ghlacann gach duine freagracht as an bhforbairt. Dá bhrí sin, ionas go mbeidh forbairt inbhuanaithe ann, caithfidh daoine aonair, pobail, eagraíochtaí agus rialtais, i dtíortha saibhre agus i dtíortha bochta, a bheith páirteach agus gníomhach inti, ionas go mbainfidh gach duine, i ngach áit, tairbhe as an bhforbairt san fhadtréimhse.

Tugann daoine, pobail, eagraíochtaí agus rialtais éagsúla aghaidh ar an bhforbairt ar bhealaí éagsúla ag brath ar an dearcadh atá acu féin. Nuair a cheapann daoine gurb é atá i gceist le forbairt pá nó ioncam níos fearr a fháil, is gnách leo díriú ar ghníomhartha nó ar ghnéithe a bhaineann leis an ngeilleagar. Uaireanta fágann sé sin nach leor an bhéim a leagtar ar an tsochaí nó ar an gcomhshaol. Mar shampla, d'fhéadfadh rialtas gnólacht a spreagadh chun monarchana a thógáil i bpobal ina bhfuil an leibhéal dífhostaíochta ard, ach d'fhéadfadh sé sin drochthionchar nach raibh beartaithe a bheith aige, mar shampla:

- mar gheall ar níos mó airgid a bheith sa phobal, d'fhéadfadh an cíós agus praghsanna na dtithe sa cheantar ardú, rud a chuirfeadh brú breise ar dhaoine a bhí fós dífhostaithe, agus bheadh sé níos deacra orthu páirt a ghlacadh sa tsochaí.
- d'fhéadfaí drochthionchar a imirt ar an gcomhshaol mar gheall ar an obair thógála, seirbhísí cosúil le bóithre nó uisce a bheith á dtabhairt chomh fada leis an monarcha, oibríochtaí monarchan (níos mó astaíochtaí carbóin, mar shampla), nó d'fhéadfaí drochthionchar a imirt ar feadh shaolré na n-earraí a tháirgtear sa mhonarcha.

Le cur chuige atá bunaithe ar an bhforbairt inbhuanaithe, déantar iarracht an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol. Ní furasta an rud é ar chor ar bith an chothromaíocht sin a bhaint amach agus ní mór monatóireacht nó tomhas cúramach a dhéanamh uirthi. Má dhéantar sonraí nó eolas a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu, is féidir leis sin a bheith ina chuidiú maidir le gníomhartha forbartha inbhuanaithe a fheabhsú nó a phleanáil ar leibhéal an phobail áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal domhanda. Is iomaí bealach atá ann chun forbairt a thomhas, ach ní furasta an uirlis tomhais chruinn cheart a cheapadh chun gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil na forbartha inbhuanaithe a thomhas.

Seo thíos roinnt uirlisí tomhais atá bunaithe ar mheonta nó gnéithe éagsúla.

1. An Ghné Eacnamaíoch: Saibhreas/rathúnas a thomhas – Ollioncam Náisiúnta

Úsáidtear Ollioncam Náisiúnta (OIN) chun méid iomlán na n-earraí agus na seirbhísí a tháirgeann gnólachtaí i dtír áirithe a thomhas. Bíonn tuilleamh ó dhaoine/gnólachtaí Éireannacha atá lonnaithe in áiteanna eile san áireamh má sheoltar an t-airgead sin abhaile. Ní bhíonn airgead a thuilleann daoine/gnólachtaí coigríche sa tír sin san áireamh ann más rud é go seolann siadsan a n-ioncam chuig áit éigin eile.

Tá cáineadh déanta ar OIN mar bhealach chun forbairt inbhuanaithe a thomhas ar na cúiseanna seo leanas:

- ní bhaineann sé le gnéithe sóisialta ná gnéithe comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe
- ní chuirtear san áireamh difríochtaí idir tíortha maidir le costais tithíochta, earraí agus seirbhísí agus saibhreas (caighdeán mhaireachtála)
- is iad na meánsonraí a bhaineann le tír iomlán a úsáidtear, agus níl aon eolas ann faoin neamhionannas laistigh den tír sin
- ní chuirtear obair gan íocaíocht san áireamh ann, ar nós obair a dhéanann mná tí nó cúramóirí, ná obair 'neamhfhoirmiúil', mar shampla, díoltóirí sráide nó an cás ina dtugann duine aire do pháistí carad leis nó léi ar feadh seachtaine.



2. An Ghné Shóisialta agus Eacnamaíoch: Leibhéil Forbartha Daonna a Thomhas

Úsáidtear an tInnéacs Forbartha Daonna chun dul chun cinn agus cáilíocht bheatha an duine a thomhas trí fhéachaint ar na gnéithe seo a leanas:

- Sláinte – cé mhéad bliain a bhfuil coinne leis go mairfidh tú ón uair a tháinig tú ar an saol
- Saibhreas – an méid airgid a thuilleann tú (agus difríochtaí idir costais mhaireachtála in áiteanna éagsúla á gcur san áireamh)
- Oideachas – an bhfuil léamh agus scríobh agat agus cé mhéad bliain a chaitheann tú ag freastal ar scoil

Mar uirlis tomhais, tá cáineadh déanta ar an gcur chuige sin ar na cúiseanna seo a leanas:

- Tá sé nasctha go mór leis an réimse eacnamaíoch, rud a chuireann leis an dochar a dhéantar don dúlra. Is iondúil go mbíonn an-tionchar ar an gcomhshaol ag na tíortha is fearr a fheidhmíonn ar an Innéacs Forbartha Daonna.
- Cuidíonn an t-innéacs linn comparáidí a dhéanamh idir tíortha éagsúla, ach ní thugann sé léargas domhanda dúinn ar fhorbairt an duine.

San am atá thart, cáineadh an tInnéacs Forbartha Daonna freisin as gan neamhionannas a thomhas i gcoitinne agus, go háirithe, as gan aird a thabhairt ar an neamhionannas idir fir agus mná agus idir buachaillí agus cailíní. In 2010, agus é ag dul i ngleic leis an gcáineadh sin, cheap Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe, an comhlacht atá freagrach as an Innéacs, na huirlisí tomhais breise seo a leanas:

- An t-innéacs forbartha daonna atá coigeartaithe i ndáil le héagothroime, lena dtomhaistear éagothroime ó thaobh sláinte, saibhris agus oideachais de.
- An t-innéacs maidir le héagothroime idir na hinscní, lena dtomhaistear an éagothroime idir na hinscní ó thaobh sláinte, saibhris agus oideachais de.
- An t-innéacs bochtaineachta iltoiseach, lena dtomhaistear sláinte (cothú, básmhaireacht páistí), oideachas (blianta scoile, tinreamh scoile) agus caighdeán mhaireachtála (breosla cócaireachta, sláintíocht fheabhsaithe, uisce óil sábháilte, leictreachas, ábhar urláir, sócmhainní).

In 2020, bhain Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe triail as innéacs nua ar a dtugtar an tInnéacs Forbartha Daonna atá Coigeartaithe maidir le Brúnna ar an bPláinéad, ionas go bhféadfaí an brú atá ar an bpláinéad anois agus a bheith air amach anseo a chur san áireamh san Innéacs Forbartha Daonna.

3. An Ghné Chomhshaoil: Bithéagsúlacht a Thomhas

Úsáidtear Innéacs an Phláinéid Bheo chun leibhéal na bithéagsúlachta ar domhan a thomhas.

Tomhaistear pobail éagsúla leis an innéacs sin – breis is 4,300 neach beo a chónaíonn ar tír, san fhíoruisce agus sna farraigí, agus éisc, amfaibiaigh, reiptílí, éin, agus mamaigh (veirteabraigh nó speicis a bhfuil cnámh droma acu) ina measc.

Tá cáineadh déanta ar Innéacs an Phláinéid Bheo ar na cúiseanna seo a leanas:

- Go dtí seo, tá thart ar 8.7 milliún speiceas éagsúil aitheanta ag eolaithe, ach meastar nach bhfuil iontu sin ach 15% de na speicis ar domhan, agus ní thomhaiseann Innéacs an Phláinéid Bheo ach 4,300 speiceas.
- Ní bhaintear úsáid as chun pobail feithidí nó plandaí a thomhas.
- Níl sé dírithe ar ghné shóisialta ná gné eacnamaíoch na forbartha inbhuanaithe

4. An tInnéacs Sonais

Tá an tInnéacs Sonais bunaithe ar shonraí a bhailítear ó thart ar 1,000 duine i ngach tír atá páirteach ann. Déanann na daoine sin a saol féin a mheas bunaithe ar chritéir cosúil le holltáirgeacht intíre (OTI) in aghaidh an duine, tacaíocht shóisialta, fad saoil shláintiúil, sairse chun roghanna saoil a dhéanamh, flaitiúlacht agus éilliú, agus cuireann siad in iúl cé chomh sásta nó míshásta a mhothaigh siad an lá roimhe sin. Cuirtear na sonraí ó gach tír i gcomparáid le tír shamhailteach ar a dtugtar Diostóipe, áit a bhfuil cónaí ar na daoine is duairce ar domhan.



Tá cáineadh déanta ar an innéacs sonais ar na cúiseanna seo a leanas:

- tá sé ró-shuibiachtúil (is iad na daoine féin a deir cé chomh sona atá siad)
- tá sé bunaithe ar chritéir theoranta
- baintear úsáid as critéir a oireann níos fearr do shonas ar an leibhéal náisiúnta ná ar leibhéal an duine aonair

5. Áireamhain chun Lorg Éiceolaíoch a Ríomh

Úsáidtear áireamhain ar leith chun an lorg éiceolaíoch a ríomh – is é sin an brú a chuirtear ar an bpláinéad mar gheall ar an stíl mhaireachtála atá againne. Breathnaítear ar an méid spáis a bheadh ag teastáil, nó cé mhéad pláinéad ar nós an domhain a bheadh ag teastáil, dá mba rud é go mbeadh gach duine ar domhan ag maireachtáil mar a bhíonn tusa. Is féidir le háireamhain an lorg éiceolaíoch a bhíonn ag stíl mhaireachtála duine amháin, tíre iomláine agus gach duine ar domhan le chéile a thomhas trí leibhéil tomhaltais a scrúdú faoi thrí chatagóir:

- Acmhainní (bia, uisce, éadaí, adhmaid agus araile) a úsáideann daoine
- Fuinneamh a ídímid chun ár n-áiteanna cónaithe a théamh nó a fhuarú nó na soilse a bheith ar lasadh iontu, chun bheith ag tiomáint agus chun bheith ag eitilt
- An méid spáis a úsáidimid (cé chomh mór atá ár dtithe)

Leis na háireamhain sin, tugtar marcanna ar an lorg éiceolaíoch agus cuirtear le chéile na marcanna i ngach ceann de na trí chatagóir, agus ansin oibrítear amach cé mhéad heicteár nó cé mhéad pláinéad cosúil leis an domhan seo againne a bheadh ag teastáil ionas go bhféadfadh an stíl mhaireachtála sin a bheith againn go léir.

Tá cáineadh déanta ar áireamhain chun lorg éiceolaíoch a ríomh ar na cúiseanna seo a leanas:

- Ní dhéantar tosca eacnamaíocha, polaitiúla ná cultúrtha a thomhas
- Ní dhéantar a thomhas ach an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí an duine faoi láthair, agus ní thugtar aon aird ar an tionchar fadtéarmach
- Bítear ag brath ar shonraí ó na Náisiúin Aontaithe nach gclúdaítear gach gné den tomhaltas iontu, agus mar sin gach seans go bhfágтар cuid den lorg éiceolaíoch as an áireamh.

6. Gnéithe Sóisialta, Eacnamaíocha agus Comhshaoil: Forbairt an Duine agus Inbhuanaitheacht Comhshaoil a Thomhas

Le hInnéacs an Phláinéid Shona, déantar iarracht folláine agus forbairt an duine a thomhas agus inbhuanaitheacht comhshaoil a thomhas freisin. Déantar scór tíre ar Innéacs an Phláinéid Shona a ríomh trí shonas (folláine) a iolrú faoi ionchas saoil agus faoi leibhéil chomhionannais, agus an t-iomlán sin a roinnt ar an lorg éiceolaíoch.




Tá cáineadh déanta ar Innéacs an Phláinéid Shona ar na cúiseanna seo a leanas:

- D'fhéadfadh ainm an innéacs daoine a chur amú. Ceapann daoine go mbaineann sé le leibhéil sonais daoine aonair nó leibhéil sonais i dtír, ach is tomhas é i ndáiríre ar shonas gach duine agus ar fholláine ár bpláinéid.
- Ní furasta an rud é leibhéal sonais na ndaoine a thomhas. Ní hé an rud céanna a dhéanann gach duine sona sásta.
- Ní chuirtear san áireamh an drochthionchar a bhíonn ag sárúithe ar chearta an duine ná ag diúltú a gcearta do dhaoine.



Ag smaoineamh ar na Spriocanna Domhanda

Le tabhairt isteach na Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe in 2015, sa bhreis ar na trí cholún a bhí ann cheana féin maidir le forbairt inbhuanaithe (an geilleagar, an comhshaol agus an tsochaí), cuireadh dhá ghné nó dhá cholún bhreise leo; ‘comhpháirtíocht’ agus ‘síocháin’. Tá an chomhpháirtíocht tábhachtach mar ní mór do dhaoine, d’eagraíochtaí, do ghnóilachtaí agus do rialtais a bheith ag obair le chéile chun na Spriocanna Domhanda a bhaint amach, agus ní féidir é sin a dhéanamh gan síocháin a bheith ann.



Seo achoimre ar na 5 cholún sin de na Spriocanna Domhanda:

- Rathúnas (geilleagar) – a chinntiú go mbíonn daoine faoi bhláth, agus go mbíonn siad féin agus an dúlra ag tacú le chéile
- Daoine (an tsochaí) – deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta agus ocras agus a chinntiú go mbeidh dínit agus comhionannas ag daoine
- Pláinéad (an comhshaol) – acmhainní nádúrtha agus aeráid ár bpláinéid a choinneáil slán do na glúnta atá le teacht
- Comhpháirtíocht – an clár oibre a chur i bhfeidhm trí chomhpháirtíocht dhomhanda láidir
- Síocháin – sochaí shíochánta, chóir, ionchuimsitheach a chothú



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

QWERTY



Tugtar méarchlár QWERTY ar na méarchláir ar ríomhairí, táibléid agus ríomhairí glúine, bunaithe ar na sé litir sa ró uachtarach ar chlé. In 1873 a dearadh an leagan amach sin. Is bealach é chun an mhoill is mó is féidir a chur ar dhaoine agus iad ag clóscríobh, le cleasa ar nós na litreacha is coitianta a scaipeadh ar fud rónna an mhéarchláir agus an chuid is mó acu a bheith ar an taobh clé, áit a gcaithfidh formhór na ndaoine (atá deaslámhach) an lámh is laige a úsáid. Tá cúis mhaith leis sin: nuair a dearadh an clóscríobhán ar dtús, bhíodh na géaga beag cló (ar a bhfuil na litreacha) laistigh de ag dul i bhfostú ar a chéile dá mbrúfaí eochracha taobh le chéile go tapa ceann i ndiaidh a chéile.

In 1932, fuarthas amach i dtrialacha a baineadh as leagan amach méarchláir níos fearr agus níos éifeachtaí go bhféadfadh daoine a luas clóscríbhneoireachta a dhúbailt agus an iarracht a chuir siad isteach sa chlóscríbhneoireacht a laghdú faoi 95%. Mar sin féin, faoin am sin bhí glactha go forleathan le méarchláir QWERTY agus bhí sé beagnach dodhéanta áitiú ar chlóscríobhaithe, múinteoirí clóscríbhneoireachta, díoltóirí agus monaróirí athrú ó QWERTY chuig leagan amach méarchláir níos éifeachtaí.



- Aimsigh na litreacha QWERTY ar íomhá an mhéarchláir (thuas).
- An sampla d'athrú chun feabhais ar an saol é forbairt an mhéarchláir, dar leat?
- Cén ceacht faoin bhforbairt atá ag sampla QWERTY duit?

Amadóir

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1 agus 2.1

Socraigh trí nóiméad ar amadóir. Tosaigh an clog agus scríobh síos an oiread rudaí maithe faoin domhan seo againne agus is féidir leat. D'fhéadfá smaoineamh ar rudaí maithe a bhaineann le bheith ag cónaí i do phobal áitiúil, ar nós clubanna nó áiseanna do dhaoine óga; rudaí maithe a bhaineann le hÉirinn, rudaí maithe faoin Eoraip nó faoin domhan.

Bunchúiseanna

Bainteach le Torthaí Foghlama 2.6 agus 2.9

Smaoinigh ar feadh nóiméid faoi na dúshlán nó na fadhbanna is mó agus is tábhachtaí ar domhan anois, na cinn a chaithfimid a shárú nó a réiteach. D'fhéadfadh sé gur fadhbanna áitiúla, náisiúnta nó domhanda iad.

- Scríobh síos an fhadhb is mó agus is tábhachtaí, dar leat, ar chlár bán beag nó ar bhileog pháipéir.
- Léigh amach an rud atá scríofa agat.
- Bíodh plé ranga agaibh ar fad faoi bhunchúiseanna na faidhbe is minice a luaitear.
- Breac síos na focail, na frásaí agus na smaointe is minice a luaitear.

Meonta maidir le Forbairt

Bainteach le Toradh Foghlama 2.9

Léigh na meonta éagsúla maidir le 'forbairt' thíos agus ansin cur in ord iad ón gceann is tábhachtaí go dtí an ceann is lú tábhacht. Níl aon fhreagra ceart ná mícheart ann – tuairim seachas fíric atá i gceist.

Cuid den fhorbairt is ea...

- a bheith in ann brath ar na póilíní nó na Gardaí, na cúirteanna agus an rialtas chun muid a chosaint agus caitheamh go cóir linn
- dóthain bia, dóthain uisce agus dídean a bheith againn
- a bheith in ann oideachas maith a fháil
- rochtain ar an idirlíon a bheith againn i gcónaí
- poist a bheith againn a bhfuil tuarastal breá ard ag dul leo
- bóithre, ospidéal agus scoileanna den scoth a bheith againn
- cónaí a bheith orainn i bpobail atá sábháilte, glan, folláin agus a dtugtar aire mhaith dóibh
- dóthain airgid a bheith againn chun tithe cliste, fóin nua, na gluaisteáin is déanaí, agus mar sin de a cheannach.
- guth a bheith againn inár bpobail, mar shampla, a bheith páirteach i ngrúpaí pobail nó i gclubanna agus ceart vótála a bheith againn
- a bheith in ann dul chuig an dochtúir mura bhfuilimid ag aireachtáil go maith
- an comhshaol agus an bhithéagsúlacht uile a chaomhnú agus a chosaint
- a bheith in ann troid i gcoinne cliseadh aeráide agus dul in oiriúint dó
- gur ar an gcaoi chéanna a gcaitear le gach duine
- tíortha a bheith ag obair le chéile lena chinntiú go bhfuil an domhan seo cothrom
- féachaint chuige nach dtarlóidh cogadh ná coimhlint



- leictreachas a bheith againn
- rath a bheith ar ghnólachtaí agus ar an ngeilleagar
- eile (cuir ráiteas eile leis)

Agus sibh in bhor ngrúpaí beaga, pléigí an féidir leis an ráiteas is tábhachtaí, dar libh, cabhrú linn teacht ar réiteach ar an bhfadhb is mó atá ar domhan (ón ngníomhaíocht ‘Bunchúiseanna’ thuas). Mura féidir libh aon ghaol a aimsiú idir an fhadhb is mó atá ag an domhan agus an meon a mheas sibh is tábhachtaí i dtaobh na forbartha de, téigí i gcomhairle le chéile chun 1-2 mheon forbartha a roghnú a bhfuil ceangal idir iad agus an fhadhb sin agus a d’fhéadfadh cuidiú í a réiteach.

Cúig Cholún na Forbartha Inbhuanaithe

Déan tábla Word nó Excel ina gcuirfidh tú na meonta forbartha ón ngníomhaíocht roimhe seo faoi na 5 cholún (gné) de na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe: rathúnas, daoine, pláinéad, comhpháirtíocht agus síocháin (féach leathanach 35 thuas le haghaidh cur síos ar na colúin nó na gnéithe sin).

Gan aon Phláinéad B a bheith ann v *Earth Independent*

Bainteach le Toradh Foghlama 2.9

In 2014, dúirt iarArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, Ban Ki Moon:

*‘Ní féidir Plean B a bheith ann, mar níl **Pláinéad B** ann’.*

Trí bliana ina dhiaidh sin, in 2017, thug Donald Trump, a bhí ina Uachtarán ar Mheiriceá ag an am, maoiniú \$19.5 billiún don Údarás Náisiúnta Aerloingseoireachta agus Spáis (NASA) agus é i gceist daoine a chur go Mars faoi 2030. Tugtar Earth Independent ar an tionscadal sin.

Agus an struchtúr thíos á leanúint agat, scríobh 4 alt ina gcuirfidh tú in iúl an aontaíonn tú leis an méid a dúirt Ban Ki Moon faoi gan aon Phláinéad B a bheith ann nó leis an smaoineamh gur cheart do dhaoine a bheith ‘neamhspleách ar an domhan’ (earth independent). Déan iarracht roinnt smaointe pearsanta a chur san áireamh chun tacú le d’argóint.

Déan taighde ar shuíomhanna gréasáin ar féidir brath orthu – féach na naisc san acmhainn seo.

- Alt 1 = Cuir do bharúil i láthair
- Alt 2 = Tabhair cúis amháin (mínigh an chúis sin agus tabhair sampla)
- Alt 3 = Tabhair cúis eile (míniú agus sampla)
- Alt 4 = Tabhair achoimre ar d’argóint. Bíodh abairt amháin san áireamh chun áitiú ar na léitheoirí go bhfuil an ceart agat.

Babhtáil do phíosa tuairimíochta le duine eile. Bronn dhá réalta ar an duine sin (as rudaí a ndearna sé nó sí jab maith orthu) agus tabhair moladh amháin dó nó di (faoi gcaoi a bhféadfaí feabhas a chur ar an bpíosa scríbhneoireachta).



Taisce Ama

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.4 agus 3.3; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

*Nach bhfuil dualgas orainn pláinéad folláin,
ar féidir le gach speiceas cónaí air, a fhágáil
ag na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh?*

Sir David Attenborough

Den chéad uair riamh, bhí ‘taisce ama’ san áireamh i ndaonáireamh na bliana 2022 in Éirinn, trína bhféadfadh na daoine a líon isteach an fhoirm teachtaireacht nó pictiúr a fhágáil i gcomhair daoine sa bhliain 2122.

- Bíodh plé ranga agaibh ar fad faoi chuspóir an daonáirimh agus luach na sonraí atá sa taisce ama do na glúnta atá le teacht.
- Scríobh síos nó tarraing rud dearfach amháin ar mhaith leat a fhágáil ag na glúnta atá le teacht, nó a rá leo. Cuir na smaointe sin go léir i mbosca a bhfuil an lipéad ‘taisce ama’ air. Iarr ar an múinteoir an taisce ama a thaispeáint do ranganna OSSP amach anseo.

Is éard atá i gceist le Forbairt Inbhuanaithe...

- Ina mbeirteanna, breacaigí síos focail a ritheann libh nuair a chloiseann sibh an téarma ‘Forbairt Inbhuanaithe’.
- Téigí i gcomhairle le beirt eile agus insígí bhur gcuid focal dá chéile. Ansin beidh an ceathrar agaibh in ann píosa gearr a scríobh ag tosú mar seo: ‘Is éard atá i gceist le forbairt inbhuanaithe ná...’
- Iarraigí ar an mhúinteoir sainmhíniú Brundtland ar fhorbairt inbhuanaithe a thaispeáint daoibh. Déanaigí comparáid idir bhur bpíosa féin faoin bhforbairt inbhuanaithe agus sainmhíniú an Choimisiúin ó 1987. Déanaigí amach cé mhéad bliain atá caite ó tugadh an sainmhíniú sin. An bhfuil aon fhocail, frásaí nó smaointe ann atá agaibh go léir? Cén téacs is fearr libh agus cén fáth? An bhféadfadh sibh aon rud a chur leis ionas go mbeadh sé níos ábhartha do dhaoine óga an lae inniu?
- Smaoinigh ar mhana gearr, in do rogha teanga, a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na príomhsmaointe atá i sainmhíniú Brundtland, mar shampla: ‘Dóthain do chách, go brách’ nó ‘An rud atá ag teastáil uait, ní an rud is mian leat’.
- Cuir an mana sin ar shean-t-léine nó mála gualainne le peann tuartha a dhéanfaidh tú féin (gránphlúr, uisce, tuarthóir – buail le chéile na comhábhair agus déan iad a théamh i sean-sásan go dtí go mbeidh leacht tiubh agat, ansin doirt isteach i mbuidéal infháiscithe é).
- Caith an T-léine nó an mála ar scoil ar lá nach gá éide scoile a bheith oraibh, nó ag an deireadh seachtaine, agus tapaigh gach deis chun an mana a mhíniú.



An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna

Bainteach le Toradh Foghlama 1.4

Leagtar amach sa tábla seo sonraí ón Innéacs Forbartha Daonna (Aibreán 2022) maidir le trí thír. Féachaigí ar na sonraí agus téigí ag obair le chéile in bhur mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun na ceisteanna thíos a fhreagairt.

	ÉIRE	MEICSICEO	AN TANSÁIN
Rangú ar domhan	2	74	163
Innéacs	0.955	0.779	0.529
Ionchas saoil (i mblianta)	82.3	75	65.5
Blianta scolaíochta	18.7	14.8	8.1
Ollioncam in aghaidh an duine	68,371	19,160	2,600
Daonra a mheastar a bheidh ann in 2030 (milliúin)	5.2	140.9	79.2

- Cén tír a mheastar a bheidh an daonra is airde aici faoi 2030?
- As na trí thír, cé acu ina gcaitheann páistí agus daoine óga an t-achar ama is faide ar scoil?
- Cá mbíonn an saol is faide ag na daoine? Tabhair dhá chúis a d'fhéadfadh a bheith leis sin.
- Cén tír a bhfuil an meán-ollioncam is airde in aghaidh an duine aici?
- Cén tír a bhfuil an áit is ísle aici san innéacs?

Breathnaigh ar phróifílí tíortha ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (féach na Naisc).

Seiceáil na sonraí a bhaineann le hÉirinn, Meicsiceo agus an Tansáin lena chinntiú go bhfuil siad cothrom le dáta.

Cliceáil ar thír a bhfuil suim agat inti agus bain úsáid as sonraí innéacs na tíre sin chun an colún ar dheis sa tábla thuas a líonadh isteach.

Smaoinigh ar cheist amháin nó níos mó atá bunaithe ar na sonraí sin.

Tabhair do thábla nua agus do cheisteanna do chara leat le freagairt.



Taraimsiú


Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1, 1.4, 1.10, 2.1, 2.4, 2.6, 2.9 agus 2.10

Is é Lá Taraimsithe an Domhain (Earth Overshoot Day) an dáta a bhainimid amach acmhainn uasta ár bpláinéid chun freastal ar an mbealach a mairimid. Déantar é a ríomh do gach tír ar bhonn na sonraí maidir le Lorg Éiceolaíoch. Nuair a bhíonn an lá sin thart, is ag taraimsiú a bhímid.

Ar léarscáil an domhain, féach cé na tíortha a bhfuil a ndátaí taraimsithe sa chéad leath de 2023 (Eanáir go Meitheamh) agus iad siúd atá sa dara leath de 2023 (Iúil go Mí na Nollag).

Laethanta Taraimsithe 2023

Cén uair a bheadh Lá Taraimsithe an Domhain ann dá mbeadh gach duine ar domhan ag maireachtáil mar a dhéantar sa tír seo...



EARTH
OVERSHOOT
DAY

Tá an liosta iomlán tíortha ar overshootday.org/country-overshoot-days.

*Tá Lá Taraimsithe na Fraince bunaithe ar shonraí tuartha Féach overshootday.org/france.

Foinse: National Footprint and Biocapacity Accounts, Eagrán 2022
data.footprintnetwork.org 2023



Global Footprint Network
Advancing the Science of Sustainability

Cad a thugann tú faoi deara, más rud ar bith, faoin áit ar domhan a bhfuil na tíortha sa chéad leath den bhliain agus iad siúd sa dara leath den bhliain? Cad a thugann sé sin le fios dúinn faoin lorg éiceolaíoch atá ag tíortha sa Domhan Thuaidh agus sa Domhan Theas?

Pléigh rud amháin is féidir a dhéanamh i do scoil, rud is féidir a dhéanamh i do phobal áitiúil agus rud is féidir leis an rialtas a dhéanamh ionas go mbeidh dáta taraimsithe na hÉireann níos gaire don 31 Nollaig.

I gcomhair sonraí cothrom le dáta maidir le Lá Taraimsithe an Domhain, féach ar an suíomh gréasáin a luaitear sna naisc (an chéad leathanach eile). Déantar na sonraí a ríomh gach uile bhliain agus foilsítear iad gach Eanáir.



Dea-Shaol

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.4 agus 3.5; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Leis an Innéacs Dea-Shaoil atá ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, déantar comparáid idir folláine daoine sna 41 tír atá san eagraíocht sin, agus Éire san áireamh. Bailítear le chéile san innéacs sonraí ó na tíortha sin faoi 11 ábhar a mheastar atá tábhachtach i dtaobh dálaí maireachtála agus cháilíocht na beatha. Is iad seo a leanas na catagóirí a chlúdaítear san Innéacs Dea-Shaoil: tithíocht, ioncam, poist, pobal, oideachas, comhshaol, comhpháirteachas poiblí, sláinte, sástacht leis an saol, sábháilteacht, agus cothromaíocht idir obair agus saol.

- Féach ar ECFE (2020). ‘How’s Life?’ (2.30 nóiméad) ina dtugtar le fios go bhfuil feabhas tagtha ar Déan Innéacs Dea-Shaoil de do chuid féin (féach na Naisc).
- Téigí ag obair in bhur mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun plé a dhéanamh ar na 11 ábhar atá san Innéacs Dea-Shaoil agus moltaí a dhéanamh faoi ábhair bhreise a d’fhéadfadh cabhrú linn folláine a thomhas.
- Bain úsáid as Microsoft/Google Forms nó a leithéid chun do shuirbhé folláine féin a dhéanamh. Leid: B’fhéidir gur mhaith leat na 6 tháscaire folláine don tSraith Shóisearach a úsáid mar phointe tosaigh (féach leathanach 7).
- Roinn an nasc chuig an suirbhé ar scoil agus sa bhaile agus iarr ar an oiread daoine agus is féidir é a líonadh isteach.
- Taispeáin torthaí do shuirbhé ar scáileáin sa scoil nó ar shuíomh gréasáin na scoile.

Conas atá an saol agat?

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1, 3.1 agus 3.2; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Gach dara bliain, úsáideann an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta sonraí ón Innéacs Dea-Shaoil chun tuarascáil ‘How’s Life’ a scríobh.

Cuir ceist ar chairde nó daoine muinteartha leat ‘Conas atá an saol agat?’ agus taispeáin go bhfuil tú dáiríre faoin gceist trí éisteacht go cúramach leis an bhfreagra.

Bunaithe air sin, téigí ag obair in bhur mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun sraith ‘treoirínte maidir le héisteacht go cúramach’ a dhréachtú.

Roinn na treoirínte maidir le héisteacht chúramach le rang Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) sa tSraith Shóisearach.



Lá Idirnáisiúnta an tSonais

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1 agus 2.1; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Is deis é Lá Idirnáisiúnta an tSonais (20 Márta) lena aithint gur rudaí iad sonas agus folláine a mbíonn gach duine ar fud an domhain á lorg.

Eagraigh taispeántas den mhéid a d'fhoghlaim tú faoin bhfolláine in OSSP agus in ábhair/cúrsaí gearra eile chun Lá Idirnáisiúnta an tSonais a cheiliúradh.

Machnamh agus Plé

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.11, 2.4, 2.12 agus 3.14

Scríobh síos trí rud a d'fhoghlaim tú ó na gníomhaíochtaí sa chuid seo, dhá cheist atá agat fós, agus bealach amháin ar féidir leat cuidiú an domhan a bheith níos inbhuanaithe.

In bhur mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, pléigí an dá cheist atá fós agaibh faoin bhforbairt inbhuanaithe agus insígí dá chéile an rud is féidir libh a dhéanamh chun cuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe.



Naisc Úsáideacha

An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna

- Próifílí tíre an Innéacs:
<https://hdr.undp.org/en/countries>

Lá Taraimsithe an Domhain

- Sonraí bliantúla cothrom le dáta maidir le tíortha ar fud an domhain.
<https://www.overshootday.org/about/>

Dea-Shaol

- Féach ar 'How's Life?' (2.30 nóiméad) ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), 2020, ina dtugtar le fios go bhfuil feabhas tagtha ar leibhéil folláine ach go bhfuil éagothroime ann go fóill:
<https://www.youtube.com/watch?v=5nMYISaBFas&t=150s>
- An tInnéacs Dea-Shaol:
<https://www.oecdbetterlifeindex.org/#/11111111111>
- An tuarascáil 'How's Life' a d'fhoilsigh ECFE: Éire 2022
<https://www.oecd.org/wise/Hows-Life-2022-country-profile-Ireland.pdf>

Caithfidh tú a fhiafraí díot féin: má scriosann ár gcóras eacnamaíoch an bhithsféar agus má theipeann air freastal ar riachtanais bhunúsacha fhormhór na ndaoine, cén mhaith é i ndáiríre?

Jason Hickle (1982-) antraipeolaí eacnamaíoch

Ní féidir forbairt inbhuanaithe a bheith ann mura bhfuil síocháin ann agus ní féidir síocháin a bheith ann mura bhfuil forbairt inbhuanaithe ann.

**Na Náisiúin Aontaithe (2015).
Transforming our world: Agenda 2030**



Toradh foghlama mar thús aistir = Toradh Foghlama 2.11

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: ‘iniúchadh a dhéanamh ar fheachtas d’athrú i réimse na hinbhuanaitheachta agus measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna nár éirigh leis an bhfeachtas sin’



EOLAS DO MHÚINTEOIRÍ

- Cad is brí leis an ngealltanas ‘Gan Aon Duine a Fhágáil ar Leataobh’ sna Spriocanna Domhanda?
- Cad iad na constaicí atá ann maidir leis na Spriocanna Domhanda a bhaint amach faoi 2030?
- Conas is féidir na Spriocanna Domhanda a chur in iúl ar bhealach éifeachtach?

Nuair a gheall 193 bhallstát na Náisiún Aontaithe na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2030, seo a leanas a bhí i gceist acu:

- a chinntiú nach bhfágтар aon duine ar leataobh
- nach measfar aon Sprioc a bheith bainte amach mura mbainfear amach í do gach duine, go háirithe na daoine is mó faoi mhíbhuntáiste nó atá imeallaithe.

Leis an ngealltanas Gan Aon Duine a Fhágáil ar Leataobh, aithnímid go bhfuil gach duine tábhachtach agus gur cheart deiseanna cothroma a bheith acu, beag beann ar ioncam, inscne, aois, cine, eitneachas, stádas imirceach, míchumas, áit agus araile. Trí ghealltanas a thabhairt gan aon duine a fhágáil ar leataobh, tá sé geallta ag ceannairí an domhain tús áite a thabhairt do leasanna na ngrúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus is mó atá imeallaithe.

Chun féachaint cé na daoine atá i mbaol a bhfágála ar leataobh, ní mór díriú ar thír agus ar chomhthéacs. É sin ráite, is iad seo a leanas cuid de na catagóirí daoine is mó atá i mbaol ar fud an domhain: mná agus cailíní, pobail dúchais, daoine faoi mhíchumas, oibrithe neamhfhoirmiúla, daoine óga, daoine scothaosta, daoine LADTA+, mionlaigh reiligiúnacha agus eitneacha, agus pobail tuaithe. Is minic a chaitear go neamhchothrom le daoine atá i gceann amháin nó níos mó de na catagóirí sin ó thaobh teacht a bheith acu ar acmhainní, ar dheiseanna agus ar a gcearta.

Is gealltanas agus feachtas ollmhór ar son athraithe iad na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe. Mar gheall ar líon na Spriocanna, ar an uailmhian a bhaineann leo, agus an spriocdháta a bheith in 2030, beidh sé tamall sula mbeidh a fhios againn cén chaoi a bhfuil ag éirí leo. Ach anois féin fiú, tá rud amháin cinnte: níl sé éasca agus tá constaicí móra le sárú againn.

Constaic a hAon: Maoiniú

Is ar bhonn deonach a dhéantar maoiniú ar na Spriocanna Domhanda nó infheistíocht iontu. Nuair a tosaíodh ag cur i bhfeidhm na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, measadh go gcosnódh sé idir US\$5 agus \$7 trilliún iad a bhaint amach. Ceapann an Banc Domhanda go dtiocfaidh idir 50% agus 80% den airgead sin ó thíortha aonair, rud a chiallaíonn go n-infheistíodh tíortha airgead ina bhforbairt inbhuanaithe féin. Ina theannta sin, tiocfaidh roinnt maoinithe ó chomhpháirtíochtaí nua, mar shampla idir an earnáil phoiblí (an rialtas) agus an earnáil phríobháideach (lucht gnó/tionscail). É sin ráite, beidh cúnamh ó thar lear ag teastáil ó roinnt tíortha, ar nós tíortha ina bhfuil coinbhleacht ar bun nó tíortha ina bhfuil go leor daoine an-bhocht.



Bíonn dhá rud éagsúla i gceist leis an gcúnamh thar lear. Is é atá i gceist le cúnamh forbartha ná eagraíocht idirnáisiúnta, eagraíocht rialtais nó eagraíocht neamhrialtasach a bheith ag obair i dtír thearfhorbartha ar feadh i bhfad chun cur i gcoinne na bochtaineachta, an comhshaol a fheabhsú, níos mó bia a fhás, poist a chruthú, scoileanna agus ospidéal a thógáil, agus mar sin de. Nuair a tharlaíonn tubaistí, seoltar cabhair éigeandála, cosúil le bia, pubaill, soláthairtí leighis agus oibríthe leighis, chun cuidiú le daoine atá buailte ag cogadh, tuile, crith talún nó tubaiste éigin eile. Tugtar cúnamh daonnúil nó cúnamh éigeandála ar an gcabhair sin.

Bhunaigh Éire clár forbartha oifigiúil (de chuid an rialtais) thar lear in 1974. ‘Cúnamh Éireann’ a thugtar ar an gclár sin anois. Tá an cháil ar Éirinn gurb í ceann de na deontóirí is fearr ó thaobh a chinntiú go dtéann ár mbuiséad cúnamh chuig na tíortha is lú a leibhéal forbartha. In 2000, d’aontaigh Éire cloí le sprioc na Náisiún Aontaithe 0.7% den Ollioncam Náisiúnta (OIN) a chaitheamh ar chúnamh thar lear faoi dheireadh 2007. Rinne Rialtas na hÉireann an gealltanais a athnuachan in 2018, agus spriocdháta 2030 luaite leis. Dá mbainfí an sprioc sin amach, chiallódh sé go gcaithfí 70 cent as gach €100 a tháirgtear in Éirinn chun cuidiú leis na daoine is boichte agus is mó faoi mhíbhuntáiste ar domhan. Shroich an caiteachas ar Chúnamh Forbartha Oifigiúil (ODA) buaicphointe 0.59% in 2008, agus ansin laghdaigh sé de réir mar a chuaigh an cúlú eacnamaíoch chun donais. In 2020, ba ar chúnamh forbartha thar lear a chaith Éire 0.31% den Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) nó 31 cent as gach €100 a tháirgeann an tír. Cé go bhfuil dea-cháil ar Éirinn mar dheontóir cúnamh ar bhonn prionsabail, measann Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, António Guterres, gurb é easpa maoinithe, agus go háirithe maoiniú ó thíortha sa Domhan Thuaidh, an fáth nach bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir leis na Spriocanna.

Constaic a Dó: An féidir an craiceann agus a luach a bheith agat?

“Is é fírinne an scéil é go bhfuil ár gcóras eacnamaíoch agus ár gcóras pláinéadach in adharca a chéile anois.”

Naomi Klein (2014) - *This changes everything: Capitalism vs the Climate.*

Glactar leis sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe gur féidir le geilleagar leanúint orthu ag fás a fhad agus atá muid ag déileáil leis an mbrú atá ar acmhainní ganna an domhain agus ag tabhairt aghaidh ar na bagairtí práinneacha a bhaineann le cliseadh aeráide agus meath na bithéagsúlachta, coimhlint/cogadh, bagairtí sláinte domhanda a bhfuil baint acu leo sin, agus mar sin de. Áitíonn tráchtairí ar nós Jason Hinkel, údar agus antraipeolaí, go bhfuil roinnt Spriocanna maidir le ceisteanna eacnamaíocha ag teacht salach ar spriocanna sóisialta nó spriocanna comhshaol, nó go bhféagann an bealach a ndéantar na Spriocanna a chur i láthair agus a thomhas gur féidir le dul chun cinn maidir le Spriocanna a bhaineann le forbairt an duine (an tsochaí agus an geilleagar) a cheilt orainn nach bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir leis na Spriocanna a bhaineann leis an gcomhshaol. Tá daoine eile ann a áitíonn nach féidir dul i ngleic le bochtaineacht, neamhionannas, coimhlint, cliseadh aeráide agus meath na bithéagsúlachta i gcomhthéacs an chórais eacnamaíoch chéanna is cúis leis na dúshláin sin.

Na roghanna a chuirtear i láthair in ionad na Spriocanna, tá siad bunaithe ar choincheapa cosúil leis an difhás. Déanann lucht tacaíochta an difháis, ar nós an fhealsaimh shóisialta André Gorz, nó le déanaí, an t-eacnamaí Francach Serge Latouche, cáineadh ar an gcóras caipitleachais atá againn anois, ina mbítear dírithe go mór ar an bhfás eacnamaíoch. Ina áit sin, áitíonn na daoine atá ar son an difháis gur gá na córais a athrú ó bhonn ionas go mbeidh daoine i gcoilár ár gcóras eacnamaíoch agus go leagfar béim ar an éileamh ar acmhainní nádúrtha a laghdú. Ní hé go bhfuil sé i gceist leis an difhás gearradh siar ar an méid atá á dhéanamh againn cheana féin, ach iarrtar orainn meon nua a chothú ionas gur don éiceolaíocht agus don fholláine a thabharfar tús áite, seachas don gheilleagar.

Constaic a Trí: Sonraí 17

SPRIOCANNA – 169 gCUSPÓIR

Tá méid áirithe cuspóirí ag gabháil le gach Sprioc. Is míniú níos beaichte iad ar céard is gá a dhéanamh chun gach Sprioc ar leith a bhaint amach.



230 TÁSCAIRE – Tá táscaire amháin ar a laghad ag gabháil le gach sprioc, agus 230 táscaire atá ann san iomlán. Is cur síos iad na táscairí ar na sonraí a bhaileofar agus a úsáidfear chun an dul chun cinn a thomhas.

Féachfaimid, mar shampla, ar Sprioc 3: Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois

Tá naoi gcuspóir ag gabháil le Sprioc 3, agus ceann acu sin is ea Sprioc 3.4: Faoi 2030, líon na mbásanna roimh am **ó ghallair neamh-thógálacha** a laghdú de 1/3 trí chosc agus cóireáil agus trí mheabhairshláinte agus folláine mheabhrach a chur chun cinn.

Tá dhá tháscaire ag gabháil le Sprioc 3.4:

Táscaire 3.4.1: An ráta báis ó ghalar croí, ailse, diaibéiteas nó galar riospráide ainsealach

Táscaire 3.4.2: An ráta báis mar gheall ar fhéinmharú

Faoin struchtúr seo, agus an dul chun cinn á rianú i leith Sprioc 3, bailíonn rialtais sonraí faoi rátaí báis le galar croí nó ailse agus galair eile agus rátaí báis le féinmharú, agus déanann siad anailís orthu. Faoi 2030, má léiríonn na sonraí sin go bhfuil básanna ó ghallair neamh-thógálacha tite faoi 1/3, beidh a fhios againn go bhfuil an ghné sin de Sprioc 3 bainte amach.

Tá sé tábhachtach go mbeadh struchtúir chun sonraí a bhailiú agus sonraí iontaofa ar fáil chun dul chun cinn na forbartha inbhuanaithe a thomhas. Is bac ollmhór é an t-airgead atá ag teastáil chun córais bailithe sonraí a thógáil nó a fheabhsú i roinnt tíortha sa Domhan Theas lena chinntiú go gcuirfear na daoine is mó faoi mhíbhuntáiste san áireamh agus go ndéanfar iad a chomhaireamh. I measc an 20% is boichte de na daoine ar domhan, ní chláraítear ach 33% de na naíonáin a thagann ar an saol. Ó thaobh sonraí oifigiúla de, bíonn na daoine sin dofheicthe agus mar sin ní fhaigheann siad na tacaíochtaí atá ag gabháil dóibh. Tá sé ríthábhachtach tuiscint níos fearr a bheith againn ar cé hiad na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste, na deacrachtaí atá acu agus conas is féidir na deacrachtaí sin a shárú chun cloí le gealltanas na Spriocanna Domhanda maidir le Gan Aon Duine a Fhágáil ar Leataobh.

Constaic a ceathair: Gníomh deonach nó gníomh éigeantach

Is treoir uilíoch chun gnímh iad na Spriocanna Domhanda, ach níl siad ceangailteach ó thaobh dlí de. Na rialtais sna 193 thír a ghlac na Spriocanna Domhanda, bíonn coinne leis go gcuirfidh siad beartais agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis na Spriocanna i bhfeidhm agus go ndéanfaidh siad tuairisciú ar dhul chun cinn náisiúnta do chomhlacht sna Náisiúin Aontaithe ar a dtugtar an Fóram Polaitiúil Ardleibhéil um Fhorbairt Inbhuanaithe. Is ar bhonn deonach a dhéantar athbhreithniú i gcomhair an Fhórait sin, agus déanann tíortha sa Domhan Thuaidh agus sa Domhan Theas iad. Is é aidhm na n-athbhreithnithe náisiúnta deonacha cuidiú le tíortha a dtaithí féin a roinnt, agus éachtaí, dúshlán agus ceachtanna a d'fhoghlaim siad san áireamh, ionas gur féidir Clár Oibre 2030 a chur i ngníomh go tapa. Ceapann roinnt tráchtairí gur gá na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bheith éigeantach le go mbeadh aon seans ann go mbainfear amach iad – ní hé gur gá iad a bheith éigeantach ó thaobh an dlí de, ach go gcaithfidh náisiúin gníomhú agus a fhios acu nach bhfuil an dara rogha acu ach iad a chur i bhfeidhm.

Constaic a cúig: Comhthéacs atá ag athrú – Aeráid, Coimhlint agus COVID-19

Roimh 2015 a leagadh síos na Spriocanna Domhanda. Cé go dtugtar aitheantas i gcreat na Spriocanna do dhúshlán dhomhanda cosúil leis an ngéarchéim aeráide agus bagairtí ar an tsíocháin, is ríléir anois go bhfuil gá le gníomh práinneach ar son na haeráide; agus tá méadú tagtha ar líon agus ar ghéire na gcoimhlintí agus na gcogaí (a bhfuil baint níos mó agus níos mó acu leis an aeráid). Ina theannta sin, le paidéim dhomhanda COVID-19, a tharla idir 2020 agus 2023, leagadh béim ar na tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a bhíonn ag géarchéim sláinte dhomhanda, chuaigh an neamhionannas a bhí ann cheana in olcas, nochtadh laigí sa chumas atá ag tíortha saibhre déileáil leis an bpaidéim ó thaobh na heacnamaíochta de, agus cuireadh brú breise ar an maoiniú i gcomhair na SpTá cúrsaí ar domhan imithe in olcas ó bhí 2015 ann i dtaobh coimhlintí a bheith ag tarlú. Tá coimhlintí éirithe níos casta anois, mar gheall ar réigiúniú níos treise, grúpaí armtha neamhstáit a bheith ag dul i



líonmhaire, agus na naisc a bhíonn idir na grúpaí sin agus coirpigh agus fiú sceimhlitheoirí. Is faide a mhaireann coimhlintí anois agus tá sé níos deacra iad a réiteach – bíonn brú ollmhór ar struchtúir agus sásraí idirnáisiúnta chun teacht ar réiteach orthu.

De réir thuascáil na bliana 2022 ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, tá thart ar leath de na daoine ar domhan an-leochaileach anois i leith tubaistí a eascraíonn as breoslaí iontaise a dhó. Bíonn tionchar díréireach ag an ngéarchéim aeráide ar dhaoine atá ina gcónaí i gcuid de na tíortha is leochailí ar domhan agus na tíortha ina bhfuil coimhlint ar bun, agus is iad na daoine sin is mó atá i mbaol a ndíláithrithe. Ní haon chomhtharlú é go bhfuil feachtas síochánaíochta nó misean polaitiúil speisialta ar siúl ag na Náisiúin Aontaithe in ocht gcinn de na 15 thír is mó a bhféadfadh an t-athrú aeráide dul i gcion orthu. Ón tSaiheil agus Lár na hAfraice go dtí Corn na hAfraice, tá éagsúlacht sna patrúin bháistí ag cur isteach ar an gcaoi a mbainistíonn feirmeoirí a dtréada agus a gcuid beithíoch, rud is cúis le teannas agus aighneas idir pobail, agus daoine ar an dá thaobh de theorainneacha náisiúnta san áireamh. Sampla níos gaire den bhaile is ea an t-ionsaí atá á dhéanamh ag arm na Rúise ar an Úcráin, ionsaí a íoctar as trí chúilchistí ollmhóra ola agus gáis a dhíol le tíortha Eorpacha.

Cé gur léiríodh tionchar COVID-19 ar an tsláinte sna meáin chumarsáide ar fud an domhain, is é an bhagairt sláinte is mó atá le sárú ag an gcine daonna ná an cliseadh aeráide. Tá an t-athrú aeráide ag déanamh dochar don tsláinte cheana féin trí thruailliú aer, galair, babhtáí adhaimsire, díláithriú éigeantach, éiginnteacht an tsoláthair bia agus daoine a bheith faoi bhrú ó thaobh na meabhairshláinte de. Téann tosca comhshaoil i bhfeidhm ar shaol thart ar 13 mhilliún duine gach uile bhliain. Tá an bhithéagsúlacht á cailliúint go tréan, rud a bhaineann an bonn arís eile de chobhsaíocht na haeráide, agus a chuireann leis an mbaol go scaipfeadh galair thógálacha. Dá gcomhlíonfaí spriocanna Chomhaontú Aeráide Pháras, d'fhéadfaí thart ar aon mhilliún duine in aghaidh na bliana a thabhairt slán ar fud an domhain faoi 2050, gan ach an laghdú ar thruailliú aer a chur san áireamh. Bheadh luach na dtairbhí sláinte a bhaineann le hastaíochtaí a laghdú thart ar dhá oiread chomh mór leis an gcostas a bhainfeadh le bearta maolaithe a chur i bhfeidhm ar fud an domhain. Cé gur neartaigh COVID-19 an tuiscint ar a leochailí atá an earnáil sláinte i leith na géarchéime aeráide, tá bearna ollmhór airgeadais ann fós, agus tá níos lú ná 2% den mhaoiniú iltaobhach i leith na haeráide á chaitheamh ar thionscadail sláinte.

Constaic a sé: Dearcadh ar an Saol

In 2014, d'fhoilsigh Dóchas, cumann eagraíochtaí forbartha neamhrialtasacha na hÉireann, tuarascáil dar teideal 'Finding Irish Frames: Exploring how Irish NGOs communicate with the public'. Leagadh amach sa tuarascáil sin gurb é an bealach is coitianta a bhíonn ag eagraíochtaí neamhrialtasacha chun dul i bhfeidhm ar phobal na hÉireann ná cur chuige carthanachta a úsáid. Is é an fhadhb a bhaineann le cur chuige carthanachta ná go dtugtar le fios leis nach bhfuil daoine bochta in ann cuidiú leo féin agus go mbíonn cúnamh seasta ag teastáil uathu. Leis an gcur chuige sin, is furasta smaoineamh ar dhaoine bochta mar dhream nach ionann iad agus muid féin. Roinneann sé an domhan i ngrúpaí daoine éagsúla: 'saibhir' agus 'bocht', 'uasal' agus 'íseal', 'tugtha slán' agus 'slánaitheoirí'. Fágann sé sin go mbíonn íomhá ghruama, steiréitipiciúil againn d'ilchríocha áirithe – an Afraic nó Meiriceá Laidineach, mar shampla.

Ar a bhonn sin agus ar bhonn taighde ábhartha eile, thug eagraíochtaí neamhrialtasacha in Éirinn isteach Cód Iompair maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí. Geallann eagraíochtaí neamhrialtasacha atá lonnaithe in Éirinn agus a shínigh an Cód sin go gcuirfidh siad in iúl cén sórt saoil a bhíonn ag daoine bochta, ach go gcaithfidh siad leo le meas agus le tuiscint ar a ndínt. In 2021, choimisiúnaigh Dóchas taighde faoin gcumarsáid a dhéanann na heagraíochtaí a shínigh an Cód. Léirigh an taighde sin gur tháinig feabhas ar chleachtas na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha a shínigh an Cód Iompair maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí. Mar sin féin, ní hiad na heagraíochtaí neamhrialtasacha a shínigh an Cód amháin a bhíonn i mbun cumarsáid faoi dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste, fadhbanna gaolmhara agus na tíortha a bhfuil cónaí orthu. Is ann go fóill d'ardáin meán sóisialta, uirlisí margaíochta, ábhair oideachais agus tuairimíocht a mbíonn dearcadh carthanachta acu ar an saol, nó meon steiréitipiciúil nó cur chuige idirdhealaitheach.



Bíonn tionchar ag na teachtaireachtaí sin ar ár gcruinneshamhail féin, nó an dearcadh atá againn ar an saol, ionas gur minic nach gcuireann daoine in Éirinn agus i dtíortha eile sa Domhan Thuaidh san áireamh an tionchar atá ag ár stíl mhaireachtála, ár bpribhléid agus ár gcórais dhomhanda trádála agus polaitíochta féin ó thaobh fadhbanna a chothú – fadhbanna cosúil leis an mbochtaineacht, an éagothroime, coimhlintí, cliseadh aeráide agus meath na bithéagsúlachta.

Ní mór dúinne breathnú ar an dearcadh atá againn féin ar an saol má táimid chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Ní mór dúinn anailís chriticiúil a dhéanamh ar an méid a dhéanaimid féin, asainn féin agus le chéile, a chuireann leis na fadhbanna domhanda. Ní mór dúinn smaoineamh ar bhealach difriúil faoin ról atá againn féin agus ag gach duine eile ar an domhan seo ar a gcónaí le chéile.



Ag smaoineamh ar na Spriocanna Domhanda

‘Tá rún daingean againn an cine daonna a scaoileadh saor ó chuing na bochtaineachta agus an ghanntanais, agus ár bpláinéad a leigheas agus a choinneáil slán. Táimid meáite ar thabhairt faoin athrú mór a bhfuil géarghá leis chun an domhan a chur ar bhóthar inbhuanaithe, seasmhach. Agus muid ag tabhairt faoin mbóthar sin le chéile, geallaimid nach bhfágfar aon duine ar leataobh.’

Na Náisiúin Aontaithe (2015). Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development



**GAN AON DUINE A
FHÁGÁIL AR LEATAOBH**



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Gealltanais

Tá an gealltanais ‘Gan Aon Duine a Fhágáil ar Leataobh’ le sonrú sna Spriocanna Domhanda agus sna cuspóirí a ghabhann leo. Téigh go dtí www.globalgoals.org

Aimsigh trí Sprioc Dhomhanda nó níos mó ina bhfuil an gealltanais sin le sonrú go soiléir.

Gníomhaí ar son cearta Daoine Bundúchasacha

Bainteath le Torthaí Foghlama 1.5, 2.5, 2.8 agus 3.13; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Is iad na Daoine Bundúchasacha sliocht an chéad ghrúpa eitnigh daoine a chuir fúthu i dtír nó i réigiún geografach. Meastar go bhfuil thart ar 370 milliún duine bundúchasach ar domhan inniu, agus ina measc tá na Sáimigh i dtuaisceart na hEorpa, na daoine bundúchasacha (Aborigines) agus muintir Oileáin Chaolas Torres san Astráil, na Mincéirí in Éirinn, na Māori sa Nua-Shéalainn, agus pobal Waorani in Eacuadór.

Cé nach pobail bhundúchasacha iad ach 6% de dhaonra an domhain, cosnaíonn siad 80% den bhithéagsúlacht atá fágtha, i gceantair ar linnte móra carbóin iad, agus mar sin tá siad ríthábhachtach chun maolú a dhéanamh ar an gcliseadh aeráide. Ag an am céanna, tá go leor pobail bhundúchasacha – go háirithe iad siúd i réigiúin iargúlta – a bhfuil an iomaí rud ag bagairt orthu – an bhochtaineacht, galair, éagóir a bhaineann leis an gcomhshaol agus sárúithe ar chearta an duine, mar shampla.

Déan taighde ar líne faoi dhaoine óga bundúchasacha a bhíonn i mbun feachtasaíochta agus gníomhaíochta – d’fhéadfá roinnt de na heochairfhocail seo a leanas a úsáid: bundúchasach, óige, feachtas, gníomhaí, ealaíontóir, aeráid, cultúr, oideachas, comhshaol, scannán, cearta an duine, agóid, máirseáil, ceol, óráid.

Breathnaigh ar na straitéisí feachtasaíochta/gníomhaíochta a úsáideann duine óg bundúchasach amháin nó cúpla duine faoi na ceannteidil seo a leanas: comhthéacs, cuspóir, spriocghrúpa, lucht tacaíochta, príomhtheachtaireachtaí, toradh inmhianaithe.

Suaithéantas

Bainteath le Torthaí Foghlama 2.10; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Dear suaithéantas atá bunaithe ar an smaoineamh gurb é bunús na Spriocanna Domhanda ‘Gan Aon Duine a Fhágáil ar Leataobh’. D’fhéadfá do shuaithéantas a dhéanamh as páipéar daite, as teicstílí nó le huirilis dhigiteach nó aip chuí. Ná déan dearmad a bheith chomh hinbhuanaithe agus is féidir leat agus tú ag roghnú an ábhair a mbeidh tú ag obair leis!

Caith do shuaithéantas sa bhaile agus ar scoil agus inis don oiread daoine agus is féidir céard is brí leis.



An é nach bhfuil ann ach Mana?

Bainteach le Torthaí Foghlama 2.4 agus 3.13

Déan do mhachnamh ar feadh nóiméid faoin ráiteas seo: ‘Gan aon duine a fhágáil ar leataobh: níl ansin ach mana.’

- An gceapann tú gur mana gan fiúntas ar bith é ‘Gan aon duine a fhágáil ar leataobh’?
- An aisling é nó an rud é is féidir a bhaint amach?
- An gceapann tú go spreagfaidh sé daoine aonair, pobail, gnólachtaí, earnáil na talmhaíochta agus rialtais chun gníomhú agus cuidiú na Spriocanna Domhanda a bhaint amach?

Freagair na ceistanna seo agus mínigh do fhreagra, ansin scríobh síos abairt amháin ag tosú le ‘Sílím....’ ar chlár bán beag nó ar phíosca páipéir.

Croch suas an abairt ionas go bhfeicfidh gach duine sa rang í.

Glac páirt i bplé ranga bunaithe ar na freagraí atá ag na scoláirí go léir.

Misean

Bainteach le Toradh Foghlama 2.10; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Watch (2016) ‘Leave No One Behind’ (3.36mins) (see Links section).

Breathnaigh ar an bhfíseán ‘Leave No One Behind’ (3.36 nóiméad, 2016) (féach na Naisc).

San fhíseán, deir duine óg (i bhFraincis), ‘Tá misean ag gach duine ar domhan. Tá misean agamsa freisin.’

I do rogha teanga, abair cén Sprioc Dhomhanda ar cheart do Rialtas na hÉireann díriú uirthi (a bheadh ina misean aige), mínigh do rogha, smaoinigh ar dhá ghníomh a d’fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun cuidiú an Sprioc sin a bhaint amach agus déan cur síos ar an gcaoi a bhféadfaidís an dul chun cinn a thomhas i ndáil leis an ngníomh sin.



GAN AON DUINE A FHÁGÁIL AR LEATAOBH



Comhar um Fhorbairt Thar Lear

Bainteach le Toradh Foghlama 2.8

Is é Dóchas Líonra na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha in Éirinn a bhíonn ag plé leis an bhforbairt thar lear, agus i mí na Nollag 2021 rinne sé suirbhé inar aontaigh 34% de na daoine a thug freagra (2,026 duine) gur cheart do Rialtas na hÉireann buiséad an chomhair forbartha thar lear (cúnamh) a mhéadú. Dúirt 42% eile gur cheart an buiséad a fhágáil mar atá.

Léigh na deich ráiteas thíos agus smaoinigh ar do chuid tuairimí agus meonta féin i ndáil leis an gcomhar um fhorbairt thar lear:

1. Má fhaigheann daoine cúnamh, ní bhíonn fonn ar bith orthu cuidiú leo féin.
2. Ní fiú cúnamh a thabhairt ós rud é nach dtagann an t-airgead chomh fada leis na daoine is mó atá i ngátar.
3. Is iondúil gur rialtais éillitheacha a bhíonn ag na tíortha a fhaigheann cúnamh, nó ar a laghad ar bith gur rialtais neamhéifeachtacha iad.
4. Tugann Éire a dóthain cúnamh do na tíortha is boichte.
5. Is maith an rud é i gcónaí cúnamh a thabhairt.
6. Nuair a bhíonn an saol crua anseo in Éirinn, ba chóir dúinn an méid cúnamh a thugaimid do thíortha eile a laghdú.
7. Is é an rud is ceart a dhéanamh ná cúnamh a thabhairt.
8. Ní bheidh dea-thoradh ar an gcúnamh a fhad is a bheidh córais éagóracha trádála ann idir tíortha.
9. Déirc atá i gceist leis an gcúnamh, nó cuidiú leo siúd nach bhfuil saol chomh maith acu is atá againn féin.
10. Ba chóir d'Éirinn seasamh leis an ngealltanas a thug sí 0.7% den ollioncam náisiúnta a chaitheamh ar chúnamh thar lear.

Glac páirt i ndíospóireacht siúlóide faoin gcúnamh thar lear. Téigh i dtreo comhartha ar a bhfuil an lipéad 'Aontaím', 'Ní aontaím,' nó 'Níl mé cinnte' mar fhreagra ar na ráitis a léifidh do mhúinteoir amach.

Éist go géar le tuairimí na scoláirí eile, agus ná bíodh drogall ort bogadh chuig comhartha eile am ar bith má chloiseann tú rud éigin a chuireann fonn ort teacht ar mhalairt tuairime.

Dífhás

Bainteach le Toradh Foghlama 2.2

- Féach ar BBC Newsnight (2017) 'Our addiction to economic growth is killing us' (2.02 nóiméad) (féach na Naisc).
- Agus sibh in bhur mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, pléigí cén sórt lá a bheadh agat dá gcuirfí 'human flourishing in harmony with the planet' chun cinn sa gheilleagar.
- Féach ar fhíseán CNBC ó 2022 maidir le Dhífhás, ina gcuirtear an cheist 'An bhfuil sé in am maireachtáil ar bhealach níos fearr agus níos lú rudaí a bheith againn?' (6:36 nóiméad) (féach na Naisc).
- Pléigí an cheist agus breathnaígh ar na féidearthachtaí agus na teorainneacha a bhaineann le maireachtáil ar bhealach níos fearr agus níos lú rudaí a bheith againn.



Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

Bainteach le Torthaí Foghlama 2.4, 2.7, 2.10, 3.3 agus 3.4; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Tá Coiste Forbartha Pobail Áitiúil ag gach údarás áitiúil in Éirinn chun an fhorbairt a chomhordú ar an leibhéal áitiúil (féach na Naisc). I measc na mball tá oifigigh thofa, gníomhaireachtaí forbartha áitiúla stáit agus neamhstáit, eagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí deonacha agus ionadaithe eile ón tsochaí shibhialta, agus ionadaithe gnólaachtaí agus feirmeoirí ina measc.

Ullmhaigh roinnt ceisteanna do Choiste Forbartha Pobail Áitiúil do cheantair féin faoi na rudaí atá ar bun acu chun díriú ar na Spriocanna Domhanda ar an leibhéal áitiúil.

@Baile

Bainteach le Toradh Foghlama 2.2; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Déan físeán faoin bhforbairt agus na hathruithe i do scoil nó i do cheantar féin le linn téarma scoile nó scoilbhliana. Bíodh an físeán i dteanga éigin seachas Béarla agus luaigh na Spriocanna Domhanda ann uair amháin ar a laghad.

Seol/foilsigh an físeán @Baile a rinne tú le linn sheachtain/lá idirchultúrtha na scoile agus/nó seol an físeán chuig Teagacha Lar-bhunscoile Éireann (féach na Naisc).

Ceannlínte Leochaileacha

Bainteach le Torthaí Foghlama 2.9 agus 3.5

Is féidir stáit (tíortha) a aicmiú mar chinn leochaileacha ar chúiseanna éagsúla eacnamaíocha, comhshaoil, polaitiúla agus/nó sóisialta. Mar shampla, d'fhéadfadh sé gur tharla coimhlint, ionsaí nó cogadh iontu, nó géarchéim dhaonnúil nó géarchéim nádúrtha, d'fhéadfaidís a bheith go dona as i dtaobh bochtaineachta nó éagothroime de, nó díghrádú comhshaoil, cliseadh rialtais, fás daonra neamh-inbhuanaithe nó díláithriú a bheith ag tarlú iontu, nó d'fhéadfaidís a bheith fós ag teacht chucu féin ó cheann de na dúshláin sin.

Bailígí ceannlínte nuachta ón mbliain anuraidh a bhaineann le ceann de na deich stát ba leochaíle ar domhan in 2021: Éimin, an tSomáil, an tSiria, an tSúdáin Theas, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Poblacht na hAfraice Láir, Sead, an tSúdáin, an Afganastáin, nó an tSiombáib.

Agus sibh in bhur ngrúpaí beaga, taispeánaigí bhur gceannlínte dá chéile agus pléigí cúiseanna agus éifeachtaí na leochaileachta sna stáit sin.

Ár bPláinéad, Ár Sláinte

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1 agus 2.1

Féach ar an bhfíseán 'Our Planet, Our Health – World Health Day 2022' (1.27 nóiméad) a rinne an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (2022) (féach na Naisc).

Déan liosta de 5 bhealach ar a laghad a bhféadfaí an abairt seo a chríochnú: 'Bíonn ár sláinte ag brath ar...'



Dearcadh ar an Saol

Bainteach le Toradh Foghlama 3.12; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránacht

Iarr ar an méid céanna daoine fásta agus daoine óga freagra amháin a roghnú ar an gceist seo a leanas: ‘Cé acu de na nithe seo a leanas a bhfuil an tionchar is mó aige ar do thuairimí faoi dhaoine agus áiteanna lasmuigh d’Éirinn?’

- Nuacht teilifíse (gnáth-theilifís nó clár ar líne)
- Mo theaghlach/daoine muinteartha liom
- Nuachtáin (i gcló nó ar líne)
- Cairde
- Na Meáin Shóisialta (Facebook, Twitter, Instagram agus araile)
- An nuacht ar an raidió (gnáthraidió nó raidió ar líne)
- Grúpaí/ionadaithe leasa speisialta
- Páirtithe/eagraíochtaí polaitiúla
- Scoileanna/coláistí/ollscoileanna
- Podchraoltaí
- Daoine cáiliúla nó tionchair
- Comhlachtaí/eagraíochtaí reiligiúnacha

Bailigh na sonraí agus déan anailís orthu, agus féach cé na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir torthaí na ndaoine fásta agus torthaí na ndaoine óga.

Feachtas ‘Déan Féin É’

Bainteach le Torthaí Foghlama 2.8, 2.10, 3.12 agus 3.13; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Féachaigí ar fhíseán Greenpeace (2016) ‘Ludovico Einaudi on the Arctic Ocean’ (3.13 nóiméad) (féach na Naisc). Pléigí éifeachtacht an chultúir (ealaín, litríocht, filíocht, ceol, spórt, drámaíocht agus araile) maidir le daoine óga a spreagadh chun na Spriocanna Domhanda a phlé. Breac síos na príomhphointí a eascraíonn as an bplé.

Téigh i dteagmháil le heagraíocht meáin thraidisiúnta nó ar líne, áitiúil nó náisiúnta, chun iarraidh uirthi tuilleadh tuairiscithe a dhéanamh ar rudaí a bhaineann leis na Spriocanna Domhanda. Roinn do thuairimí faoin gcaoi is fearr le dul i gcomhairle le daoine óga agus spéis a mhúscailt iontu (féach na Naisc).

An féidir na Spriocanna a bhaint amach?

Bainteach le Torthaí Foghlama 2.8, 2.10, 3.12 agus 3.13; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Cad iad na constaicí nó na bacainní is mó atá ann, dar leat, maidir leis na 17 Sprioc Dhomhanda a bhaint amach faoi 2030?

- Scríobh do chuid freagraí ar nóta beag greamaitheach nó ar phíosa páipéir maidir le gach sprioc.
- Taispeáin do chuid nótaí /píosaí páipéir do ghrúpa scoláirí.
- Téigí ag obair in éindí chun iad a chur i gcatagóirí de réir téamaí. Bainigí úsáid as na téamaí sin chun grafaic faisnéise a dhéanamh.
- Seolaigí bhur ngrafaic faisnéise chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoin teideal ‘Spriocanna Domhanda – Athbhreithniú Náisiúnta Deonach’.



Logáil Amach

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.11, 2.12, 3.1 agus 3.14

Smaoinigh siar ar na gníomhaíochtaí éagsúla sa chuid seo.

- An ndearna tú gach iarracht páirt a ghlacadh iontu?
- Ar éist tú le daoine eile agus an ndearna tú cinnte de go raibh ról gníomhach acu sna pléití?
- Ar fágadh aon duine ar leataobh?
- Cad is féidir leat a dhéanamh lena chinntiú go dtabharfar aird ar thuairimí gach duine sa rang as seo amach?



Naisc Úsáideacha

Misean

- Spriocanna Domhanda (2016) 'Leave No One Behind' (3.36 nóiméad):
<https://www.youtube.com/watch?v=pBqe8JD62QE>

Dífhás

- BBC Newsnight (2017) 'Our addiction to economic growth is killing us' (2.02 nóiméad):
<https://www.youtube.com/watch?v=HckWP75yk9g>
- Degrowth: Is it time to live better with less? (CNBC, 2022: 6.36 nóiméad)
<https://www.youtube.com/watch?v=la8u5P0KbPQ>

Ár bpláinéad, ár sláinte

- An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (2022) 'Our Planet, Our Health – World Health Day 2022' (1.27 nóiméad):
<https://www.youtube.com/watch?v=ZmV9wQoAvHo&t=87s>

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

- Liosta teagmhálaithe na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúil:
<https://www.gov.ie/en/publication/38066e-local-community-development-committees-list/>

@Baile

- Teangacha Iar-bhunscoile Éireann:
<https://ppli.ie/contact/>

Feachtas 'Déan Féin É'

- Greenpeace (2016) 'Ludovico Einaudi on the Arctic Ocean' (3.13 nóiméad) (féach na Naisc)
<https://www.youtube.com/watch?v=dHpHxA-9CVM>



Toradh foghlama mar thús aistir = Toradh Foghlama 3.11


Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: ‘fiosrú a dhéanamh conas a d’úsáid daoine aonair nó grúpaí an dlí chun athruithe a dhéanamh sa tsochaí’.



EOLAS DO MHÚINTEOIRÍ

- Cé mhéad tacaíochta domhanda atá ann don ghníomhú ar son na haeráide?
- Cén chaoi a bhfuil an dlí á úsáid chun gníomh a dhéanamh ar son na haeráide?
- Cén chaoi a bhfuil ionstraimí chearta an duine á n-úsáid lena chur ina luí ar rialtais agus corparáidí astaíochtaí a laghdú agus déileáil leis an tionchar a bheidh ag an gcliseadh aeráide?

Idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2020, rinne Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) suirbhé ar an athrú aeráide – rinne sé teagmháil le 1.2 milliún duine in 50 tír trí fhógraí i gcluichí físeáin agus i bpuzail, cosúil le Angry Birds, Subway Surfers, Sudoku agus Words With Friends. Fiú agus iad sáite i bpaindéim dhomhanda COVID-19, rinne 64% de na freagróirí cur síos ar an athrú aeráide mar ‘éigeandáil dhomhanda’, agus d’aontaigh siad go mór gur mhian leo ‘beartais aeráide fhairsinge a bheith ann, agus níos mó acu ná mar atá faoi láthair’. De réir an Chláir Forbartha, léiríonn torthaí an tsuirbhé sin go bhfuil tacaíocht fhorleathan ann don ghníomhú ar son na haeráide ar fud an domhain, beag beann ar aois, áit, inscne agus leibhéal oideachais.



Fíor 7: Torthaí shuirbhé UNDP 2020 ar an athrú aeráide



Is féidir gníomhú ar son na haeráide ar an iomaí bealach, agus ceann acu is ea dlíthíocht aeráide, is é sin dul chuig na cúirteanna chun cur i gcoinne an dochair a dhéantar mar gheall ar an athrú aeráide nó mar gheall ar easpa gníomhaíochta ar son na haeráide. Go dtí seo, tá straitéisí éagsúla úsáidte ag na daoine atá i mbun dlíthíochta aeráide, agus is fearr a d'éirigh le cuid acu ná a chéile. Déantar cásanna dlí a thionscnamh ina n-áitítear go bhfuil oibleagáid ar rialtais seasamh le cearta an duine trí leibhéil chontúirteacha astaíochtaí carbóin a sheachaint, agus tá cásanna dá leithéid ag éirí níos coitianta. Seo thíos roinnt cásanna dlíthíochta den sórt sin ar fud an domhain.

1. An argóint ar éirigh léi i gcás mór **Urgenda** san Ísiltír, is ar chearta an duine a bhí sí bunaithe.. Ba é Fondúireacht Urgenda a thug an cás – grúpa feachtasaíochta ar son na haeráide a dhéanann ionadaíocht ar leasanna 900 saoránach den Ísiltír a mhaígh go raibh a rialtas á gcur i mbaol ar leibhéal doghlactha, toisc sprioc ró-iseal a bheith leagtha síos chun astaíochtaí a laghdú de 14-17% faoi 2020, ó leibhéil 1990. In 2019, rialaigh Cúirt Uachtarach na hÍsiltíre nár chosain rialtas na hÍsiltíre cearta a saoránach toisc go ndearna sé sárú ar Airteagal 2 (an ceart chun beatha) agus Airteagal 8 (an ceart chun meas ar an saol príobháideach agus ar an saol teaghlaigh) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD). Ordaíodh don rialtas astaíochtaí a laghdú faoi 25% ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990, agus ésin a dhéanamh faoi dheireadh 2020. San áireamh ansin bhí ciorrú siar ar phleananna i gcomhair gléasraí ina ndóitear gual, agus bearta comhlíontachta eile a dhéanamh ar chostas thart ar €3 bhilliún. Laghdaíodh astaíochtaí san Ísiltír in 2020 de thart ar 24%, ach níor baineadh amach go baileach an sprioc a bhí leagtha síos ag an gcúirt. Tá Fondúireacht Urgenda ag smaoineamh anois ar an dlí a chur ar an rialtas chun damáistí a fháil toisc nach leor an gníomhaíocht a rinne sé ar son na haeráide.
2. Bhí argóintí den sórt céanna ag **Cairde Chomhshaol na hÉireann** maidir le ceart chun beatha i gcás a thionscain siad in aghaidh Rialtas na hÉireann. In 2020, d'ordaigh an Chúirt Uachtarach in Éirinn don rialtas Plean Maolaithe Aeráide náisiúnta nua a dhréachtú ina mbeadh dóthain sonraí lena thaispeáint conas a bhainfí amach uailmhianta an Achta um Gníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015, agus conas a chomhlíonfaí an sprioc maidir le hastaíochtaí a laghdú 80% faoi 2050, i gcomparáid le leibhéil 1990. Mar sin féin, níor thug an chúirt breith ar na hargóintí maidir le cearta an duine a rinne Cairde Chomhshaol na hÉireann, ar an mbonn nach raibh an seasamh ag an eagraíocht sin, toisc gur eintiteas corparáideach é, chun cás dlí a bhunú ar chearta an duine.
3. Ba ar chearta an duine a bhí cásanna móra maidir le díláithriú ar chúiseanna aeráide bunaithe freisin. Is é sin an argóint a rinne **Ioane Teitiota**, fear as Tarawa, atall coiréil ar cuid é d'oileán Chiribeas, náisiún san Aigéan Ciúin. Agus é ina chónaí sa Nua-Shéalainn, bhain Teitiota leas as an gcóras dlí chun cur in aghaidh na hiarrachta é a dhíbirt ar ais go Ciribeas. D'áitigh Teitiota go mbeadh sé féin agus a chuid páistí go mór i mbaol dá gcuirfí ar ais iad chuig Tarawa – áit atá faoi bhagairt ag ardú na farraige agus ag tionchair an athraithe aeráide, ar nós uisce óil a bheith á thruailliú ag an uisce saile. Tar éis do Chúirt Uachtarach na Nua-Shéalainne diúltú glacadh leis go raibh stádas 'dídeanaí aeráide' ag Teitiota, thug sé a chás chuig Coiste um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe. Cé gur dhiúltaigh an coiste don chás a rinne Teitiota ar an mbonn nach raibh sé i mbaol láithreach, i mí Eanáir 2020 rialaigh sé nach bhféadfadh daoine a dhíbirt má tá a mbeatha i mbaol de bharr cúinsí a bhaineann leis an aeráid. Dúirt an coiste 'ós rud é gur baol ollmhór amach is amach é an baol go bhféadfadh tír go léir dul faoi uisce, d'fhéadfadh na cúinsí maireachtála sa tír sin a bheith ag teacht salach ar an gceart chun maireachtáil faoi lán dínite, fiú sula dtarlódh sé sin'. Tá an bhreith sin an-tábhachtach ar fad ós rud é go bhfuil impleachtaí aici maidir le hoibleagáidí a d'fhéadfadh a bheith ar thíortha amach anseo glacadh le dídeanaíthe aeráide, dream daoine nach gclúdaítear faoi Choinbhinsiún na Ginéive faoi láthair.



4. Na daoine óga a théann i mbun dlíthíochta, is minice agus is minice anois a bhunaíonn siad a gcásanna dlí aeráide ar choincheap na héagthroime idir glúnta, agus iad á argóint go bhfuil an easpa gníomhaíochta ar son na haeráide ag teacht salach ar a gcearta féin agus ar chearta na nglúnta atá le teacht. Sampla amháin de sin is ea an cás dlí aeráide **Juliana v. Stáit Aontaithe Mheiriceá**, a tionscnaíodh in 2015. Ba iad 21 duine óg a thionscain an cás agus rinne eagraíocht neamhrialtasach Meiriceánach, Our Children's Trust, ionadaíocht dóibh. Rinne an grúpa sin, faoi threoir Kelsey Juliana, a bhí 15 bliana d'aois ag an am, achomharc i gcúirt in Oregon, agus iad ag iarraidh go ndéanadh rialtas feidearálach Stáit Aontaithe Mheiriceá laghdú mór ar astaíochtaí CO2. D'áitigh siad gur sháraigh rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá, trí ghníomhartha dearfacha is cúis le hathrú aeráide, cearta bunreachtúla na glúine is óige chun beatha, saoirse agus maoin agus nár chosain an rialtas sin acmhainní riachtanacha a bhí in iontaoibh don phobal. Deirtear sa Chúigiú Leasú ar Bhunreacht Mheiriceá nach féidir saol, saoirse ná maoin a bhaint de Mheiriceánaigh gan próiseas dlí cuí. D'áitigh na daoine óga gur sáraíodh a gcearta bunreachtúla nuair a fágadh iad gan córas aeráide atá in ann beatha daoine a chothú.

Ag éisteacht sa chás a thionóil an Naoú Cúirt Chuarda Achomhairc [cúirt chónaidhme SAM a thagann díreach faoi bhun na Cúirte Uachtaraí] ar an 4 Meitheamh 2019, rialaigh na breithiúna (triúr in aghaidh duine) nár tháinig an cás faoi shainchúram na cúirte agus gur cheart é a chur faoi bhráid bhrainsí polaitiúla an rialtais. B'fhéidir go bhfuil Juliana v. Stáit Aontaithe Mheiriceá ar cheann de na cásanna sin inar thuig na gearánaithe go rí-mhaith nach raibh mórán seans ann go n-éireodh leo, ach gur thuig siad freisin gur bhain an-tábhacht leis an tráchttaireacht sna meáin, agus go bhféadfaí fasach a leagan síos, is é sin le rá bunchloch a leagan síos i gcomhair cásanna eile. Ó tugadh an bhreith, tá roinnt achomharc eisithe ag na daoine óga a bhí páirteach sa chás, tá réimse cásanna cosúil leis tionscanta in aghaidh Stáit aonair, agus, in Louisiana, tá éileamh faoi chearta an duine a bhaineann leis an athrú aeráide comhdaithe ag ceithre threibh dhúchasacha os comhair na Náisiún Aontaithe.

5. In 2018, thug 25 dhuine óg, idir 7 agus 26 bliana d'aois, cás cúirte os comhair Chúirt Uachtarach na Colóime, le tacaíocht ó **Dejusticia**, eagraíocht neamhrialtasach i mBogóta a bhíonn ag plé le cearta an duine. D'áitigh na daoine óga sin gur sáraíodh a gcearta féin agus cearta na nglúnta atá le teacht toisc gur theip ar a rialtas stop a chur leis an difhóraoisíú a bhí ag tarlú i bhforaais bháistí na hAmasóine. Rinne siad ceangal idir an t-athrú aeráide agus an difhóraoisíú agus d'áitigh siad freisin go ndéanann an difhóraoisíú damáiste d'éiceachórais agus d'fhoinsí uisce agus go mbíonn díghrádú talún ina thoradh air. D'aontaigh an chúirt leo agus d'ordaigh sí do rialtas na Colóime plean a cheapadh chun an difhóraoisíú a laghdú.

Cás eisceachtúil a bhí ansin mar gur thug an chúirt aitheantas do cheantar na hAmasóine sa Cholóim mar 'aonán atá faoi réir ceart' ina breith, rud a chiallaíonn gur bronnadh na cearta dlíthiúla céanna ar an bhforaais bháistí agus atá ag duine. Tá cásanna dá leithéid tionscanta ag daoine óga i bPeiriú agus sa Bhrasail chun stop a chur leis an difhóraoisíú i gceantar na hAmasóine ach níl na himeachtaí dlí sin ach ag tosú faoi láthair. Bliain i ndiaidh na breithe lenar cinneadh go bhfuil cearta dlíthiúla ag ceantar na hAmasóine, b'éigean do na daoine óga filleadh ar an gcúirt mar gheall nach raibh gníomh á dhéanamh ag an rialtas go fóill, rud a léirigh an deacracht a bhíonn ann maidir le breitheanna a bhaineann leis an gcomhshaol a chur i bhfeidhm in aghaidh stát.

6. Ceann de na cásanna aeráide is tábhachtaí atá ar siúl fós, thosaigh sé in 2020 le cás dlí a thionscain seisear páistí agus daoine óga ón bPortaingéil. Rinne na daoine óga sin, ar a dtugtar **#youth4climatejustice** (André Oliveira, Catarina Mota, Claudia Agostinho, Mariana Agostinho, Martim Agostinho agus Sofia Oliveira) gearán leis an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine in aghaidh rialtais 33 tír. I measc na dtíortha sin tá 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh, an Ríocht Aontaithe, an Iorua, an Rúis, an Tuirc, an Eilvéis agus an Úcráin. Maíonn na daoine óga gur sháraigh na 33 tír a gcearta daonna trí gan dóthain a dhéanamh chun dul i ngleic leis an athrú



aeráide. Agus iad ina gceannródaithe san iarracht dhomhanda seasamh leis an gceartas aeráide, is é bunús a gcáis go gcuireann an t-athrú aeráide isteach ar a gceart chun beatha, ar a gceart go ndéanfaí a saol príobháideach agus a saol teaghlaigh a urramú agus ar a gceart nach ndéanfaí leithcheal orthu. Tá an grúpa daoine óga ag iarraidh ar an gCúirt Eorpach breith a thabhairt go bhfuil sé de cheangal ar na 33 thír, faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, dlíthe maidir le laghdú astaíochtaí a chur i bhfeidhm a bheidh bunaithe ar an sprioclaghdú 1.5°C a leagtar síos i gComhaontú Aeráide Pháras 2015. Tá grúpa abhcóidí Briotanacha, ar saineolaithe iad maidir le dlí an chomhshaoil agus an athraithe aeráide, ag déanamh ionadaíocht do na daoine óga sin, le tacaíocht ó *Global Legal Action Network* (GLAN), eagraíocht neamhrialtasach atá lonnaithe in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Tá costais an cháis á gclúdach trí shluachistíú. Is é seo an chéad chás aeráide a tugadh os comhair cúirt idirnáisiúnta a bhfuil an chumhacht aici breitheanna dlí ceangailteacha a eisiúint. Dá n-éireodh leo, bheadh ar na tíortha ar tugadh an cás ina n-aghaidh dlús a chur leis an laghdú astaíochtaí, agus bheadh orthu freisin dul i ngleic leis na rudaí a dhéantar i dtíortha eile a chuireann leis an athrú aeráide, agus a bhfiontar ilnáisiúnta san áireamh.

Is fiú a thabhairt faoi deara gur cuireadh dlús leis an gcás in 2020 agus gur dhaingnigh an Chúirt Eorpach an cinneadh sin in 2021 in ainneoin agóidí ó rialtais na gcosantóirí, rud a léiríonn tábhacht an cháis agus an tús áite atá á thabhairt dó. Agus an téacs seo á scríobh, in 2022, bhí cosaintí na rialtas ar tugadh an cás ina n-aghaidh faighte ag an seisear iarratasóirí óga agus a bhfoireann dlí agus bhí siad ag ullmhú an cháis le héisteacht os comhair 17 mbreitheamh. Tá dlíodóirí comhshaoil, eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus grúpaí abhcóideachta óige ag faire go géar ar an gcás. Dá ndéanfaí cinneadh i bhfabhar na ndaoine óga a thionscain an cás, ba mhó i bhfad an seans go gcuirfeadh cúirteanna thíortha na hEorpa iallach ar rialtais aonair bearta aeráide a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, léireodh an toradh dearfach go bhfuil an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine sásta idirghabháil a dhéanamh sa díospóireacht faoin athrú aeráide agus a bheith gníomhach maidir le caighdeán a leagan síos atá bunaithe ar chearta a saoránach.

7. Cé gur in aghaidh rialtas fós atá formhór na gcásanna dlí a bhaineann leis an aeráid, tá níos mó agus níos mó cásanna á dtionscnamh in aghaidh corparáidí móra a astaíonn carbón freisin. In 2018, rinne an carthanas dlí comhshaoil **ClientEarth** gearán faoi BP, agus é ag cur i leith an chomhlachta ola sin go raibh an pobal á chur amú aige trí dhíriú ar a chuid táirgí ísealcharbóin, cé gur ar ola agus gás a théann 96% dá chaiteachas gach uile bhliain. Snas glas nó *greenwashing* a thugtar air sin.

Mhaigh ClientEarth gur sháraigh an cineál sin fógraíochta na treoirlínte do ghnólachtaí ilnáisiúnta a d'eisigh an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE). Mar gheall ar an ngearán a rinne ClientEarth, tharraing BP siar na fógraí, rud a chuir fainic ar chomhlachtaí breosla iontaise a úsáideann fógraí chun an pobal a chur amú.

8. Go dtí le déanaí bhí sé deacair a chruthú go gcuireann cuideachtaí ar leith leis an athrú aeráide, ach tá brainse eolaíochta ag teacht chun cinn anois chun féachaint cén tionchar a bhíonn ag earnálacha agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla ar an athrú aeráide, i gcomparáid lena chéile. Éisteadh cás trialach a thionscain seacht ngrúpa comhshaoil in aghaidh **Royal Dutch Shell** os comhair na hArd-Chúirte san Ísiltír. Is é a bhí i gceist leis an gcás sin iallach a chur ar Royal Dutch Shell a astaíochtaí CO₂ a laghdú de 45% faoi 2030 agus go náid faoi 2050, i gcomparáid le leibhéal na bliana 2019, i gcomhréir leis an teorainn teochta 1.5C is déine atá leagtha síos i gComhaontú Pháras. Díríonn formhór na gcásanna dlíteanais ar dhamáistí a éileamh as dochar a rinneadh san am atá thart mar gheall ar an athrú aeráide, ach is é atá i gceist le cás Shell teacht roimh an dochar a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo. Leis sin, leagadh síos fasach tábhachtach dlí maidir le hiallach a chur ar chorporáidí agus comhlachtaí ola cloí le Comhaontú Pháras agus iad a bheith faoi dhlíteanas as a n-astaíochtaí CO₂. Meastar go spreagfaidh sé sin an-chuid cásanna dlí in aghaidh truaillitheoirí móra eile.




Ba in 2020 a tháinig tús feidhme leis na gealltanais a rinneadh faoi Chomhaontú Pháras, agus mar sin measfar go mbeidh cásanna dlí éagsúla eile ann amach anseo. Is dócha go méadóidh líon na gcásanna in aghaidh corparáidí eile, agus institiúidí airgeadais agus infheisteoirí san áireamh, de réir mar a dhéanfaidh pobail agus scairshealbhóirí iarracht iad a choinneáil cuntasach as maolú a dhéanamh ar an athrú aeráide. D'fhéadfaí cásanna dlí amach anseo a bhunú ar cheisteanna maidir le hoiriúint don athrú aeráide agus seasmhacht ina leith, go háirithe i ndiaidh tubaistí aeráide, ar nós na dtinte móra (falscáithe) a tharla san Astráil in 2021.

I dtuarascáil 2022 ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), leag eolaithe aeráide béim air gurb iad Meiriceá Thuaidh agus an Eoraip is mó a chuireann le meath na haeráide, agus gurb iad is cúis le formhór na n-astaíochtaí carbóin ón uair a tharla an réabhlóid thionsclaíoch. Go bunúsach, forógra a bhí sa tuarascáil sin go bhfuil sé in am deireadh a chur le ré na mbreoslaí iontaise. Ghlac 195 bhallstát le tuarascáil na bliana 2022, agus is tacaíocht í don dlíthíocht aeráide mar uirlis ghníomhaíochta ar son na haeráide, rud a fhágann go bhfuil an-argóint ann anois ar son an dlí a úsáid le haghaidh gníomhaíochta ar son na haeráide.



Ag smaoineamh ar na Spriocanna Domhanda

Ba in 2015 a glacadh Comhaontú Aeráide Pháras agus Clár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe, a bhfuil cuspóirí acu atá nasctha go dlúth lena chéile. Cé gur gá aghaidh a thabhairt ar gach ceann de na 17 Sprioc Dhomhanda le chéile, mar gheall ar scála na rioscaí a bhaineann le cliseadh aeráide agus na hathruithe is gá a dhéanamh, meastar gurb é an gníomhú ar son na haeráide an rud is práinní atá le déanamh. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach príomhspríoc Chomhaontú Aeráide Pháras 2015 a bhaint amach – an meánardú ar theocht an domhain a choinneáil i bhfad faoi bhun 2 céim agus chomh gar agus is féidir do 1.5 céim os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch – chun na Spriocanna Domhanda eile a bhaint amach.





Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD) agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL)

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1, 1.6, 1.7, 1.8, 2.4, 2.8, 2.9, 3.5, 3.7 agus 3.9

Is é an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, ar a dtugtar an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD) freisin, bunús chóras na gceart daonna san Eoraip. In 1950 a dhréachtaigh Comhairle na hEorpa é agus tá sé i bhfeidhm ó bhí 1953 ann. Ba é an chéad chonradh réigiúnach é a raibh sé i gceist leis cearta an duine, an daonlathas agus riail an dlí a chosaint. Tá an Coinbhinsiún sínithe ag gach ceann de 47 mballstát Chomhairle na hEorpa, agus Éire san áireamh. Buadh cás aeráide Urgenda san Ísiltír, a bhfuil cur síos air thuas, ar bhonn argóintí a bhain le hAirteagal 2 (an ceart chun beatha) agus Airteagal 8 (an ceart chun meas ar an saol teaghlaigh agus an saol príobháideach) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Samhlaigh go bhfuil tú ag réiteach cás aeráide bunaithe ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Téigh chuig leagan na bpáistí den Choinbhinsiún sin (féach na Naisc) agus roghnaigh na hairteagail a mbunófa do chás orthu. Is féidir leat na hairteagail a roghnú ag brath ar cén cheann den dá cheannteideal seo is fearr a oireann dóibh: (1) cearta a mbíonn tionchar ag an gcliseadh aeráide orthu agus (2) cearta a bhfuil dualgas ar rialtais iad a urramú agus cloí leo toisc gur ‘comhlachtaí stáit’ iad.

Cás Eisceachtúil

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1, 1.5, 1.7, 2.4, 2.8, 2.9, 3.5, 3.7, 3.8 agus 3.9

Féach ar GLAN (2020), ‘*Climate case filed with European Court of Human Rights by Portuguese young people against 33 states*’ (1.44 nóiméad) (féach na Naisc). Féach ar Chomhairle na hEorpa (2020) ‘*How are your human rights protected?*’ (1.28 nóiméad) (féach na Naisc).

Is iondúil a chaithfidh daoine a gcás a thabhairt os comhair cúirte ina dtír féin ar dtús, sula dtugtar cás os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Ní mar sin atá más rud é nach bhfuil aon réiteach feiliúnach ar fáil ag a dtír féin do na daoine sin.

Téigh chuig leathanach ‘The Case’ ar shuíomh gréasáin Global Legal Action Network (GLAN) (féach na Naisc) agus feicfidh tú an dá chúis a gcreideann GLAN agus a seisear cliant Phortaingéalach gur eisceacht dá leithéid é a gcás féin.

Litir chuig Sofia

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1, 1.5, 1.7, 2.4, 2.9, 2.10 agus 3.5; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Tá Sofia Oliveira ar dhuine den seisear óg sa Phortaingéil a thug an cás os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Léigh an tras-scríbhinn ar agallamh le Sofia (féach na Naisc), agus tabhair aird ar leith ar an gcur síos a dhéanann Sofia ar an gcaoi a motháíonn sí faoin rud atá ag tarlú.

I do rogha teanga, scríobh litir chuig Sofia – inis di céard a cheapann tú agus céard a mhothaíonn tú faoin athrú aeráide, cuid de na gníomhartha ar son na haeráide atá déanta agat féin nó atá beartaithe agat a dhéanamh, agus céard atá súil agat a tharlóidh amach anseo. Ba chóir na rudaí seo a leanas a bheith i do litir: d’ainm agus eolas teagmhála, ainm agus seoladh an fhaighteora (úsáid an seoladh atá ar shuíomh gréasáin GLAN – féach na Naisc), an dáta, beannú ag tús agus deiridh na litreach, agus do shíniú.



Cás Aeráide – Amlíne

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.6, 1.7, 1.8, 1.9, 2.4, 2.8, 2.9, 3.5, 3.7, 3.8 agus 3.9

Breathnaigh ar amlíne an cháis aeráide a thionscain seisear óg ón bPortaingéil in aghaidh 33 stát (féach na Naisc). Más gá, déan taighde breise ar líne agus cuir tuilleadh leis an amlíne.

Déan taighde ar cheann de na cásanna aeráide a luaitear thíos, nó ar cheann eile de do rogha féin (féach na Naisc).

Ullmhaigh amlíne don chás aeráide a roghnaigh tú:

- Tuairimí Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine maidir le Teachtaireacht Teitiota (An Nua-Shéalainn)
- Future Generations v. An Aireacht Chomhshaoil agus Páirtithe Eile (An Cholóim)
- Cairde Chomhshaoil na hÉireann v. An Stát (Éire)

Túslíne an Athraithe Aeráide

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1, 1.5, 2.1, 2.4, 2.5, 2.8, 2.9, 2.10, 2.11 agus 3.5

Achar 810 ciliméadar cearnach atá i gCiribeas, agus é scaipthe thar 35 atall/oileán i réigiúin aigéin 3.6 milliún ciliméadar cearnach. Bhí Anote Tong ina uachtarán ar Chiribeas ó 2003 go 2016. Le linn an ama sin, bhí sé ag obair gan staonadh chun bealaí a aimsiú lena thír, a mhuintir, a gcultúr (atá 4,000 bliain ar an bhfód) agus a mbealach maireachtála a shábháil ó ardú na farraige, rud arb é an t-athrú aeráide is cúis leis. Sa deireadh d’eagraigh sé go gceannófaí talamh i bhFidsí chun réiteach i gcomhair an lae a bheadh ar mhuintir na n-oileán a mbaile a thréigean. Sa tréimhse roimh Chomhaontú Aeráide Pháras in 2015, bhí an tUachtarán Tong ag áitiú ar cheannairí an domhain páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht.

Breathnaigh ar an mblaisín de ‘Anote’s Ark’ (2.09 nóiméad) (féach na Naisc).

- Cuardaigh ar líne le haghaidh léarscáil den domhan ar a dtaispeántar Ciribeas agus oileáin bheaga eile ar Stáit i mBéal Forbartha iad.
- Scríobh síos nó pléigh ar a laghad 3 chosúlacht idir Éire agus oileáin bheaga dá leithéid. Scríobh síos nó pléigh ar a laghad 2 dhifríocht idir Éire agus oileáin bheaga dá leithéid.
- Scríobh síos nó pléigh gníomh amháin is féidir le rialtas na hÉireann, gnólachtaí, na meáin agus pobail in Éirinn a dhéanamh chun tacú leis na hoileáin bheaga sin.

Coinbhinsiún na Ginéive

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1 agus 2.9

Féach ar CBS (2020) ‘Creating the world’s first climate refugees’ (8.06 nóiméad).

I gCoinbhinsiún na Ginéive 1951, tugtar an sainmhíniú seo a leanas ar dhéanaí: duine a bhfuil cúis mhaith aige eagla a bheith air go bhfuil sé i mbaol géarleanúna mar gheall ar chine, reiligiún, náisiúntacht nó ballraíocht i ngrúpa sóisialta ar leith, nó mar gheall go bhfuil tuairim pholaitiúil ar leith aige, atá lasmuigh dá thír náisiúntachta agus nach bhfuil in ann leas a bhaint as cosaint na tíre sin, nó nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin mar gheall ar an eagla sin a bheith air [aistrithe ón mBéarla].

Téigí ag obair in bhur mbeirteanna chun an sainmhíniú sin a chur in bhur bhfocail féin ionas go mbeidh daoine a cuireadh óna mbaile mar gheall ar chliseadh aeráide san áireamh ann.



An tAthru Aeráide agus an Fholláine


Bainteach le Torthaí Foghlama 2.9 agus 3.8; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Sa suirbhé 'Buairt faoin Aeráid' in 2021, a rinneadh in 10 dtír, cuireadh ceist ar 10,000 duine óg idir 16 agus 25 bliana d'aois faoin athru aeráide agus faoi fhreagairtí an rialtais air. D'fhéadfadh ról a bheith ag an gcineál sin taighde i gcásanna dlí faoin aeráid ós rud é gur féidir leis na torthaí fianaise a thabhairt maidir le ciapadh intinne faoin dlí a bhaineann le cearta an duine.

Úsáid Google/Microsoft Forms, Mentimetre (nó a leithéid) chun na ceisteanna sa ghrafaic faisnéise seo thíos a athchruthú, agus cuir ceist nó dhó breise leo faoin gcaoi a ndéileálann daoine le buairt faoin aeráid.

Iarr ar dhaoine óga i do bhliainghrúpa, ar scoil, nó i do phobal áitiúil an suirbhé a líonadh isteach. Déan comparáid idir torthaí do shuirbhé agus na torthaí sa ghrafaic faisnéise thíos.

Inis do na daoine a d'fhreagair an suirbhé faoin gcomparáid sin agus inis dóibh do chuid smaointe maidir le conas déileáil leis an mbuairt faoin aeráid.





Rabhadh Sláinte

Bainteach le Torthaí Foghlama 2.9 agus 2.11; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Bíonn droch-aer á análú ag breis is 90% de na daoine ar domhan mar gheall go ndóitear breoslaí iontaise. Is tapa ná riamh a scaipeann na muiscítí galair, agus scaipeann siad thar achar níos mó iad, mar gheall go bhfuil an domhan ag téamh. Mar gheall ar bhabhtaí adhairsire (aimsir uafásach), díghrádú talún agus ganntanas uisce, spreagtar coimhlintí, cuirtear daoine óna n-áiteanna cónaithe (easáitiú a thugtar air sin) agus déantar dochar don tsláinte. Tá truailliú agus plaistigh ag bun na n-aigéan is doimhne agus ar na sléibhte is airde, agus tá siad sa slabhra bia. Mar gheall ar bhianna agus deochanna an-phróiseáilte, neamhfholáine, cuireann daoine suas meáchan mór agus faigheann níos mó daoine ailse agus galar croí. Anuas air sin, is iad na córais táirgthe bia sin is cúis leis na tríú cuid de na hastaíochtaí ar domhan.

- Téigí ag obair le chéile in bhur ngrúpaí beaga chun rabhadh sláinte, mar a bhíonn ar tháirgí tobac, a scríobh faoi na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide atá ag tarlú mar gheall ar ghníomhaíochtaí an duine. Tabhair aird ar an mbaol a bhaineann le leanúint de bhreoslaí iontaise a eastóscadh agus a dhó.
- Cuirigí na rabhaidh shláinte i láthair múinteoirí sa scoil agus iarr orthu a dtuairimí a thabhairt faoi cé acu an spreagann na rabhaidh sin stíl mhaireachtála níos inbhuanaithe agus níos sláintiúla nó nach bhfuil aon mhaith leo. Más é a bhfreagra nach mbíonn na rabhaidh sin éifeachtach, iarr orthu a gcuid smaointe a thabhairt maidir le conas a chur ina luí ar dhaoine gníomhú ar son na haeráide.

Liosta Cúiseanna Dóchais

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1 agus 2.1

Rud amháin is féidir a dhéanamh chun misneach a ghlacadh is ea liosta a dhéanamh. Scríobh síos cúig chúis dóchais atá agat don am atá le teacht, ó thaobh na haeráide de. Nuair a bheidh cúig rud scríofa síos agat, cuimhnigh gur láithreach bonn an uair is fearr le gníomh a dhéanamh.

Bréagthriail

Bainteach le Torthaí Foghlama 3.7 agus 3.9; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Agus tú ag tarraingt ar gach rud atá foghlamtha agat sa chuid seo, eagraigh bréagthriail (cúirt áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta) faoi cheist chomhshaoil a bhfuil imní ar dhaoine fúithi ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta nó domhanda, agus glac páirt inti. (Féach na Naisc le haghaidh acmhainní i gcomhair na bréagthriailach).



Gníomhaíocht ar son na hAeráide

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1, 1.2, 2.4, 2.5, 2.8 agus 2.9; deis tabhairt faoi Ghníomh Saoránachta

Níl sa dlí ach bealach amháin chun gníomh a dhéanamh in aghaidh cliseadh aeráide. Scríobh Emtithal (Emi) Mahmoud, Ambasadóir Dea-thola do UNHCR agus duine d'fhill móra an domhain, dán in Araibis, 'Di Baladna' (Ár dTalamh), tar éis di labhairt le dídeanaithe atá ag cur fúthu i gceantair atá buailte go mór ag an ngéarchéim aeráide sa Bhanglaidéis, i gCamarún agus san Iordáin. Tá na dídeanaithe sin i measc na milliúin daoine easáitithe agus daoine gan stát a bhfuil cónaí orthu i gceantair atá i mbaol mar gheall ar an athrú aeráide, agus atá ag déanamh iarracht iad féin a chur in oiriúint do chúinsí atá ag éirí níos achrannaí, in ainneoin gan ach acmhainní teoranta a bheith acu.

Breathnaigh ar Emtithal Mahmoud (2022) *'Di Baladna (Our Land)'* (5.13 nóiméad) (féach na Naisc).

Agus tú ag breathnú ar an bhfíseán, tabhair faoi deara na bealaí éagsúla a bhfuil na daoine a léirítear ann ag gníomhú chun an domhan a chosaint agus ag gníomhú ar son na haeráide. Bealaí eile chun gníomh a dhéanamh is ea: fanacht ar an eolas, feasacht a mhúscailt, agóid phoiblí, dul i dteagmháil le polaiteoirí/na meáin, do chuid torthaí, luibheanna nó glasraí féin a fhás, tomhaltas pearsanta (fuinneamh, iompar, bia agus go háirithe feoil, uisce, pacáistíocht) a laghdú, tacú le gnóilachtaí inbhuanaithe, bainc, comhlachtaí árachais agus comhlachtaí pinsin atá neamhdhíobhálach don aeráid a roghnú, obair dheonach a dhéanamh le tionscnaimh agus feachtais eolaíochta saoránach nó cinn a bhíonn ag gníomhú ar son na haeráide, agus araile.

- Déan taighde faoi cheann de na cineálacha gníomhaíochta aeráide sin, nó faoi chineál éigin eile.
- Labhair leis an rang faoi na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an ngníomhaíocht aeráide a roghnaigh tú.
- Glac páirt i bplé ranga faoin ngá atá leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide ar gach leibhéal den tschoil.

Éagsúlacht i mbun Gnímh

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1, 2.4, 2.5 agus 2.9

Téigí ag obair le chéile in bhur ngrúpaí beaga chun próifíl a dhéanamh de ghrúpa éagsúil gníomhaithe óga aeráide ó gach cearn den domhan. Mar shampla: Autumn Peltier (Stáit Aontaithe Mheiriceá), Disha Ravi (An India), Kelo Uchendu (An Nigéir), Lesein Mutunkei (An Chéinia), Livia Pinaso (An Bhrasaíl), Qiyun Woo (Singeapór), Vanessa Nakate (Uganda).

Wordle

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.11, 2.12 agus 3.14

Agus sibh ag obair in bhur mbeirteanna, déanaigí Wordle atá bunaithe ar fhocail a d'fhoghlaim sibh ó na gníomhaíochtaí sa chuid seo (féach na Naisc).

Babhtálaigí le grúpa eile iad agus déanaigí iarracht na cinn a rinne beirt eile a réiteach.



Pictiúr | Póstaer | Dán

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.11, 2.12 agus 3.14

Téigí ina ngrúpaí beaga chun plé a dhéanamh faoi na rudaí a d'fhoghlaim sibh sa rannán seo.

Cuirigí i láthair na príomhphointí ón bplé le pictiúr, póstaer, nó dán.

Cuirigí an pictiúr, an póstaer, nó an dán sin ar taispeáint ar bhalla an tseomra ranga.



Naisc Úsáideacha

An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus CNACL

- Leagan simplithe de CNACL ó UNICEF:
<https://d21ipp77gdifnw.cloudfront.net/app/uploads/2021/11/7.-CRC-double-sided-poster-A2-size.pdf>
- Eolas faoi CNACL agus faoin gcomhshaol:
<https://www.unep.org/resources/other-evaluation-reportsdocuments/childrens-rights-and-environment>

Cás Eisceachtúil

- GLAN (2020), 'Climate case filed with European Court of Human Rights by Portuguese young people against 33 states' (1.44 nóiméad):
<https://www.youtube.com/watch?v=l1PQakoXz-0&t=99s>
- Comhairle na hEorpa (2020) 'How are your human rights protected?' (1.28 nóiméad):
<https://www.facebook.com/councilofeurope/videos/how-are-your-human-rights-protected/395088738367677/>
- An leathanach 'The Case' ar shuíomh gréasáin Global Legal Action Network (GLAN):
<https://youth4climatejustice.org/the-case/>

Litir chuig Sofia

- Tras-scríbhinn an agallaimh le Sofia Oliveira: :
<https://www.theguardian.com/environment/2021/may/07/the-young-people-taking-their-countries-to-court-over-climate-inaction>

Cás Aeráide – Amlíne

- Cáil aeráide – amlíne: <https://youth4climatejustice.org/>
- Cás-staidéir faoi chásanna dlí a bhaineann leis an athrú aeráide: <http://climatecasechart.com/climate-change-litigation/non-us-climate-change-litigation/>

Túslíne na haeráide

- EyeSteelFilm (2018) blaisín de 'Anot's Ark' trailer (2.09 nóiméad):
https://www.youtube.com/watch?v=UE2_maYEqF8

Bréagthriail

- Acmhainní don bhréagthriail:
<https://www.courts.ie/the-mock-trial>



Gníomhaíocht ar son na haeráide

- Emtithal Mahmoud (2022) 'Di Baladna (Our Land)' (5.13 nóiméad):
<https://www.youtube.com/watch?v=n5N9HYMfDUU&t=311s>
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide – *Climate Action, what you can do in your community*:
<https://www.gov.ie/en/publication/climate-action-community/>
- Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe – *Act Now, Speak Up*:
<https://www.unep.org/interactives/things-you-can-do-climate-emergency/>
- Na Náisiúin Aontaithe, *The Lazy Person's Guide to Saving the World*:
<https://www.un.org/sustainabledevelopment/takeaction/>

Wordle

- Déan do Wordle féin: <https://mywordle.strivemath.com/>

Is féidir le duine ar bith difríocht a dhéanamh.

Is gníomhaí comhshaoil Sualannach í Greta Thunberg (2003-) a théann i ngleic leis an athrú aeráide trí dhúshlán cheannairí an domhain a chur.

Is aisteach an domhan é más rud é go gcaithfidh páistí a gcuid oideachais féin a thréigean chun agóid a dhéanamh ionas nach scriosfar a saol amach anseo. Is domhan é inarb iad na daoine ar lú an bhaint a bhí acu leis an ngéarchéim seo is mó a bheidh thíos léi.

Greta Thunberg

NÓTAÍ

NÓTAÍ

BÍ GNÍOMHACH/BÍ PÁIRTEACH

Feasacht

- Tá sé iontach tábhachtach feasacht a mhúscailt ionas go mbeidh na scoláirí réamhghníomhach, rannpháirteach agus freagrach ó thaobh na sochaí de.
- Ní mór scoláirí a spreagadh chun gníomhú ar bhealach eolach, rud a chothaíonn tuiscint níos fearr ar dhlúthpháirtíocht, ar chomhbhá agus ar fhreagracht.
- Seo a leanas roinnt samplaí de bhealaí chun feasacht a mhúscailt: foghlaim ó scoláirí eile, a bheith páirteach sna meáin, taispeántais agus tionóil ar théama an cheartais dhomhanda.
- Féach ar **Threoirleabhar WWGS do Mhúinteoirí** le haghaidh tuilleadh sonraí agus moltaí maidir le conas is féidir leatsa agus le do scoláirí feasacht a mhúscailt sa scoil agus sa phobal maidir le ceisteanna ceartais dhomhanda.



Gníomhú

- Sa chéim ghnímh den phróiseas OSD, is féidir le foghlaimoirí réitigh a chur i bhfeidhm agus a bheith ag obair chun athrú fiúntach a dhéanamh.
- Ionas go mbeidh fiúntas ag baint le hathrú, ní mór cuspóir a bheith leis agus éifeacht a bheith aige. Mar sin, ní mór clár oibre a leagan síos, a bheith meáite ar thoradh a bhaint amach, agus smaoineamh ar ghníomh a bhfuil impleachtaí dearfacha aige don phobal áitiúil agus/nó domhanda.
- Féach ar an **Treoirleabhar do Mhúinteoirí** le haghaidh tuilleadh sonraí agus moltaí maidir le conas is féidir leatsa agus leis na scoláirí a bheith ag obair chun athrú fiúntach a dhéanamh. Tá **'Foireann Uirlisí i gcomhair Plean Gníomhaíochta'** sa Treoirleabhar do Mhúinteoirí ina bhfuil leideanna maidir le smaoineamh ar ghníomhartha fiúntacha a bhaineann le fadhbanna ceartais dhomhanda. Tá roinnt smaointe ann freisin a bhaineann le feasacht a mhúscailt agus gníomhartha a dhéanamh.



Tá Worldwide Global Schools buíoch as an gcúnamh agus an tacaíocht a fuair sé ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus an acmhainn seo á cur le chéile aige.

WorldWise Global Schools (WWGS)

Is é Worldwise Global Schools (atá faoi chúram Chúnamh Éireann) an clár náisiúnta tacaíochta don Oideachas Saoránachta Domhanda ar leibhéal na meánscoileanna. Is ann a gheofar maoiniú, acmhainní agus treoir do mhúinteoirí meánscoile agus do na meánscoileanna féin chun dul i mbun an Oideachais Forbartha.



Tacaíochtaí agus Acmhainní ó WWGS

- **Oifigigh Oideachais WWGS**

Sanntar Oifigeach Oideachais do gach scoil atá páirteach i gclár WWGS. Bíonn an tOifigeach ar fáil chun treoir agus cúnamh a thabhairt i rith na scoilbhliana. Téigh chuig ár suíomh gréasáin chun féachaint cén tOifigeach Oideachais atá i bhfeighil do chontae féin agus conas teagmháil a dhéanamh linn.

<https://www.worldwiseschools.ie/support/>

- **Clár WWGS i gcomhair Ghradam an Phas Dhomhanda**

Is uirlis rithábachtach atá ag WWGS é Clár Ghradam an Phas Dhomhanda chun tacú le scoileanna agus iad ag plé leis an Oideachas Saoránachta Domhanda. Dhá chuspóir atá ag an Gradaim: is uirlis phleanála iad agus is bealach iad chun aitheantas a thabhairt don dea-chleachtas san Oideachas Saoránachta Domhanda. Féach an achoimre ar an gcéad leathanach eile agus téigh chuig ar ár suíomh gréasáin le haghaidh tuilleadh eolais: <https://www.worldwiseschools.ie/global-passport/>

- **Oiliúint agus Ceardlanna WWGS do Mhúinteoirí**

Cuireann WWGS seisiúin oiliúna shaincheaptha faoin tSaoránacht Dhomhanda ar bun do scoileanna atá ag tabhairt faoin gclár den chéad uair agus do scoileanna atá ag obair linn le tamall. Níl aon chostas ag baint leo. Féach ar ár suíomh gréasáin <https://www.worldwiseschools.ie/training-and-events/> nó déan teagmháil leis an Oifigeach Oideachais i do réigiún féin le haghaidh tuilleadh eolais.

- **Leabharlann Acmhainní WWGS**

Brabhsáil an leabharlann acmhainní teagaisc agus foghlama, ina bhfuil taifid ar sheisiúin oiliúna WWGS, an Treoirleabhar do Mhúinteoirí, teoracha a bhaineann le hábhair éagsúla agus ceachtanna ar théamaí éagsúla a bhaineann le OSD agus leis na Spriocanna Domhanda.

<https://www.worldwiseschools.ie/resource-library/>

- **Acmhainní OSSP ó WWGS**

Tá tuilleadh acmhainní agus ábhar OSSP don tSraith Shóisearach ag an nasc seo:

<https://www.worldwiseschools.ie/resource-library/cspe/>

Tuilleadh acmhainní OSSP – Scan anseo ►



- **Téamaí agus cineálacha cur chuige OSD ó eagraíochtaí eile seachas WWGS**

Tá acmhainní chun tacú le múineadh agus foghlaim OSD le fáil ar shuíomhanna gréasáin neamhrialtasacha ar leith ar nós www.developmenteducation.ie, ina bhfuil leabharlann fairsing acmhainní a bhfuil nótaí ag gabháil leo.



Gradam an Phas Dhomhanda

CLÁRAIGÍ
ANOIS!

CAD É AN PAS DOMHANDA?

The Global Passport Award is a Development Education (DE) quality mark, which offers schools a framework to integrate DE into their teaching and learning.

It is a self-assessed and externally-audited accreditation for DE that is open to all post primary schools in the Republic of Ireland.

CÉN TAIRBHE ATÁ LE BAINN AS?

- Comhartha cáilíochta don scoil san Oideachas Forbartha, a ndéantar iniúchadh seachtrach air
- Bailíochtú a dhéanamh ar an obair atá ar bun ag an scoil i réimse an Oideachais Forbartha, agus aitheantas don obair sin
- Spás do na scoláirí chun fadhbanna áitiúla agus fadhbanna domhanda a scrúdú agus aghaidh a thabhairt orthu
- An deis cur le hiomrá na scoile tríd an Oideachas Forbartha a chur i láthair agus a cheiliúradh

CÉARD ATÁ I GCEIST?

Féachfaidh sibh ar leibhéal gníomhaíochta na scoile san Oideachas Forbartha i sé chatagóir (Stampaí an Phas Dhomhanda) agus tabharfaidh sibh samplaí den obair atá ar bun agaibh i ngach réimse díobh sin. Beidh an Pas Domhanda (a bhfuil trí chineál díobh ann) a bhronnfar oraibh ag brath ar an scór iomlán a bhainfear amach i ngach ceann de na 6 stampa.

CÉARD IAD NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ AR FÁIL?

Tá tacaíocht ar fáil ó WWGS chun cuidiú le scoileanna an Pas Domhanda a bhaint amach:

- Ceardlanna agus cuairteanna tacaíochta
- Tacaíocht ar an teiléafón agus ar an ríomhphost
- Acmhainní, teoracha agus samplaí praiticiúla atá curtha in oiriúint do gach ceann de na stampaí

GRADAIM

Tá trí chineál éagsúla Pas Dhomhanda ar féidir libh iarratas a dhéanamh orthu ag brath ar leibhéal rannpháirtíochta na scoile leis an Oideachas Saoránachta Domhanda:



Pas na Saoránach

lena n-aghaidh siúd atá ag tosú ar an rannpháirtíocht le OSD



Pas Taidhleoireachta

i gcomhair rannpháirtíocht sheanbhunaithe le OSD




Pas Speisialta

i gcomhair rannpháirtíocht den chéad scoth le OSD

CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH

I gcomhair tuilleadh eolais nó chun bheith páirteach sa scéim, cláraigh linn ar líne ag www.worldwiseschools.ie nó seol ríomhphost chuig global.passport@worldwiseschools.ie



Le haghaidh tuilleadh eolais faoi
WorldWise Global Schools agus faoi
na deiseanna atá ar fáil faoin gclár do
scoláirí, múinteoirí agus scoileanna chun
gabháil don Oideachas Saoránachta
Domhanda, téigh go dtí an suíomh
gréasáin **www.worldwiseschools.ie**

Lean muid:

-  WorldWiseGlobalSchools
-  @WorldWise_Irl
-  @global_citizenship_education
-  worldwiseschools.ie

Déan teagmháil le foireann WorldWise Global Schools

Tá foireann WorldWise Global Schools ar fáil chun comhairle a chur oraibh agus treoir, oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil faoin Oideachas Saoránachta Domhanda in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

WorldWise Global Schools, Teach Dhroichead an Rí, 17-22 Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8
www.worldwiseschools.ie | **Ríomhphost.** info@worldwiseschools.ie | **Teil.** 01 685 2078



Tá WorldWise Global Schools á chur
i bhfeidhm ag cuibhreannas ina bhfuil
Self Help Africa, Concern Worldwide
agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim
de chuid Bhord Oideachais agus
Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

